COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

An Bhruiséil, 15 Aibreán 2014
(OR. en)

9033/14

PUBLIC 70
INF 125

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | ACHOIMRE MHÍOSÚIL AR GHNÍOMHARTHA NA COMHAIRLE NOLLAIG 2013 |

Liostaítear sa doiciméad seo na gníomhartha a ghlac an Chomhairle i mí na Nollag 2013.[1] [2]

Tá faisnéis ann maidir le glacadh gníomhartha reachtacha, lena n-áirítear:

- an dáta ar glacadh an gníomh,
- an seisiún ábhartha den Chomhairle,
- uimhir an doiciméid a glacadh,
- an tagairt san Iris Oifigiúil,
- na rialacha vótála is ábhartha, torthaí na vótála agus, i gcás inarb iomchuí, míniú na vótaí agus ráitis a foilsíodh i miontuairiscí na Comhairle.

[1] Ní áirítear gníomhartha ar leith a bhfuil raon feidhme teoranta acu amhail cinntí nós imeachta, ceapacháin, cinntí ó chomhlachtaí a bunaíodh trí chomhaontuithe idirnáisiúnta, sainchinntí buiséadacha, srl.

[2] I gcás gníomhartha reachtacha a glacadh tríd an ngnáthnós imeachta reachtach, d'fhéadfadh difríocht bheith ann idir an dáta ar reáchtáladh cruinniú na Comhairle inar glacadh an gníomh reachtach agus dáta an ghnímh atá i gceist, ó tharla nach meastar gur glacadh gníomhartha reachtacha a glacadh tríd an ngnáthnós imeachta reachtach go dtí go síníonn Uachtarán na Comhairle agus Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Ardrúnaithe an dá institiúid sin iad.

Tá faisnéis sa doiciméad seo maidir le glacadh gníomhartha neamhreachtacha a chinn an Chomhairle a sholáthar go poiblí freisin.

Tá an doiciméad seo ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle freisin ag:
http://consilium.europa.eu/documents/legislative-transparency/monthly-summaries-of-council-acts?lang=ga

Féadfar doiciméid a liostaítear san achoimre a fháil ón gclár poiblí de dhoiciméid na Comhairle ag:
http://consilium.europa.eu/documents/access-to-council-documents-public-register?lang=ga

Ba cheart go dtabharfaí ar aird gur mar fhaisnéis amháin a chuirtear an doiciméad seo ar fáil - is iad miontuairiscí na Comhairle amháin atá barántúil. Tá na miontuairiscí ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle ag:
http://consilium.europa.eu/documents/legislative-transparency/council-minutes?lang=ga

| FAISNÉIS FAOI NA GNÍOMHARTHA A GHLAC AN CHOMHAIRLE I MÍ NA NOLLAG 2013 | | | |
|---|---|---|---|
| **An 3276ú cruinniú de chuid CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH (Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Taighde agus an Spás)) a tionóladh sa Bhruiséil an 2 agus an 3 Nollaig 2013** | | | |
| GNÍOMHARTHA REACHTACHA | | | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD | RIAIL VÓTÁLA | VÓTAÍ |
| Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 884-891 | 11791/13 REV 7 | Aontoilíocht | Na Ballstáit uile i bhfabhar |
| Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar i dtaca le hábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistiú fónta airgeadais | 11838/13 | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach |

**Dearbhú Comhpháirteach maidir le hAcmhainní Dílse**

1. De réir Airteagal 311 CFAE, cuirfidh an tAontas ar fáil dó féin na meáin is gá chun a chuspóirí a bhaint amach agus a bheartais a chur is gcrích; leagtar síos leis freisin go ndéanfar an buiséad a mhaoiniú go hiomlán ó acmhainní dílse, gan dochar d'ioncam eile. In Airteagal 311 al. 3, cuirtear in iúl go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh maidir le córas na n-acmhainní dílse, ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, agus go bhféadfaidh an Chomhairle, sa chomhthéacs sin, catagóirí nua d'acmhainní dílse a bhunú nó catagóir atá ann cheana a dhíothú.

2. Ar an mbonn sin, i mí Iúil 2011 chuir an Coimisiún tacar tograí i láthair chun córas Acmhainní Dílse an Aontais a athchóiriú. Ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle Eorpach an 7/8 Feabhra, chomhaontaigh sí gur cheart go mbeadh socruithe na nAcmhainní Dílse faoi threoir ag cuspóir foriomlán na simplíochta, na trédhearcachta agus an chothromais. Fairis sin, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle leanúint d'obair a dhéanamh ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh acmhainne dílse nua bunaithe ar cháin bhreisluacha (CBL). D'iarr sí ar na Ballstáit atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe i réimse na cánach ar idirbhearta airgeadais (FTT) freisin, a fhiosrú arbh fhéidir an cháin sin a bheith ina bhunús d'acmhainn dhílis nua do bhuiséad AE.

3. Tá gá le tuilleadh oibre ar an gceist faoi acmhainní dílse. Chuige sin, tionólfar Grúpa ardleibhéil ar a mbeidh comhaltaí a cheapfaidh na trí institiúidí. Cuirfear san áireamh ionchur atá ann cheana nó ionchur a thiocfaidh a d'fhéadfadh na trí institiúidí Eorpacha agus na Parlaimintí Náisiúnta a thabhairt. Ba cheart go dtarraingeoidh sé ar shaineolas iomchuí, lena n-áirítear ó údaráis náisiúnta buiséadacha agus údaráis náisiúnta fioscacha agus ó shaineolaithe neamhspleácha.

4. Tabharfaidh an Grúpa faoi athbhreithniú ginearálta ar chóras na nAcmhainní Dílse faoi threoir ag cuspóir iomlán na simplíochta, na trédhearcachta, an chothromais agus na cuntasachta daonlathaí. Beidh an chéad mheasúnú ar fáil ag deireadh na bliana 2014. Déanfar measúnú ar an obair ar an leibhéal polaitiúil trí chruinnithe rialta a reáchtáil ar a laghad uair amháin gach sé mhí.

5. Tabharfar cuireadh do Pharlaimintí Náisiúnta freastal ar chomhdháil idirinstitiúideach i rith 2016 chun measúnú a dhéanamh ar an obair sin.

6. Ar bhonn thorthaí na hoibre sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an tionscnaimh iomchuí iad tionscnaimh an nAcmhainní Dílse. Déanfar an measúnú sin go comhuaineach leis an athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán CAI ar mhaithe le hathchóirithe a d'fhéadfadh a bheith ann agus a mheasfar don tréimhse a chumhdaítear leis an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile.

| |
|---|
| **Dearbhú Comhpháirteach maidir le feabhas a chur ar éifeachtacht an chaiteachais phoiblí ó thaobh cúrsaí atá faoi réir ghníomhaíocht AE**<br>Comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún obair a dhéanamh le chéile agus coigilteas costais agus sineirgí níos fearr ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal Eorpach mar chuspóir ag an obair sin d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht an chaiteachais phoiblí ó thaobh cúrsaí atá faoi réir ghníomhaíocht AE. Chuige sin, bainfidh na hinstitiúidí leas, de réir mar is iomchuí leo, *inter alia*, as eolas faoi dhea-chleachtais, as malartú faisnéise agus as measúnú neamhspleách atá ar fáil. Ba cheart go mbeadh na torthaí ar fáil agus gurbhunús amháin a bheadh iontu don togra ón gCoimisiún don chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile. |
| **Dearbhú Comhpháirteach**<br>Comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go gcomhlánófar, de réir mar is iomchuí, eilimintí a fhreagraíonn don inscne sna nósanna imeachta buiséadacha bliantúla arna gcur i bhfeidhm do CAI 2014-2020, agus na bealaí ina rannchuidíonn creat foriomlán airgeadais an Aontais le comhionannas inscne níos fearr (agus ina n-áirithíonn sé príomhshruthú inscne) á gcur san áireamh. |
| **Dearbhú Comhpháirteach maidir le hAirteagal 15 den Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020**<br>Aontaíonn na hInstitiúidí an líon dá dtagraítear in Airteagal 15 den Rialachán ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go dtí 2020 a úsáid mar seo a leanas: EUR 2143 milliún d'Fhostaíocht don Aos Óg, EUR 200 milliún d'Fhís 2020, EUR 150 milliún d'Erasmus agus EUR 50 milliún do COSME. |
| **Dearbhú ón gCoimisiún Eorpach maidir le dearbhuithe náisiúnta bainistithe**<br>Sa rún urscaoilte ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Aibreán 2013, d'iarr sí teimpléad a bhunú le go n-eiseoidh na Ballstáit dearbhuithe náisiúnta bainistithe ar an leibhéal polaitiúil iomchuí. Tá an Coimisiún réidh chun scrúdú a dhéanamh ar an iarratas sin agus tá sé toilteanach iarraidh ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle páirt a ghlacadh i meitheal d'fhonn moltaí a eisiúint faoi dheireadh na bliana. |
| **Dearbhú ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an athbhreithniú**<br>I ndáil le forálacha Airteagal 2 RCAI, agus toradh an Athbhreithnithe á chur san áireamh, deimhníonn an Coimisiún go bhfuil sé ar intinn aige tograí reachtacha a chur isteach le go ndéanfar athbhreithniú ar Rialachán CAI. Sa chomhthéacs sin, tabharfaidh sé aird faoi leith ar fheidhmiú an chorrlaigh dhomhanda d'íocaíochtaí ionas go n-áiritheofar go mbeidh uasteorainn na n-íocaíochtaí foriomlána ar fáil i gcónaí le linn na tréimhse. Déanfaidh sé scrúdú ar éabhlóid an chorrlaigh dhomhanda faoi chomhair gealltanas. Tabharfaidh an Coimisiún ar aird freisin na ceanglais shonracha a bhaineann leis an gclár Fís 2020. Fiosróidh sé freisin a thograí le haghaidh an chéad CAI eile a ailíniú le timthriallacha polaitiúla na nInstitiúidí. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 – An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020), agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 104-173 | PE-CONS 67/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas:<br>Staonadh: AT, MT |
| Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh i "Fís 2020 - an Clár réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020)" agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 81-103 | PE-CONS 66/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas:<br>Staonadh: MT |

| **Baineann na ráitis seo a leanas leis an dá rialachán:** |
| --- |
| **Ráiteas ó Mhálta**<br>Cuireann Málta fáilte roimh an gCreatchlár Fís 2020 mar uirlis chun an Limistéar Taighde Eorpach a chur i gcrích agus chun Straitéis Tionscnaimh 2020 na hEorpa a chur chun feidhme, i ndáil le cumas tionscnaimh an Aontais, agus fáiltíonn sé freisin roimh na gealltanais a thugtar ann. Sa chomhthéacs seo, tá Málta lántiomanta agus go hiomlán rannpháirteach sa chaibidlíocht lena ndírítear ar chlár cuimsitheach a threorú faoin gClár Fís 2020 toisc go n-aithníonn an clár sin barrfheabhas agus toisc go dtacaíonn sé le féidearthachtaí sa réimse sin a chothú.<br>Agus sin ráite, ní féidir le Málta comhaontú le hincháilitheacht gníomhaíochtaí le haghaidh cistithe faoin gClár Réime Fís 2020 más gníomhaíochtaí iad lena scriosfar cealla sómacha daonna.<br>Tá Málta den tuairim freisin nach dtugann an cur chuige dá bhforáiltear sa Chlár Réime Fís 2020 aird go leor ar an acmhainneacht theiripeach atá ag gaschealla ó dhaoine fásta.<br>Fairis sin, creideann Málta nach mór cloí le prionsabal na coimhdeachta trí chistiú ar leibhéal AE a choimeád siar ó ghníomhaíochtaí taighde lena mbaineann ceisteanna atá ina mbunphrionsabail eiticiúla, ar bunphrionsabail éagsúla iad sna Ballstáit. |
| **Ráiteas ón Ostair maidir le Taighde ar Ghaschealla Suthacha Daonna**<br>Maidir le cistiú don taighde ar ghaschealla suthacha daonna ón gciste poiblí, tógann an Ostair seasamh soiléir, seasamh atá ar aon dul leis an tuairim uaithi faoi na 6ú agus 7ú Creatchláir Taighde AE.<br>Nuair a thugtar cistí ón gciste poiblí, ní mór cloí le caighdeáin arda eiticiúla. Tá an Ostair den tuairim nach mór tosaíocht iomlán a thabhairt don taighde ar ghaschealla ó dhaoine fásta sula dtugtar aon chistiú do thaighde a bhaineann le gaschealla suthacha. Sa bhreis air sin, i bhfianaise bhreithiúnais CEB a tugadh san idirlinn maidir le hinphaitinneacht na nósanna imeachta i ndáil le taighde ar ghaschealla suthacha, ní mór soiléiriú an gá fáil réidh le taighde den chineál sin mar phrionsabal. |
| **Ráiteas ón Ostair maidir le Taighde um Fhuinneamh**<br>I gcónaí molann an Ostair go dtabharfaí faoi thaighde maidir le measúnú a dhéanamh, faoin Rialachán seo, ar an bhféidearthacht go mbeifear in ann geilleagar a bhunú ar fhuinneamh nach dtagann ó chumhacht núicléach. Níor glacadh leis an moladh seo go fóill. |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Maidir le Clár Réime Fís 2020, molann an Coimisiún Eorpach leanúint ar aghaidh leis an gcreat eiticiúil céanna agus a bhí ann faoin Seachtú Clár Réime chun cinneadh a dhéanamh maidir le cistiú ó AE le haghaidh taighde ar ghaschealla suthacha daonna.

Molann an Coimisiún Eorpach leanúint leis an gcreat eitice seo, mar gur forbraíodh leis, bunaithe ar thaithí, cur chuige freagrach le haghaidh réimse eolaíochta lena mbaineann go leor deiseanna agus ar léiríodh cheana i dtaca leis go n-oibríonn sé go sásúil i gcomhthéacs cláir thaighde ina bhfuil taighdeoirí ó go leor tíortha a bhfuil staideanna rialála éagsúla acu ag glacadh páirte.

(1) Faoin gcinneadh maidir le Clár Réime Fís 2020, eisítear trí réimse taighde go sainráite ó chistiú ón gComhphobal:

- gníomhaíochtaí taighde a bhfuil sé mar aidhm acu daoine a chlónáil chun críocha atáirgthe;
- gníomhaíochtaí taighde atá ceaptha chun oidhreacht ghéiniteach an duine a mhodhnú a bhféadfadh athruithe inoidhreachta a bheith mar thoradh leo;
- gníomhaíochtaí taighde atá ceaptha chun suthanna daonna a chruthú ar mhaithe le taighde amháin nó d'fhonn gaschealla a sholáthar, lena n-áirítear trí núicléas cille sómaí a aistriú.

(2) Ní dhéanfar aon ghníomhaíocht atá toirmiscthe sna Ballstáit ar fad a chistiú. Ní dhéanfar aon ghníomhaíocht a chistiú i mBallstát ina bhfuil gníomhaíocht den chineál sin toirmiscthe.

(3) Maidir leis an gcreat rialála nó leis an gcreat eitice lena rialaítear taighde den chineál seo sna Ballstáit, ní breithiúnas fiúntais ar bhealach ar bith atá i gceist leis an gcinneadh maidir le Fís 2020 agus na forálacha maidir le creat eitice lena rialaítear cistiú ón gComhphobal i dtaca le taighde ar ghaschealla suthacha daonna.

(4) Agus tograí á ngairm aige, ní shireann an Coimisiún Eorpach úsáid gascheall suthach daonna go sainráite. Tá úsáid gascheall daonna, bíodh siad ina ngaschealla ó dhaoine fásta nó ina ngaschealla suthacha, más ann dóibh, ag brath ar bhreithiúnas na n-eolaithe maidir leis na cuspóirí ar mian leo a bhaint amach. Tá an chuid is mó de chistí an Chomhphobail le haghaidh taighde ar ghaschealla dírithe ar úsáid gascheall ó dhaoine fásta. Níl aon chúis ann go dtiocfadh athrú suntasach air seo in Fís 2020.

(5) Maidir le gach tionscadal a bhfuil sé mar aidhm aige gaschealla suthacha daonna a úsáid, ní mór go n-éireoidh go maith leo i measúnú eolaíochta agus i rith an mheasúnaithe sin déanfaidh saineolaithe neamhspleácha eolaíochta measúnú ar an ngá atá le gaschealla den chineál sin a úsáid d'fhonn na cuspóirí eolaíochta a bhaint amach.

(6) Cuirfear tograí a n-éireoidh go maith leo sa mheasúnú eolaíochta faoi dhian-athbhreithniú eitice a eagróidh an Coimisiún Eorpach ina dhiaidh sin. San athbhreithniú eitice seo, tugtar aird ar na prionsabail a léirítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an AE agus i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha amhail Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cearta an Duine agus leis an mBithleigheas a síníodh in Oviedo an 4 Aibreán 1997 agus na prótacail bhreise a ghabhann leis agus an Dearbhú Uilechoiteann maidir leis an nGéanóm Daonna agus le Cearta an Duine arna nglacadh ag UNESCO. Déantar seiceáil san athbhreithniú eitice chomh maith go n-urramaíonn na tograí rialacha na dtíortha ina gcuirfear an taighde ar bun.

(7) I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí seiceáil eitice a chur ar bun le linn shaolré an togra

(8) Ní mór do gach togra a bhfuil sé mar aidhm aige gaschealla suthacha daonna a úsáid formheas a iarraidh ón gcoiste eitice áitiúil nó náisiúnta ábhartha sula gcuirfear tús leis an tionscadal. Ní mór gach riail agus cur chuige náisiúnta a urramú, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le saincheisteanna amhail toiliú na dtuismitheoirí, gan mealladh airgeadais a bheith ann, srl. Seiceálfar an ndéanfar tagairt sa tionscadal do bhearta ceadúnaithe agus rialaithe a bheidh le déanamh ag údaráis inniúla an Bhallstáit ina gcuirfear an taighde ar bun. (9) Togra a n-éireoidh leis sa mheasúnú eolaíochta, sna hathbhreithnithe eitice náisiúnta nó áitiúla agus san athbhreithniú eitice Eorpach, cuirfear faoi bhráid na mBallstát é lena bhformheas, de réir gach cáis ar leith, ag teacht le chéile dóibh i bhfoirm coiste a ghníomhaíonn i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin. Ní dhéanfar aon tionscadal a bhaineann úsáid as gaschealla suthacha daonna nach bhfaigheann formheas ó na Ballstáit a chistiú.

(10) Leanfaidh an Coimisiún Eorpach lena chuid oibre maidir leis na torthaí a fhaightear ó thaighde ar ghaschealla cistithe ag an gComhphobal a chur ar fáil ar bhonn leathan do gach taighdeoir, ar mhaithe le gach othar i ngach tír.

(11) Tabharfaidh an Coimisiún Eorpach tacaíocht do ghníomhaíochtaí agus do thionscnaimh a chuidíonn le taighde ar ghaschealla suthacha daonna a chomhordú agus a réasúnú laistigh de chur chuige eiticiúil freagrach. Leanfaidh an Coimisiún, go háirithe, de thacaíocht a thabhairt do Chlárlann Eorpach le haghaidh línte gascheall suthach daonna. Ach tacaíocht a thabhairt do chlárlann den chineál sin, tabharfar cead d'fhaireachán ar ghaschealla suthacha daonna atá ann faoi láthair san Eoraip, cuirfear le húsáid na gceall sin ag eolaithe agus d'fhéadfadh sé cabhrú le díorthuithe neamhriachtanacha de línte nua gascheall a sheachaint.

(12) Leanfaidh an Coimisiún leis an gcleachtas reatha agus ní chuirfidh sé tograí le haghaidh tionscadal, a bhfuil gníomhaíochtaí taighde ina ndéanfar suthanna daonna a scriosadh, lena n-áirítear d'fhonn gaschealla a sholáthar, mar chuid díobh, a chur faoi bhráid an choiste ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin. Ní chuirfidh an t-eisiamh cistithe ar an gcéim seo den taighde cosc ar chistiú Comhphobail le haghaidh céimeanna eile a bhaineann le gaschealla suthacha daonna amach anseo.

| |
|---|
| **Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 5(7) den Chlár Sonrach**<br>Is mór is oth leis an gCoimisiún gur cuireadh mír 7 le hAirteagal 5, lenar tugadh isteach an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 maidir le deonú cúnaimh airgeadais ón Aontas ar na tionscadail nó ar chodanna de na tionscadail arna roghnú tar éis gach ghairm ar thograí ar bhonn na gclár oibre dá dtagraítear in Airteagal 5 den Chlár Sonrach maidir le Cur Chun Feidhme Fís 2020. Meabhraíonn an Coimisiún nár mhol sé an nós imeachta seo in aon cheann de na gníomhaíochtaí earnála faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI). Bhí sé mar aidhm aige seo cláir CAI a shimpliú ar mhaithe le faighteoirí cistiúcháin ón AE. Chuirfí luas faoin nós imeachta trí chinntí deontais a fhormheas gan grinnscrúdú coiste, agus leis sin laghdófaí an t-am deonaithe chun sochair faighteoirí agus sheachnófaí rómhaorlathas neamhriachtanach agus costas.<br>Ina theannta sin, meabhraíonn an Coimisiún gur cuid dá shainphribhléid institiúideach is ea cinntí deontais a dhéanamh a bhaineann le cur i gcrích an bhuiséid agus nár ceart, mar sin, é a glacadh tríd an nós imeachta coiste.<br>Measann an Coimisiún chomh maith nach féidir do chur isteach na míre seo a bheith mar fhasach d'ionstraimí cistiúcháin eile. |
| **Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis an Nuálaíocht a Thabhairt Chun Tosaigh**<br>Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún infheictheacht iomchuí a sholáthar i measc an phobail taighde agus nuálaíochta maidir leis an nuálaíocht a thabhairt chun tosaigh trí mhúscailt feasachta agus gníomhaíochtaí cumarsáide roimh an ngairm phíolótach in 2015.<br>Níl sé ar intinn ag an gCoimisiún teorainn a chur le fad gníomhaíochtaí ex-ante a bhaineann leis an nuálaíocht a thabhairt chun tosaigh. Tabharfar dóthain airde ar fhachtóirí amhail íogaireacht ama agus staid na hiomaíochta idirnáisiúnta nuair a dhéanfar measúnú ar an "tionchar" a bheidh ag togra, chun go mbeidh solúbthacht ann de réir na sainiúlachtaí éagsúla laistigh de réimsí éagsúla den taighde feidhmeach.<br>Chomh maith leis an ngrinnmheasúnú arna dhéanamh mar chuid den mheasúnú eatramhach ar Fís 2020, maidir leis an treoir-Chonair Mhear i dtreo na Nuálaíochta, déanfar faireachán go leanúnach ar na gnéithe praiticiúla go léir a bhaineann le taisceadh, measúnú, roghnú agus buiséadú na dtograí faoin nGairm FTI, ag tosú ón gcéad scoithdháta in 2015.<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tacaíocht a thabhairt do suas le céad tionscadal le go mbeidh an treoirchonair éifeachtach agus lena n-áirithiú gur féidir measúnú ceart a chur ar bun. |

| |
|---|
| **Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis an bhFuinneamh (Clár Réime)**<br>Admhaíonn an Coimisiún an ról riachtanach a bheidh ag éifeachtúlacht fuinnimh úsáideoirí deiridh agus fuinneamh in-athnuaite amach anseo, an tábhacht atá le heangacha agus stóráil níos fearr maidir lena n-acmhainneacht a uasmhéadú, agus an gá le bearta glactha margaidh chun inniúlacht a neartú, rialú a fheabhsú agus bacainní ar an margadh a shárú ionas gur féidir réitigh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus le fuinneamh in-athnuaite a thabhairt isteach.<br>Déanfaidh an Coimisiún iarracht a áirithiú go gcaithfear 85% ar a laghad de bhuiséad Fís 2020 i gcomhar dúshláin fuinnimh i réimsí breoslaí neamh-iontaise, agus go gcaithfear 15% ar a laghad den bhuiséad iomlán i gcomhar dúshláin fuinnimh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le glacadh margaidh na dteicneolaíochtaí in-athnuaite agus éifeachtúlachta fuinnimh atá ann faoi láthair mar chuid den Chlár um Fhuinneamh Cliste san Eoraip III. Cuirfear an Clár seo chun feidhme trí struchtúr bainistithe tiomnaithe agus beidh tacaíocht do chur chun feidhme beartais maidir le fuinneamh inbhuanaithe, forbairt acmhainní agus slógadh chistiú le haghaidh infheistíochta mar chuid de freisin, mar atá déanta go dtí seo.<br>Beidh an chuid eile dírithe ar theicneolaíochtaí iontaise-bhunaithe agus roghanna forbartha, rudaí atá riachtanach chun fís 2020 a bhaint amach agus chun tacú leis an athrú chuig córas fuinnimh inbhuanaithe.<br>Déanfar faireachán ar an dul chun cinn a dhéanfar chun na spriocanna seo a bhaint amach agus tabharfaidh an Coimisiún tuarascáil rialta maidir leis an dul chun cinn atá bainte amach. |
| **Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 6.5 (Clár Réime)**<br>Gan dochar don nós imeachta buiséadach bliantúil, tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil a thabhairt i gcomhthéacs an idirphlé struchtúrtha le Parlaimint na hEorpa maidir le cur chun feidhme mhiondealú an bhuiséid arna leagan amach in Iarscríbhinn II de Fís 2020 de réir tosaíochtaí agus sainchuspóirí laistigh de na tosaíochtaí sin, lena n-áirítear cur i bhfeidhm d'aon chineál d'Airteagal 6(5). |

| |
|---|
| **Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 12 (Clár Réime)**<br>Arna iarraidh sin, cuirfidh an Coimisiún na cláir oibre a glacadh ós comhair an Choiste fhreagraigh i bParlaimint na hEorpa. |
| **Ráiteas ón gCoimisiún maidir le Séala de Scothchleachtas (Clár Réime)**<br>Leis an idirghabháil ar leibhéal an Aontais, cumasaítear an iomaíocht ar fud an Aontais Eorpaigh chun na tograí is fearr a roghnú, agus dá bharr sin ardaítear na leibhéil barr feabhais agus baintear infheictheacht amach don taighde agus don nuálaíocht phríomhúil.<br>Measann an Coimisiún go bhfuil critéir scothchleachtais Fís 2020 bainte amach ag tograí ón gComhairle Eorpach um Thaighde, Marie Sklodwska-Curie, gníomhaíochtaí foirne, ionstraim do chéim-2 FBM nó tionscadail chomhoibrithe a fuair measúnú dearfach cé nárbh fhéidir iad a chistiú ar chúiseanna buiséadacha.<br>Ar fhormheas na rannpháirtithe, is féidir an t-eolas seo a roinnt leis na húdaráis fhreagracha.<br>Fáiltíonn an Coimisiún mar sin roimh aon tionscnamh lena gcuirtear cistiú ar fáil do thograí den chineál seo, trí fhoinsí náisiúnta, réigiúnacha nó príobháideacha.  Sa chomhthéacs seo, tá ról lárnach ag beartas comhtháthaithe trí fhorbairt acmhainní. |
| **Ráiteas ón gCoimisiún maidir le Scothchleachtas a scaipeadh agus rannpháirtíocht a leathnú (Clár Réime)**<br>Tá an Coimisiún tiomanta do bhunú agus do chur chun feidhme na mbeart chun an scoilt taighde agus nuálaíochta san Eoraip a dhúnadh faoin teideal nua 'Scothchleachtas a scaipeadh agus rannpháirtíocht a leathnú'. Ní bheidh an leibhéal cistiúcháin a fhoráiltear do na bearta seo níos ísle ná an méid a caitheadh faoin Seachtú Clár Réime ar na gníomhaíochtaí a bhain le 'rannpháirtíocht a leathnú'.<br>Ba cheart tacaíocht a thabhairt do na gníomhaíochtaí nua a chuirfear ar bun faoin gComhar Eorpach san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht i gcomhthéacs 'rannpháirtíocht a leathnú' ón mbuiséad arna leithdháileadh ar 'Scothchleachtas a scaipeadh agus rannpháirtíocht a leathnú'.  Ba cheart tacaíocht a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí nach dtagann faoi Chomhar Eorpach san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht, ón mbuiséad arna leithdháileadh ar '6 agus ba cheart iad a bheith ar chomhmhéid ó thaobh an bhuiséid de. An Eoraip i nDomhain atá ag athrú - sochaithe cuimsitheacha, nuálacha agus machnamhacha.<br>Ba cheart tacú leis an gcuid is mó de na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tSaoráid Tacaíochta Beartais agus leis na líonraí trasnáisiúnta de phointí Teagmhála Naisiúnta ón mbuiséad arna leithdháileadh ar '6. An Eoraip i nDomhain atá ag athrú - sochaithe cuimsitheacha, nuálacha agus machnamhacha. |

| |
|---|
| **Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis na treoirlínte a bhaineann leis na critéir chun an "bónas" a chur chun feidhme (Rialacha maidir le Rannpháirtíocht)**<br>Maidir le luach saothair breise, tá sé ar intinn ag an gCoimisiún treoirlínte a eisiúint gan mhoill maidir le critéir i ndáil leis an luach saothair breise sin a chur chun feidhme tar éis Rialacha Fís 2020 maidir le Rannpháirtíocht agus Scaipeadh a ghlacadh. |
| **Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 42 (Rialacha maidir le Rannpháirtíocht)**<br>Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún teorainneacha ama a leagan síos sa tsamhail den chomhaontú deontais maidir le cosaint torthaí, agus teorainneacha ama Chreatchlár 7 á gcur san áireamh. |
| **Ráiteas ón gCoimisiún maidir le costáil dhíreach do bhonneagair mhóra taighde (Rialacha maidir le rannpháirtíocht)**<br>Mar fhreagra ar éilimh ó gheallsealbhóirí, tá an Coimisiún tiomanta ar shoiléiriú a thabhairt ar an tsaincheist maidir le costáil dhíreach i leith bonneagar mór taighde sa chaoi a ndéantar cur síos air sa dearbhú seo.<br>Beidh feidhm ag an treoir maidir le costáil dhíreach do bhonneagair mhóra taighde in Fís 2020 maidir le costais bonneagar mór taighde ag a bhfuil luach iomlán de EUR 20 milliún ar a laghad i dtaca le tairbhí ar leith, a ríomhfar trí shuimiú a dhéanamh ar luachanna sócmhainní stairiúla na mbonneagar taighde indibhidiúil mar a léirítear iad sa Chlár Comhordaithe dúnta deireanach den tairbhí sin roimh dháta sínithe an chomhaontaithe deontais, nó a ríomhfar faoi mar a chinnfear ar bhonn costas cíosa agus léasa na mbonneagar taighde.<br>Faoin tairseach seo ní bheidh aon fheidhm ag an treoir in Fís 2020 maidir le costáil dhíreach i leith bonneagar mór taighde. Féadfar nithe ar chostas indibhidiúil a dhearbhú mar costais dhíreacha incháilithe i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme sa chomhaontú deontais.<br>Go ginearálta, féadfar na costais go léir a chomhlíonann na critéir incháilitheachta ginearálta agus a bhfuil nasc díreach acu le cur chun feidhme na gníomhaíochta agus ar féidir iad a chur ina leith go díreach dá bharr, a éileamh mar chostais dhíreacha.<br>Is mar seo a bheidh sé, go tipiciúil, i gcás na gcostas caipitlithe agus na gcostas oibríochtúil a bhaineann le bonneagar mór taighde a úsáidtear le haghaidh tionscadail.<br>Is ionann 'costais chaipitlithe' agus na costais a thabhaítear agus an bonneagar mór taighde á chur ar bun agus/nó á athnuachan, chomh maith le cuid de na costais a bhaineann le deisiú agus cothabháil ar leith an bhonneagar mhóir taighde chomh maith le páirteanna nó chomhpháirteanna riachtanacha tábhachtacha.<br>Ciallaíonn 'costais oibríochtúla' na costais a thabhaíonn an tairbhí chun an bonneagar mór taighde a reáchtáil, agus a bhaineann leis sin go sonrach.<br>Ar an lámh eile de, ní fhéadfar roinnt costas a dhearbhú go tipiciúil mar chostais dhíreacha, ach d'fhéadfaí a mheas gur cúitíodh iad tríd an ráta comhréidh do chostais indíreacha, e.g. costais chíosa, léasa nó dímheasa a bhaineann le foirgnimh riaracháin agus ceanncheathrú.<br>Sa chás nár tabhaíodh na costais ach i bpáirt trí ghníomhaíochtaí an tionscadail, ní féidir ach an chuid sin a bhfuil baint dhíreach aici leis an tionscadal a dhearbhú.<br>Chun na críche sin, caithfidh córas tomhais an tairbhí cainníochtú bheacht ar fhíorluach iarbhír chostas an tionscadail a chur ar fáil (i.e. a léiríonn fíorthomhaltas agus/nó úsáid don tionscadal). Is amhlaidh a bheidh sé, má thógtar an tomhas ó shonrasc an tsoláthraí. |

Go ginearálta, baineann tomhas an chostais leis an méid ama a thóg an tionscadal, méid ama a chaithfeadh freagairt d'fhíorlíon uaireanta/ laethanta/ míonna a mbaineadh úsáid as an mbonneagar taighde don tionscadal. Ba cheart go bhfreagródh an líon iomlán uaireanta/ laethanta / míonna d'acmhainneacht iomlán úsáide (acmhainn iomlán) an bhonneagair taighde. Agus an acmhainn iomlán á ríomh, cuirfear san áireamh aon am inarbh fhéidir an bonneagar a úsáid cé nár baineadh úsáid as. Tabharfar aird iomchuí ar fhíorshriantachtaí amhail uaireanta oscailte an eintitis, an t-am a thógann deisiú agus cothabháil (lena n-áirítear calabrú agus tástáil) agus an acmhainn iomlán á ríomh, áfach.
Más féidir costas a thomhas go díreach leis an mbonneagar taighde ach ní go díreach leis an tionscadal, mar gheall ar shriantachtaí teicniúla, glacfar le tomhas na gcostas seo trí bhíthin aonad úsáide iarbhír atá ábhartha don tionscadal mar rogha eile, agus sonraíochtaí teicniúla beachta agus fíorshonraí mar thaca leis an tomhas sin, agus a mheastar ar bhonn chóras anailíseach cuntasóireachta um chostais an tairbhí.
bonneagar mór taighde, conradh, am don tionscadal, srl.).

| |
|---|
| Ní mór doiciméid tacaíochta iomchuí lena gcuirfear rian iniúchta dóthanach ar fáil bheith mar thaca leis na costais agus le tomhas díreach na gcostas sin a bhaineann leis an tionscadal.<br>Féadfaidh an tairbhí an nasc díreach a chruthú le fianaise eile áititheach.<br>Molfaidh seirbhísí an Choimisiún na cleachtais is fearr maidir le tomhas díreach agus doiciméid tacaíochta (e.g.: maidir le costais chaipitlithe: ráitis chuntais in éineacht le beartas dímheasta an tairbhí mar chuid dá ghnáthphrionsabail chuntasaíochta, lena léirítear ríomh na húsáide ionchasaí agus saolré eacnamaíoch na sócmhainne, agus cruthúnas maidir lena húsáid don tionscadal; maidir le costais oibríochtúla: sonrasc le lipéadú sonrach a bhaineann leis an mbonneagar mór taighde, conradh, am an tionscadail, srl.). Ar iarratas ó thairbhí ag a bhfuil bonneagair mhóra taighde, agus na hacmhainní atá ar fáil agus an prionsabal maidir le héifeachtacht ó thaobh costais de á gcur san áireamh, tá an Coimisiún toilteanach measúnú ex-ante a dhéanamh, maidir le modheolaíocht costála dírí an tairbhí ar bhealach simplí agus trédhearcach, d'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú. Tabharfar na measúnuithe ex-ante seo san áireamh ina n-iomláine le linn iniúchtaí ex-post.<br>Ina theannta sin, bunóidh an Coimisiún grúpa ina mbeidh ionadaithe ó eagraíochtaí geallsealbhóirí ábhartha, d'fhonn úsáid na treorach a mheasúnú.<br>Deimhníonn an Coimisiún go nglacfaidh sé treoir maidir le costáil dhíreach do bhonneagair mhóra taighde go pras, a luaithe a ghlacfar rialacháin Fís 2020. |
| **Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hIonstraim FBM**<br>Is fíorthábhachtach é an tacaíocht a thugtar do FBManna in Fís 2020 agus is cuid lárnach é ó thaobh baint amach a chuspóra maidir le nuálaíocht, fás eacnamaíoch agus cruthú post a chothú. Áiritheoidh an Coimisiún, mar sin, go mbeidh an tacaíocht a thugtar do FBManna in Fís 2020 an-fheiceálach ar fad, go háirithe trí ionstraim FBM sna cláir oibre, sna treoirlínte agus sna gníomhaíochtaí cumarsáide. Déanfar gach iarracht le go mbeidh sé éasca agus neamhchasta do FBManna na deiseanna a chuirtear ar fáil dóibh sna Dúshláin Shochaíocha agus i gCeannaireacht i dTeicneolaíochtaí Cumasúcháin agus Tionsclaíocha (CTCT) a aithint agus a úsáid.<br>Cuirfear onstraim FBM chun feidhme trí aon struchtúr bainistithe lárnach amháin a bheidh freagrach as na tionscadail a mheasúnú agus a bhainistiú, lena n-áirítear Córais TF agus próisis ghnó choitianta a úsáid.<br>Meallfar na tionscadail nuálaíochta is uaillmhianaí ó FBManna le hionstraim FBM. Cuirfear chun feidhme é ón mbonn aníos trí ghairm atá oscailte i gcónaí agus spriocdhírithe ar riachtanais FBManna mar atá leagtha amach sa chuspóir sonrach "nuálaíocht sna FBManna" agus cuirfear san áireamh tosaíochtaí agus cuspóirí na Ceannaireachta i dTeicneolaíochtaí Cumasúcháin agus Tionsclaíocha (CTCT) agus dúshláin shochaíocha agus ceadófar trasdúshláin/tograí maidir le CTCT, a bheidh mar bhunús don chur chuige ón mbonn aníos. D'fhéadfaí an ghairm seo a athbhreithniú/a athnuachan gach dhá bhliain, d'fhonn na cláir straitéiseacha leathbhliantúla a chur san áireamh. Nuair is iomchuí, d'fhéadfadh gairmeacha ar ábhair leasa straitéisigh a eagrú i dteannta leis an ngairm dá dtagraítear thuas. Leis na gairmeacha seo bainfear úsáid as coincheap agus nósanna imeachta na hionstraime FBM chomh maith lena pointe iontrála aonair d'iarratasóirí agus na seirbhísí meantóireachta agus cóitseála a ghabhann leo. |

<table>
<tr><td colspan="4">Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 3 agus le hAirteagal 4 (Rialacha maidir le Rannpháirtíocht)<br>Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún tagairtí don dlí naisiúnta a chur sa chomhaontú deontais maidir le rochtain an phobail ar dhoiciméid agus rúndacht, ar mhaithe le cothromaíocht iomchuí idir na leasanna éagsúla a aimsiú.</td></tr>
<tr><td colspan="4">Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 28 (Rialacha maidir le Rannpháirtíocht) (rogha maidir le ráta aisíocaíochta 100% d'eintitis dhlíthiúla neamhbhrabúis do ghníomhaíochtaí nuálaíochta):<br>Tugann an Coimisiún faoi deara gur féidir le heintitis neamhbhrabúis gníomhaíochtaí eacnamaíocha a chur ar bun chomh maith, ar gníomhaíochtaí iad atá in aice le margadh agus a d'fhéadfadh fóirdheonú na ngníomhaíochtaí sin an margadh inmheánach a chur as riocht. Mar sin, déanfaidh an Coimisiún measúnacht ex-ante lena fhiosrú an bhfuil gné eacnamaíoch ag baint le gníomhaíochtaí incháilithe, an ndéantar tras-fhóirdheonú ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a thoirmeasc go héifeachtach, agus an eascraíonn éifeachtaí diúltacha ar chomórtas sa mhargadh inmheánach ón ráta cistiúcháin do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha incháilithe, éifeachtaí nach bhfuil éifeachtaí deimhneacha níos mó ag baint leo.</td></tr>
<tr><td>Rialachán (AE) Uimh. 1292/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 294/2008 lena mbunaítear an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 174-184</td><td>PE-CONS 68/13</td><td>Tromlach cáilithe</td><td>Na Ballstáit uile<br>i bhfabhar</td></tr>
</table>

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cinneadh Uimh. 1312/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gClár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht den Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT): ranníocaíocht na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht chun an Eoraip a dhéanamh níos nuálaí<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 892-923 | PE-CONS 69/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar |
| Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear 'Erasmus+': clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um spórt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1719/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1720/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1298/2008/CE<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 50-73 | PE-CONS 63/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar |

**Ráiteas comhpháirteach ón bhFrainc, ón tSualainn, ón Danmhairg, ón bhFionlainn, ón bPolainn agus ón tSlóivéin maidir le saoráid ráthaíochta na n-iasachtaí do mhic léinn**

Is díol sásaimh don Fhrainc, don Danmhairg, don Fhionlainn, don Pholainn agus don tSlóivéin an togra comhréitigh ó Uachtaránacht na hÉireann maidir le clár an Aontais 2014-2020 atá dírithe ar an oideachas, ar an oiliúint, ar an óige agus ar an spórt, agus a chuirfidh saoránacht na hEorpa chun cinn agus a threiseoidh Eoraip na feasa.

Is mian leis an bhFrainc, leis an tSualainn, leis an Danmhairg, leis an bhFionlainn, leis an bPolainn agus leis an tSlóivéin a chur in iúl go sainítear go soiléir sa togra comhréitigh gur ar bhonn trialach, agus ar an mbonn sin amháin, a rachfar i mbun na saoráide ráthaíochta do mhic léinn máistreachta. Mar sin féin, athdhearbhaíonn an Fhrainc, an tSualainn, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Pholainn agus an tSlóivéin nach leor é an tsaoráid ráthaíochta do mhic léinn Máistreachta chun malartuithe idirnáisiúnta a dhaonlathú ná a fhorbairt fad atá an tsoghluaisteacht i gcroílár thionscadal Erasmus, arb é ceann de na cláir is suaithinsí san Eoraip.

Is cúis buairimh dúinn é, fad atá fiachas na mac léinn ag méadú agus fad atá an dífhostaíocht i measc an ógra san Eoraip an-ard go deo, gur socraíodh líon na ndeontas soghluaisteachta (staidéir, intéirneachtaí) do gach catagóir mac léinn a laghdú de facto, chun tairbhe iasachtaí do mhic léinn Máistreachta amháin. Amach anseo, beimid ag súil nach mbeidh míchothromaíochtaí ann i gcás na soghluaisteachta i ngeall ar Shaoráid Ráthaíochta na nIasachtaí do Mhic Léinn ná nach mbeidh daoine oilte ag dul ar imirce.

Ó tharla nach bhfuil teacht ar mheasúnú tionchair atá cothrom le dáta - go háirithe staidéar ar an tionchar sóisialta - theastaigh ón bhFrainc, ón tSualainn, ón Danmhairg, ón bhFionlainn, ón bPolainn agus ón tSlóivéin gur ar bhonn trialach, agus ar na mbonn sin amháin, a chuirfí chun feidhme saoráid na n-iasachtaí do mhic léinn, agus, go n-áireofaí uirthi coinníollacha iasachta atá níos fabhraí ná coinníollacha an mhargaidh, i gcomhréir le prionsabal an chothromais, ar coinníollacha iad nach bhfágfadh fiachas millteanach ar mhic léinn agus nach dtiocfaidh siad in ionad na ndeontas agus go stiúrfaidh siad mic léinn i dtreo soghluaisteacht oiliúna.

Dá bhrí sin, b'fhearr an cion den bhuiséad a shannfar don ionstraim nua seo atá beartaithe ag an gCoimisiún a theorannú go 2% faoi mar a bhí molta ag an bhFrainc, ag an tSualainn, ag an Danmhairg, ag an bhFionlainn, ag an bPolainn agus ag an tSlóivéin.

Impíonn an Fhrainc, an tSualainn, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Pholainn agus an tSlóivéin ar an gCoimisiún a áirithiú go gcosnófar na mic léinn ó na droch-iarmhairtí a d'fhéadfadh teacht as an ionstraim seo. Athdhearbhaíonn siad freisin go bhfuil rún daingean acu leas a bhaint as gach ní is féidir chun tionchar na Saoráide a athmheas agus a athbhreithniú, go háirithe ó tharla gur ar bhonn trialach atáthar á rith agus gur cuid den chomhaontú é sin.

| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
|---|---|
| GNÍOMH | DOICIMÉAD / RÁITIS |
| Rialachán (AE) Uimh. 1360/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena socraítear tobhaigh táirgthe in earnáil an tsiúcra do na blianta margaíochta 2001/2002, 2002/2003, 2003/2004, 2004/2005 agus 2005/2006, an chomhéifeacht a cheanglaítear chun an tobhach breise do na blianta margaíochta 2001/2002 agus 2004/2005 a ríomh agus an líon a íocfaidh na monaróirí siúcra le díoltóirí biatias i ndáil leis an difríocht idir an t-uasthobhach agus an tobhach a ghearrfar do na blianta margaíochta 2002/2003, 2003/2004 agus 2005/2006<br>IO L 343, 19/12/2013, lch 2-6 | 16233/13<br><br>Na Ballstáit uile i bhfabhar |
| **Ráiteas ón gCoimisiún**<br>Maidir leis an gceist faoi an cinneadh cinntitheach é cinneadh na n-údarás náisiúnta maidir le bailiú an tobhaigh siúcra, agus na coinníollacha faoinar cinneadh cinntitheach é, i gcás ar leith, nó ar gá athbhreithniú a dhéanamh air, ar bhonn líon athbhreithnithe na dtobhach arna gcur san áireamh sa Rialachán nua ón gComhairle, deimhníonn an Coimisiún go bhfreagrófar an cheist sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme. | |
| Rialachán (AE) Uimh. 1261/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 maidir le creat dlí an Chomhphobail le haghaidh Chuibhreannas na mBonneagar Taighde Eorpach (ERIC)<br>IO L 326, 06/12/2013, lch 1-2 | 15660/13 |

| | |
|---|---|
| 2013/787/AE: Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le leas a bhaint as an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (EGF), i gcomhréir le pointe 28 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 17 Bealtaine 2006 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach agus bainistiú fónta airgeadais (iarratas EGF/2012/011 DK/Vestas ón Danmhairg)<br>OJ L 349, 21/12/2013, p. 95–95 | 15091/13 |
| 2013/788/AE: Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le leas a bhaint as an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú, i gcomhréir le pointe 28 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 17 Bealtaine 2006 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach agus bainistiú fónta airgeadais (iarratas EGF/2013/001 FI/Nokia ón bhFionlainn)<br>IO L 349, 21/12/2013, lch 96-96 | 15096/13 |
| 2013/789/AE: Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le leas a bhaint as an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú, i gcomhréir le pointe 28 denChomhaontú Idirinstitiúideach an 17 Bealtaine 2006 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach agus bainistiú fónta airgeadais (iarratas EGF/2013/003 DE/First Solar ón nGearmáin)<br>IO L 349, 21/12/2013, lch 97-97 | 15093/13 |

| | |
|---|---|
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh.1238/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena bhforchuirtear dleacht fhrithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a forchuireadh ar allmhairí de ghrianmhodúil chriostalta sileacain agus de chomhpháirteanna lárnacha (.i. cealla) ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad nó a chuirtear chun bealaigh ón tSín<br>IO L 325, 05/12/2013, lch 1-65 | 15702/13 |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1239/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena bhforchuirtear dleacht chinntitheach frithchúitimh ar allmhairí de ghrianmhodúil chriostalta sileacain agus de chomhpháirteanna lárnacha(.i. cealla) ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad nó a chuirtear chun bealaigh ón tSín.<br>IO L 325, 05/12/2013, lch 66-213 | 15706/13 |
| 2014/115/AE: Cinneadh ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 maidir le tabhairt chun críche an Phrótacail lena Leasaítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais.<br>IO L 68, 07/03/2014, lch 1-1 | 16310/13 |
| 2013/756/AE: Cinneadh ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Choiste maidir le Soláthar Rialtais i ndáil leis na cinntí lena gcuirtear chun feidhme forálacha áirithe den Phrótacal Lena Leasaítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais<br>IO L 335, 14/12/2013, lch 32-34 | 7997/13 |

| | |
|---|---|
| 2013/728/AE: Cinneadh ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh ag an Aontas Eorpach laistigh de Chomhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála i ndáil le síneadh a chur leis an moratóir ar dhleachtanna custaim ar tharchuir leictreonacha chomh maith leis an moratóir ar an neamhshárú agus ar ghearáin staide.<br>IO L 332, 11/12/2013, lch 17-17 | 15633/13 |
| 2013/715/AE: Cinneadh ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena mbunaítear an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála i ndáil le haontachas Phoblacht Éimin leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT)<br>OJ L 326, 06/12/2013, lch. 44–44 | 15307/13 |
| **Ráiteas ón gCoimisiún**<br>Is maith leis an gCoimisiún gur glacadh an Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear seasamh AE i bhfábhar aontachas Phoblacht Éimin.<br>Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé beartaithe Cinneadh ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, a ghlacadh de thoil a chéilei ndáil leis an aontachas sin maidir le seasamh na mBallstát in EDT. Tugann an Coimisiún dá aire go bhféadfadh sé go mbeifí tar éis cinneadh ó AE a ghlacadh i gcaoi is nach mbeadh aon ghá le cinneadh ar leithligh den sórt sin. | |

<table>
<tr><td colspan="2">Ráiteas ó Éirinn<br>Maidir leis na forálacha sin a bhaineann le daoine nádúrtha a bheith i láthair go sealadach chun críocha gnó a áirítear sa Chinneadh thuasluaite, ní bheidh siad ina gceangal ar Éirinn ach mar chuid den Aontas nuair atá fógra tugtha aici gur mian léi bheith rannpháirteach sa Chinneadh thuasluaite i gcomhréir le Prótacal Uimh 21 maidir le seasamh na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe a mhéid a bhaineann le réimse na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais. Áiritheoidh Éire go gceadófar do dhaoine nádúrtha a bheith i láthair go sealadach chun críocha gnó i gcomhréir leis na forálacha sin.</td></tr>
<tr><td colspan="2">Ráiteas ón Ríocht Aontaithe<br>Maidir leis na forálacha sin a bhaineann le daoine nádúrtha a bheith i láthair go sealadach chun críocha gnó a áirítear sa Chinneadh thuasluaite, ní bheidh siad ina gceangal ar an Ríocht Aontaithe ach mar chuid den Aontas nuair atá fógra tugtha aici gur mian léi bheith rannpháirteach sa Chinneadh thuasluaite i gcomhréir le Prótacal Uimh 21 maidir le seasamh na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe a mhéid a bhaineann le réimse na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais.</td></tr>
<tr><td>Conclúidí ón gComhairle maidir le Beartas Tionsclaíoch na hEorpa</td><td>17202/13</td></tr>
<tr><td>Conclúidí ón gComhairle maidir le Beartas an Mhargaidh Aonair</td><td>16443/13</td></tr>
<tr><td>Conclúidí ón gComhairle maidir leis an "Rialáil Chliste"</td><td>17227/1/AE:</td></tr>
</table>

| An 3277ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (GNÓTHAÍ EACHTRACHA) a tionóladh i Nusa Dua (Bali), an Indinéis, an 3 agus an 6 Nollaig 2013 | |
|---|---|
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD / RÁITIS |
| Treoir Euratom 2013/59 ón gComhairle an 5 Nollaig 2013 lena leagtar síos bunchaighdeáin sábháilteachta don chosaint ar chontúirtí a eascraíonn as nochtadh don radaíocht ianúcháin, agus lena n-aisghairtear Treoracha 89/618 Euratom, 90/641/Euratom, 96/29Euratom, 97/43/Euratom agus 2003/122/Euratom<br>IO L 13, 17/01/2014, lch 1-73 | 13675/13 |

| An 3278ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (IOMPAR,TEILEACHUMRASÁID AGUS FUINNEAMH) a tionóladh sa Bhruiséil an 5 Nollaig 2013 | | | |
|---|---|---|---|
| GNÍOMHARTHA REACHTACHA | | | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD | RIAIL VÓTÁLA | VÓTAÍ |
| Rialachán (AE) Uimh. 1286/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear clár gníomhaíochta chun feabhas a chur ar oibriú na gcóras cánachais san Aontas Eorpach don tréimhse 2014–2020 (Fiscalis 2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1482/2007/CE<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 25-32 | PE-CONS 33/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar |

| |
|---|
| **Ráiteas ó na Ballstáit**<br>Agus an tábhacht atá ag rannpháirtíocht iomlán na dtíortha rannpháirteacha uile sna gníomhaíochtaí comhpháirteacha á cur san áireamh agus chun cuspóirí an chláir a bhaint amach ina n-iomláine, dearbhaíonn na Ballstáit a dtoilteanas, agus seasamh á ghlacadh sa choiste acu, de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, a iarraidh go leanfaí ar aghaidh leis an gcleachtas atá ann faoi láthair deontais 100% de na costais incháilithe a mhaoiniú i gcás gur costais taistil agus chóiríochta iad na costais sin, costais atá nasctha le heagrú imeachtaí agus liúntas laethúil. |
| **Ráiteas ón nGréig agus ón gCipir**<br>Cuireann an Ghréig agus an Chipir i bhfios go láidir a thiomanta atá siad do chuspóirí clár Fiscalis.<br>Sa chomhthéacs sin, cuireann an Ghréig agus an Chipir a n-imní in iúl athuair go bhféadfadh sé, le cómhaoiniú deontas trí bhuiséid náisiúnta, go n-eisiafaí na Ballstáit sin atá faoi shrianta buiséadacha ó bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí incháilithe an chláir. |
| **Ráiteas ón gCoimisiún**<br>Maidir leis an uasteorainn bhuiséadach de 5% le haghaidh caiteachais riaracháin a tugadh isteach i gclár FISCALIS, measann an Coimisiún nach dtagann an uasteorainn sin leis an gcur chuige cothrománach a bhfuil mar aidhm leis gníomhartha bunúsacha de chláir earnálacha CAI a shimpliú agus barr feabhais éifeachtúlachta a chur orthu. Tugann an Coimisiún dá aird, áfach, go gcuirtear an uasteorainn bhuiséadach sin i bhfeidhm cheana féin i gcreat Chlár reatha FISCALIS (airteagal 14 §2), agus dá bhrí sin go bhfreagraíonn sé do shainiúlacht an chláir sin agus nach bhféadfaí féachaint air amhail is go mba fhasach do chláir eile CAI é. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ráiteas ón Spáinn, ón bhFrainc, ó Lucsamburg agus ón Iodáil**<br>Maidir leis an togra le haghaidh Rialacháin lena mbunaítear an clár Fiscalis 2020, thug an Spáinn, an Fhrainc, Lucsamburg agus an Iodáil dá n-aire an fógra foirmiúil a chuir an Ríocht Aontaithe in iúl á dhearbhú go mbeidh sí páirteach, i gcomhréir, dar léi, le hAirteagal 3, mír 1 de Phrótacal 21 a ghabhann le Conradh Liospóin. Is léir ón gcásdlí le gairid ón gCúirt Bhreithiúnais nach bhfuil Prótacal 21 infheidhme mura mbíonn bunús dlí a thagann faoi réim Theideal V de Chuid a Trí de CFAE ag an ngníomh (féach Breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 2013, i gcás C-137/12, mír 73 go dtí mír 75). Measann an Spáinn, an Fhrainc, Lucsamburg agus an Iodáil, dá bhrí sin, nach bhfuil bunús leis an bhfógra ón Ríocht Aontaithe agus, dá bharr sin, nach bhfuil sé ina cheangal orthu. Gabhann siad an seasamh sin freisin i dtaca le haon bheart eile nach dtagann faoi réim Chuid a Trí, Teideal V, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ach a dtugann an Ríocht Aontaithe fógra ina thaobh go mbeidh sí páirteach ann nó go measann sí go bhféadfadh sí gan a bheith páirteach ann. | | | |
| Rialachán (AE) Uimh. 1289/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 74-80 | PE-CONS 65/13 | Tromlach Cáilithe | Bhí na Ballstáit uile i bhfabhar ach:<br>Staon: DE<br>Níor ghlac páirt: IE, UK |
| **Ráiteas ón gCoimisiún**<br>Is díol sásaimh don Choimisiún gur ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a thogra lena leasaítear Rialachán Uimh. 539/2001 ina ndírítear ar inchreidteacht comhbheartais víosa a chur chun chinn agus níos mó dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit a áirithiú. Is oth leis an gCoimisiún, áfach, nach bhfuil na cumhachtaí a tarmligeadh don Choimisiún maidir leis an meicníocht athbhreithnithe cómhalartachta ag teacht le hAirteagal 290 CFAE ná le hAirteagal 291 CFAE, de réir thuairim an Choimisiúin. Dá bhrí sin, coinníonn an Coimisiún an ceart chuige féin fós leas a bhaint as na réitigh atá ar fáil faoin gConradh d'fhonn go soiléireodh an Chúirt Bhreithiúnais an pointe seo amach anseo. | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ráiteas ón mBeilg, ón nGearmáin, ón Eastóin, ón nGréig, ón Spáinn, ón bhFrainc, ón Iodáil, ón gCipir, ón Laitvia, ón Liotuáin, ó Lucsamburg, ón Ungáir, ó Mhálta, ón Ísiltír, ón Ostair, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón tSlóivéin, ón tSlóvaic, ón bhFionlainn, agus ón tSualainn maidir le mír 1 agus mír 2 d'Airteagal 1**<br>D'fhéadfadh impleachtaí tromchúiseacha a bheith le leasú Rialachán 539/2001, go háirithe maidir leis an sásra cómhalartachta (Airteagal 1(1)) agus maidir leis an gclásal fionraí (Airteagal1(2)), do chaidreamh seachtrach an Aontais agus a chuid Ballstát.<br>Cuirimid i bhfios go láidir, dá bharr sin, go bhfuil sé d'oibleagáid ar institiúidí ábhartha an Aontais, i gcomhréir leis na forálacha ábhartha, grinniniúchadh a dhéanamh ar aon drochiarmhairtí a d'fhéadfadh eascairt ó thograí nó ó chinntí den chineál sin i ndáil le caidreamh seachtrach an Aontais agus a chuid Ballstát araon, agus na hiarmhairtí sin a chur san áireamh sula ndéanfar aon togra nó aon chinneadh. Tá feidhm ag an méid sin go háirithe maidir le caidreamh seachtrach le comhpháirtithe straitéiseacha. Dar linn, ba cheart go n-áiritheodh an Chomhairle go ndéanfar na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh go hiomlán. | | | |
| Rialachán (AE) Uimh. 1297/2013 Ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle maidir le forálacha áirithe a bhaineann le bainistíocht airgeadais i gcomhair Ballstát áirithe a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais, leis na rialacha saortha i gcás Ballstát áirithe agus leis na rialacha maidir le híocaíochtaí an iarmhéid deiridh<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 253-255 | PE-CONS 101/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas:<br>I gcoinne: HU |
| Rialachán (AE) Uimh. 1298/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 maidir leis an leithdháileadh airgeadais i gcomhair Ballstát áirithe ó Chiste Sóisialta na hEorpa<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 256-258 | PE-CONS 102/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Treoir 2013/58/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/138/CE (Sócmhainneacht II) maidir leis an dáta a ndéanfar í a thrasuí agus an dáta a dtiocfaidh sí i bhfeidhm, agus maidir leis an dáta a ndéanfar Treoracha áirithe a aisghairm (Sócmhainneacht I)<br>IO L 341, 18/12/2013, lch 1-3 | PE-CONS 98/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar |
| Cinneadh Uimh. 1351/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le cúnamh macra-airgeadais a sholáthar do Ríocht Haisimíteach na hIordáine<br>IO L 341, 18/12/2013, lch 4-9 | PE-CONS 109/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar |
| Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár gníomhaíochta um chustam san Aontas Eorpach don tréimhse 2014-2020 (Custam 2020) agus lena n-aisghairtear Treoir Uimh. 624/2007/CE | PE-CONS 72/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar |

**Ráiteas ón gComhairle**

Tá bealaí cur chuige atá éifeachtach, éifeachtúil, nua-aimseartha agus comhchuibhithe i leith rialuithe custaim ag teorainn sheachtrach AE ríthábhachtach:

– chun leasanna airgeadais an Aontais agus na mBallstát a chosaint;
– chun dul i ngleic leis an trádáil mhídhleathach agus ag an am céanna le go mbeifear in ann an ghníomhaíocht dhlisteanach a éascú;
– chun sábháilteacht agus slándáil an Aontais agus a áitritheoirí, agus cosaint an chomhshaoil, a áirithiú;
– chun cearta maoine intleachtúla a chosaint, agus
– chun comhlíonadh an chomhbheartais tráchtála a dhaingniú.

D'fhonn rialuithe mar sin a fheidhmiú, tá sé ríthábhachtach go mbeidh rochtain ag lucht custaim ar na huirlisí iomchuí, amhail trealamh agus teicneolaíocht braite. Léirítear an gá a bhíonn leis na huirlisí sin, inter alia, i dTuarascáil Measúnachta 2011 ar Bhagairt na Coireachta Eagraithe ó Europol, ina luaitear gurb ionann an tionchar eacnamaíoch atá ag smuigleáil tabac agus caillteanas do bhuiséad na mBallstát agus an Aontais a mheastar atá thart ar 10 billiún euro in aghaidh na bliana.

Faoi láthair, ní bhaintear an leas is fearr is féidir as uirlisí an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) atá ar fáil chun gnóthú uirlisí den chineál sin a chómhaoiniú. Chun leithdháileadh éifeachtúil acmhainní maoinithe a ghnóthú, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún tuarascáil a thíolacadh, tráth nach déanaí ná lár na bliana 2018, maidir leis na hacmhainní riachtanacha airgeadais a chur ar fáil chun uirlisí iomchuí a cheannach le haghaidh rialuithe custaim sa réimse dá dtagraítear in Airteagal 3(a) CFAE, lena n-áirítear an deis chun na hacmhainní sin a leithdháileadh trí chiste aonair.

| |
|---|
| **Ráiteas ón gComhairle agus ón gCoimisiún**<br>Ní féidir an Rialachán seo a léirmhíniú ar chuma go bhfuil aon chumhacht nó aon oibleagáid a thagann faoi Theideal V de Chuid III den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh á n-áireamh ann ná go ndeonaítear aon chumhacht nó aon oibleagáid leis. |
| **Ráiteas ón Ísiltír agus ón Danmhairg maidir le hAirteagal 14**<br>Leagtar síos i gclár Custaim 2020 na rialacha maidir le gníomhaíochtaí a mhaoiniú a bhaineann le comhar custaim san Aontas. Déantar na gníomhaíochtaí uile faoin gclár a chinneadh i bpleananna oibre bliantúla ar bhonn Airteagal 14, lena n-áirítear foirne saineolaithe a chruthú.<br>Is ionstraim nua iad na foirne saineolaithe a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an gcothromaíocht idir na Ballstáit agus institiúidí an Aontais faoi mar a fhoráiltear sna conarthaí. I bhfianaise na mórimpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag na foirne saineolaithe ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla agus ar inniúlachtaí na n-údarás custaim sna Ballstáit, b'fhearr leis an Ísiltír agus leis an Danmhairg go mbeadh gníomh cur chun feidhme ar leithligh ann do chruthú gach foirne saineolaithe agus do na rialacha i dtaca le feidhmiú gach foirne saineolaithe, ionas go mbeadh an próiseas cinnteoireachta trédhearcach ar an leibhéal iomchuí.<br>Agus an méid sin á chur san áireamh,<br>Uair ar bith a moltar foireann saineolaithe a chur ar bun, iarrfaidh an Ísiltír agus an Danmhairg go ndéanfar meastóireacht chríochnúil ar an raon feidhme atá beartaithe don fhoireann, go leagfar síos rialacha soiléire maidir le feidhmiú na foirne, cás gnó mionsonraithe agus go ndéanfar mionanailís dhlíthiúil ar bhonn chonarthaí AE, go háirithe i dtaca le hinniúlachtaí na mBallstát agus institiúidí an Aontais faoi seach. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta ("EaSI") agus lena leasaítear Cinneadh Uimh. 283/2010/AE lena mbunaítear Saoráid Mhicreamhaoiniúcháin don Dul Chun Cinn Eorpach le haghaidh fostaíochta agus cuimsiú sóisialta<br>IO L 347, 20/12/2013, lch. 238-252 | PE-CONS 80/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar |
| Rialachán (AE) Uimh. 1287/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Clár um Iomaíochas na bhFiontar agus na bhfiontar beag agus meánmhéide (COSME) (2014 - 2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE<br>IO L 347, 20/12/2013, lch. 33-49 | PE-CONS 58/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar |
| Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 614/2007<br>IO L 347, 20/12/2013, lch. 185-208 | PE-CONS 70/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar |

| |
|---|
| **Ráiteas ón gCoimisiún faoin Uasmhéid a d'fhéadfadh tionscadal comtháite amháin a fháil**<br>Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go mór leithdháileadh cothrom na gcistí idir na tionscadail chomhtháite chun an méid is mó tionscadal comhtháite is féidir a chistiú agus chun a áirithiú go mbeidh na tionscadail sin á scaipeadh go cothrom ar na Ballstáit ar fad. Sa chomhthéacs sin, molfaidh an Coimisiún, agus an dréachtchlár oibre á phlé in éineacht le comhaltaí Choiste LIFE, an t-uasmhéid is féidir a dhíriú ar thionscadal comhtháite amháin. Déanfar an togra seo a chomhtháthú sa nós imeachta chun na tionscadail a roghnú a chaithfear a ghlacadh faoi chuimsiú an chláir oibre ilbhliantúil. |
| **Ráiteas ón gCoimisiún faoi Stádas chistiú na bithéagsúlachta sna tíortha agus sna críocha thar lear (OCT)**<br><br>Cuireann an Coimisiún go mór i dtábhacht cosaint an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta sna tíortha agus sna críocha thar lear, mar a léirítear leis an togra le haghaidh Cinnidh maidir le Comhlachú thar lear, lena gcuimsítear na hearnálacha sin sna réimsí comhair idir an tAontas Eorpach agus na tíortha agus na críocha thar lear agus lena leagtar amach na gníomhaíochtaí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith incháilithe do chistiú ón Aontas Eorpach ina leith sin.<br>Ba thionscnamh é réamhghníomhaíocht BEST ar éirigh go maith leis agus ar ghlac na tíortha agus na críocha thar lear páirt ann, as ar tháinig torthaí nithiúla don bhithéagsúlacht agus do na seirbhísí éiceachórais. Agus gníomhaíocht BEST ag druidim chun deiridh, tá an Coimisiún toilteanach leanúint ar aghaidh léi faoi chuimsiú ceann de na hionstraimí nua, eadhon faoin gclár i ndáil le hearraí poiblí domhanda agus na dúshláin a bhaineann leo, a thagann faoin ionstraim maidir le comhar um fhorbairt.<br>Cuirfear na deiseanna a eascraíonn as Airteagal 6 de chlár LIFE don tréimhse 2014-2020 leis an deis sin de chistiú ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht sna tíortha agus críocha thar lear. |

<table>
<tr><td>Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2014 go 2020) a bhunú agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1718/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1855/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 1041/2009/CE<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 221-237</td><td>PE-CONS 77/13</td><td>Tromlach cáilithe</td><td>Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas:<br>I gcoinne: An Ostair</td></tr>
<tr><td colspan="4">Ráiteas ón gCoimisiún maidir le lógónna<br>Bratach na hEorpa amháin atá mar shainaitheantas físeach ag an gCoimisiún go bunúsach. Leis an mbeartas sin féadfaidh saoránaigh de chuid na hEorpa gníomhaíochtaí an Choimisiúin a shainaithint go saoráideach ar fud na hEorpa, fág go ndéanann lógónna éagsúla an infheictheacht sin a dhoiléiriú. Is oth leis an gCoimisiún, dá bhrí sin, go ndearna na comhreachtóirí úsáid lógónna a fhorchur ar an gCoimisiún, i gClár Eoraip na Cruthaitheachta, don dá fhochlár araon. Meastar don Choimisiún gur cás eisceachtúil is ea an toradh sin agus nach mbeidh sé ina fhasach do chláir eile.</td></tr>
<tr><td colspan="4">Ráiteas ón gCoimisiún maidir le nósanna imeachta coiste<br>Tá an Coimisiún den tuairim nár chóir go mbeadh glacadh treoirlínte neamhcheangailteacha ag an gCoimisiún faoi réir nósanna imeachta coiste toisc go bhfuil a cheart uathrialach féin ag an gCoimisiún é sin a dhéanamh faoin gConradh. Dá bhrí sin, meastar don Choimisiún nach féidir don fhoráil a dhéantar in Airteagal 17(3) maidir le treoirlínte a ghlacfar trí nós imeachta comhairleach cur isteach ar an gceart sin.</td></tr>
</table>

| |
|---|
| **Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis an mbuiséad**<br>Is oth leis an gCoimisiún gur fhorchuir na comhreachtóirí miondealú bhuiséad an chláir ar an gCoimisiún i gclár Eoraip na Cruthaitheachta agus gan aon chorrlaigh sholúbthachta ann. Cuireann an Coimisiún i bhfáth nach gcomhfhreagraíonn leithdháileadh righin an bhuiséid do phrionsabail na bainistíochta fónta airgeadais, go háirithe le haghaidh cláir a bhfuil acmhainní teoranta airgeadais leo ná do bharrfheabhsú leithdháileadh acmhainní thar chlárthréimhse seacht mbliana. D'fhonn freagairt do riachtanais oibríochtúla le linn an clár a bheith á chur i bhfeidhm, beidh gá le corrlach áirithe solúbthachta má éiríonn athruithe gan choinne sa timpeallacht shóisialta agus eacnamaíoch. Measann an Coimisiún gur cás eisceachtúil é an toradh seo ar na cúiseanna sin agus nach mbeidh sé ina fhasach do chláir eile. |
| **Ráiteas ón Ostair**<br>In Airteagal 167 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, glacann AE de chúram air féin an t-eolas atá ar chultúr agus ar stair san Eoraip a neartú agus an cultúr agus an stair sin a scaipeadh ar bhealach níos fearr mar aon leis an oidhreacht chultúrtha a chaomhnú agus tacú le malartú cultúrtha agus leis an gcruthaíocht ealaíonta neamhthráchtála, lena n-áirítear sa réimse closamhairc. Thairis sin, tá rún ag AE an éagsúlacht léirithe cultúir a chosaint agus a chur chun cinn agus d'aontaigh sé don Choinbhinsiún ábhartha de chuid UNESCO in 2006.<br>Dar leis an Ostair, baineann tábhacht ar leith le borradh a chur faoin gcruthaíocht ealaíonta neamhthráchtála. Murab ionann agus Clár Cultúir AE (2007 go 2013), tugtar an deis leis an bhFochlár Cultúir, faoi chuimsiú chlár AE nua Eoraip na Cruthaitheachta (2014 go 2020), cruthaíocht ealaíonta thráchtála a mhaoiniú freisin ó chistí AE. Ní thaobhaíonn an Ostair leis an gcur chuige nua sin san Fhochlár Cultúir de bhrí nach bhfuil an réimse cruthaíochta ealaíonta seachbhrabúis faoi réir ag na rialacha céanna agus atá an réimse brabúis agus ba cheart dá bhrí sin bearta tacaíochta ar leith a chur i bhfeidhm orthu araon d'fhonn an ghiaráil agus na dreasachtaí is fearr is féidir a bhaint amach.<br>Dá leathnófaí deiseanna cistiúcháin go gníomhaíochtaí cultúrtha brabúis, bheadh an baol ann go meathlódh an earnáil chultúrtha seachbhrabúis san Eoraip. Mar thoradh ar an méid sin, ní féidir leis an Ostair glacadh leis na forálacha ábhartha d'Airteagal 13 den Rialachán. |

<table>
<tr><td colspan="4">Ráiteas ó Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine<br>Ar bhonn prionsabail, taobhaíonn an Ghearmáin leis an gclár 'Eoraip na Cruthaitheachta' mar chlár Eorpach lena gcothófar an cultúr agus na meáin. Bheimis go mór in amhras áfach maidir leis an téacs a chomhaontú faoi mar atá sé faoi láthair.<br>Baineann an t-ábhar imní atá againn le gnéithe agus le saintréithe substainteacha atá nasctha le beartas cultúir agus a aithnítear in Airteagal 167(5) CFAE mar cheann de bhunúis dlí an chláir: de réir thuairim na Gearmáine níor cheart ach tionscadail chultúir seachbhrabúis a bheith i dteideal tacaíochta faoin bhFochlár Cultúir. Diúltaíonn an Ghearmáin do na cumhachtaí tarmligthe reachtacha a ndéantar foráil dóibh in Airteagal 20 agus in Airteagal 21 agus an ionstraim dlí a roghnaíodh - rialachán - ar bhonn phrionsabal na coimhdeachta agus ar bhonn comhchuibhiú a chosc i réimse an chultúir. Ba cheart don reachtóir Eorpach (.i. Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle), seachas an Coimisiún, sainchritéir cháilíochtúla meastóireachta a shainaithint agus a bhunú trí reachtóireacht tharmligthe.</td></tr>
<tr><td>Rialachán (AE) Uimh. 1350/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena leasaítear gníomhartha reachtacha áirithe i réimse an staidrimh talmhaíochta agus iascaigh<br>IO L 351, 21/12/2013, lch 1-14</td><td>PE-CONS 86/13</td><td>Tromlach cáilithe</td><td>Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas:<br>Ag staonadh: AT, DE</td></tr>
<tr><td colspan="4">Ráiteas ón gCoimisiún<br>Aithníonn an Coimisiún na hiarrachtaí atá déanta chun teacht ar chur chuige níos difreálaithe, agus cé go dtugann sé dá aire an clásal "Gan tuairim" i dTreoir 96/16/CE maidir le suirbhéanna staidrimh atá le déanamh i réimse an bhainne agus na dtáirgí bainne, meabhraítear dó nár cheart bheith taobh le pointe b den dara fomhír d'Airteagal 5 (5) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 (IO L 55, 28.2.2011, l. 13) ach amháin má tá gá sonrach ann le himeacht ón bprionsabal gur féidir leis an gCoimisiún togra le haghaidh gnímh chur chun feidhme a ghlacadh nuair a dhéantar 'Gan tuairim' a eisiúint. Ós rud é gur eisceacht atá ann, ní féidir a mheas gur "cumhacht dhiscréideach" de chuid an reachtóra atá i gceist le húsáid na forála sin, ach gur cheart é a léirthuiscint ar bhealach sriantach agus , dá réir sin, bonn cirt a thabhairt dó in aithris.</td></tr>
</table>

| | | | |
|---|---|---|---|
| Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 67/2010<br>IO L 348, 20/12/2013, lch 129-171 | PE-CONS 76/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas:<br>Ag staonadh: UK |

**Ráitis ón gCoimisiún**

1. Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil an saincheart ag na Ballstáit tionscadail a chur i láthair le haghaidh cistithe faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa. Ní dhéanann na céatadáin tháscacha le haghaidh sainchuspóirí iompair a liostaítear i gCuid IV den Iarscríbhinn difear ar bith don saincheart sin.

2. Is oth leis an gCoimisiún go mór go gcuimsítear Airteagal 18 ann lena dtugtar isteach an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 chun cúnamh airgeadais an Aontais a dheonú do na tionscadail nó do chodanna de na tionscadail a roghnaítear tar éis gach iarrata ar thograí ar bhonn na gclár oibre ilbhliantúil nó bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 17 den Rialachán maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa. Meabhraíonn an Coimisiún nár moladh an nós imeachta seo in aon cheann de na gníomhaíochtaí earnála faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (MFF). Bhí sé mar aidhm leis sin cláir an Chreata Airgeadais Ilbhliantiúil a shimpliú ar mhaithe le faighteoirí cistiúcháin ón AE. Luathófaí leis an nós imeachta dá bhféadfaí cinntí deontais a fhormheas gan scrúdú ón gcoiste, rud a laghdódh an t-am deonaithe ar mhaithe le tionscnóirí tionscadail agus rómhaorlathas neamhriachtanach agus costas á seachaint fairis sin. Ina theannta sin, meabhraíonn an Coimisiún gur cuid dá shainphribhléid institiúideach é cinntí deontais a dhéanamh a bhaineann leis an mbuiséad a chur i gcrích agus nár cheart, mar sin, é a ghlacadh tríd an nós imeachta coiste. Measann an Coimisiún freisin nach féidir glacadh leis an gcuimsiú sin mar fhasach d'ionstraimí cistiúcháin eile mar gheall ar chineál sonrach na dtionscadal bonneagair ó thaobh tionchair ar chríocha na mBallstát.

| |
|---|
| 3. Is oth leis an gCoimisiún go gcuimsítear in Airteagal 2(5) agus in Airteagal 5(2) tagairtí do chostais na gníomhaireachta feidhmiúcháin ar chuir an Coimisiún cur chun feidhme an cúram air codanna sonracha den tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, i gcomhthéacs gníomhaíochtaí chun tacú le cláir. Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil an saincheart ag an gCoimisiún féin, tar éis dó réamhanailís ar chostais agus ar shochair a dhéanamh, gníomhaireacht feidhmiúcháin a chur ar bun d'fhonn cúraimí áirithe maidir le clár a bhainistiú a chur ar a hiontaoibh, i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle. Níor cheart go ndéanfaí ,le téacs an Rialacháin maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, réamhbhreith ar an bpróiseas maidir le hanailís ar chostais agus ar shochair a chur i gcrích ar mhaithe le cúraimí a chur ar iontaoibh ghníomhaireachta feidhmiúcháin chun an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a chur chun feidhme. Measann an Coimisiún freisin nach féidir leis an uasteorainn sin a bheith ina fhasach d'ionstraimí cistiúcháin eile mar gheall ar chineál sonrach na dtionscadal bonneagair a ndéanann an Ghníomhaireacht bainistiú orthu. |
| **Ráiteas ó Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine**<br>Tá comhchuibhiú na gconairí lasta anois ina eilimint den idirbheartaíocht sa phlé atá á dhéanamh ar an Rialachán maidir le Saoráid um 'Chónascadh na hEorpa' a bhunú.<br>Is mian leis an nGearmáin a chur in iúl arís nach ndiúltaíonn sí go ginearálta do na conairí lasta a chomhchuibhiú le struchtúir chonairí eile.<br>Sa chomhthéacs sin, léirigh an Ghearmáin go sainráite na coinníollacha agus na rialacha a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 lena rialaítear go gcaithfear na conairí atá ann cheana a fheidhmiú i gcás ina ndéantar modhnuithe ar na conairí lasta nó i gcás ina ndéantar leathnú orthu. Thug an Ghearmáin dá haire freisin go gcaithfear a chur san áireamh, mar riachtanas, an taithí a fuarthas de bharr na gconairí atá ann cheana agus a gcuirfear na cinn tosaigh díobh ag oibriú i mí na Samhna 2013.<br>Ba mhaith leis an nGearmáin a seasamh a dhearbhú leis an ráiteas sin. Tá imní fós uirthi maidir le gnéithe foirmiúla an nós imeachta a roghnaíodh. |

**Ráiteas ón Ríocht Aontaithe**

Tacaíonn an Ríocht Aontaithe ar an mórchóir le forbairt na gConairí Lasta Iarnróid i gcás ina ndéanfar an fhorbairt i gcomhréir leis na sásraí atá i bhfeidhm cheana faoin Rialachán maidir le Conairí Lasta Iarnróid (913/2010), ach bonn cirt a bheith léirithe leis sin ó thaobh an mhargaidh de.

Táimid i mbun plé cheana le Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún Eorpach i gcomhréir leis an Rialachán sin chun Conair 2 a leathnú trí Thollán Mhuir nIocht agus suas chomh fada le Londain. Rinneadh an cinneadh sin ar bhonn anailíse maidir le tairbhe fhónta mhargaidh agus shocheacnamaíoch.

Tá comhchuibhiú na gconairí lasta ina eilimint den idirbheartaíocht sa phlé atá á dhéanamh ar an Rialachán maidir le Saoráid um Chónascadh na hEorpa a bhunú.

Ní chreidimid, áfach, gur ceart leas a bhaint as an Rialachán maidir le Saoráid um Chónascadh na hEorpa chun athruithe a mholadh i ndáil leis na Conairí Lasta Iarnróid ná chun spriocdhátaí a leagan síos ina leith. Leis an gcur chuige sin, tagtar timpeall ar nósanna imeachta formheasa a ráthaítear leis an reachtaíocht atá ann cheana, cur chuige nár tháinig na Ballstáit rannpháirteacha faoi seach ar chomhaontú ina leith agus nach bhfuil an anailís ar thairbhe mhargaidh agus shocheacnamaíoch ag tacú leis ach chomh beag.

| |
|---|
| Creidimid go mbeidh tionchar díreach ar chríoch Ballstáit ag an méadú a bheartaítear do na Conairí Lasta Iarnróid. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an méadú a bheartaítear faoi réir cheadú an Bhallstáit lena mbaineann, mar a fhoráiltear faoin dara mír d'Airteagal 172 den Chonradh.<br>I gcás na Ríochta Aontaithe, chaithfí, mar gheall air sin, comhaontú a fháil uainne maidir le suíomhanna níos faide ar shiúl ná Londain a áireamh i gConair Lasta Iarnróid. Ní aontaímid gur ceart iad a chur san áireamh agus táimid den tuairim gur ceart cloí le Londain mar an ceannscríbe deiridh do na Conairí Lasta Iarnróid sa Ríocht Aontaithe.<br>I gcomhthéacs níos ginearálta, creidimid nár cheart go mbeartófaí na Conairí Lasta Iarnróid a mhéadú ach amháin sa chás go dtacaítear leis an méadú sin le hanailís ar thairbhe mhargaidh agus shocheacnamaíoch a bheidh dearfa.<br>Dá bharr sin, beimid ag staonadh ón Rialachán maidir le Saoráid um Chónascadh na hEorpa a bhunú. |
| **Ráiteas ón Laitvia**<br>Tacaíonn an Laitvia le cuspóirí an togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid um Chónascadh na hEorpa agus is díol sásaimh di toradh foriomlán an phlé maidir leis an togra sin.<br>Idir an dá linn, tá imní fós ar an Laitvia maidir leis an togra a bhaineann le hionadú a dhéanamh ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le líonra Eorpach iarnróid do lasta iomaíoch ("An Rialachán maidir le Conairí Lasta Iarnróid" anseo feasta).<br>An togra comhréitigh deiridh maidir le conair lasta iarnróid "Muir Thuaidh - Muir Bhailt" a mhéadú i gcás na Laitvia don tréimhse idir an 10ú Samhain 2020 ar a dhéanaí agus tabhairt i gcrích líne Iarnróid Mhuir Bhailt i leithead rianta ainmniúil 1435 mm, bheadh feidhm aige maidir le líne iarnróid lena ngabhann leithead rianta 1520 mm. Tugann an Laitvia dá haire go bhfuil sí go mór in amhras faoin tsuim a d'fhéadfadh a bheith ag iarratasóirí maidir leis an gcuid sin den chonair lastais iarnróid "Muir Thuaidh - Muir Bhailt" mura mbeidh bonn cirt ann a bhunófar ar anailís fhónta ar chostas agus tairbhe. Mar sin, ní mheasann an Laitvia go bhféadfar an chothromaíocht cheart a bhaint amach i ndáil leis na costais shocheacnamaíocha agus na tairbhí socheacnamaíocha.<br>Go dtí go dtabharfar i gcrích agus go n-áireofar dá éis sin líne Iarnróid Mhuir Bhailt i leithead rianta ainmniúil 1435 mm sa chonair lasta iarnróid "Muir Thuaidh-Muir Bhailt", ní bheidh trácht iarnróid gan bhriseadh chuig an síneadh seo den chonair lasta iarnróid indéanta ar bhonn praiticiúil mar gheall ar na difríochtaí sna leithid rianta. |

<table>
<tr><td colspan="4">Mar sin de, ní mór an leithdháileadh conaire chomh maith le comhordú na saincheisteanna oibríochtúla i ndáil leis an gcuid sin den chonair lastais iarnróid a dhéanamh ar leith ón gcuid a bhaineann lena leithead rianta ainmniúil 1435 mm.<br>Chomh maith leis na hábhair imní a luaitear thuas, tá imní ar an Laitvia freisin faoin gcur chuige a mbaintear úsáid as - ionadú a dhéanamh ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán maidir le Conairí Lasta Iarnróid gan athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhthéacs an Rialacháin seo - measann an Laitvia nach gcloítear mar is cuí le roinnt forálacha amhail na critéir chun sainmhíniú a dhéanamh ar níos mó conairí lastais iarnróid (Airteagal 4) agus na forálacha maidir le tuilleadh conairí lastais a roghnú (Airteagal 5, go háirithe pointe 3 agus pointe 4).<br>Tá an Laitvia den tuairim láidir gurb é leithead rianta ainmniúil 1435 mm líne Iarnróid Mhuir Bhailt an líne is iomchuí maidir le leathnú a dhéanamh ar chonair lastais iarnróid "Mhuir Thuaidh - Mhuir Bhailt", agus nach mór, nuair a bheidh sé tógtha, é a chomhtháthú go hiomlán i ngach struchtúr agus i ngach nós imeachta a ghabhann le conair lastais "Mhuir Thuaidh - Mhuir Bhailt" mar a leagtar amach leis an Rialachán maidir le Conairí Lastais Iarnróid.</td></tr>
<tr><td>Rialachán (AE) Uimh. 1285/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le cur chun feidhme agus saothrú córas Eorpach um loingseoireacht satailíte agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 876/2002 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 683/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>IO L 347, 20/12/2013, lch. 1-24</td><td>PE-CONS 26/13</td><td>Tromlach cáilithe</td><td>Na ballstáit uile i bhfabhar</td></tr>
</table>

| |
|---|
| **Dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le Painéal Idirinstitiúideach GALILEO (GIP)**<br>1. Ag féachaint do thábhacht, d'uathúlacht agus do chastacht na gclár Eorpach GNSS, d'úinéireacht Aontais na gcóras a leanann ó na cláir, do mhaoiniú iomlán na gclár ag buiséad an Aontais don tréimhse 2014-2020, aithníonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach an gá atá le dlúthchomhar idir na trí institiúid.<br>1. Tiocfaidh Painéal Idirinstitiúideach Galileo (GIP) le chéile agus é mar aidhm aige a éascú do gach institiúid de chuid an Chomhphobail a freagracht faoi seach a fheidhmiú. Chuige sin, bunófar GIP chun na nithe seo a leanas a leanúint go dlúth:<br>a) an dul chun cinn i dtaca le cur chun feidhme na gclár Eorpach GNSS, go háirithe maidir le cur chun feidhme comhaontuithe fála agus conartha, go háirithe maidir le GES;<br>b) na Comhaontuithe Idirnáisiúnta le tríú tíortha gan dochar d'fhorálacha Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;<br>c) ullmhú na margaí loingseoireachta satailíte;<br>d) éifeachtúlacht na socruithe rialachais; agus<br>e) athbhreithniú bliantúil ar an gclár oibre.<br>2. I gcomhréir leis na rialacha atá ann cheana, urramóidh GIP an gá atá le discréid, go háirithe ag féachaint do rúndacht tráchtála agus d'íogaireacht sonraí áirithe. |
| 3. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh na tuairimí a nochtfaidh GIP.<br>4. Beidh seachtar ionadaithe ar GIP, mar atá:<br>– triúr ón gComhairle,<br>– triúr ó Pharlaimint na hEorpa,<br>– ionadaí amháin ón gCoimisiún,<br>agus tiocfaidh sé le chéile go rialta (i bprionsabal ceithre huaire sa bhliain).<br>5. Ní dhéanfaidh GIP difear do na freagrachtaí atá bunaithe ná don chaidreamh idirinstitiúideacha. |

**Ráiteas ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht saineolaithe slándála ó na Ballstáit**

Le súil ar na himpleachtaí slándála maidir leis na córais agus ar a bhfeidhmiú, cuireann an Chomhairle in iúl go bhfuil sé riachtanach don Choimisiún dul i gcomhairle leis na saineolaithe slándála ábhartha ó na Ballstáit agus a dtuairim a chur san áireamh ina hiomláine i gcás ina leagfar síos cuspóirí ardleibhéil atá riachtanach chun slándáil na gclár a áirithiú.

Cuireann an Chomhairle i bhfáth go bhfuil sé beartaithe ag na Ballstáit na hionadaithe ar a gcuid údarás náisiúnta faoi seach sa Bhord Slándála um Chórais Eorpacha GNSS, a bunaíodh le Cinneadh 2009/334/CE ón gCoimisiún, a ainmniú mar shaineolaithe sa phróiseas seo. Cuireann sí i bhfáth freisin seasamh na mBallstát gur cheart do na saineolaithe seo comhairle a thabhairt don Choimisiún ar bhonn comhthola, a mhéid is féidir. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún oibriú in éineacht leis na saineolaithe seo chuige sin.

Athdhearbhaíonn an Chomhairle tábhacht na gcomhairliúchán thuas agus an gá atá ann go gcuirfidh an Coimisiún tuairim na saineolaithe san áireamh ina hiomláine. Coimeádann an Chomhairle an ceart aici féin chun breithniú a dhéanamh ar na roghanna dá bhforáiltear faoin Rialachán seo le haghaidh córas Eorpach um loingseoireacht satailíte, go háirithe maidir le hagóid a dhéanamh i ndáil leis na gníomhartha tarmligthe faoi seach.

| **Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 14(1)**<br>1. Áiritheoidh an Coimisiún, agus na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 14(2) á n-ullmhú aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur an tráth céanna, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí agus thrédhearcaigh i bhfad roimh ré, lena n-áirítear nuair is iomchuí sin maidir leis an éifeacht phraiticiúil a dtabharfaí do na gníomhartha tarmligthe seo, go háirithe i ndáil le saineolaithe a thagann ó údaráis náisiúnta na mBallstát ar fad, a bheidh freagrach as cur chun feidhme na ngníomhartha tarmligthe seo a luaithe a ghlacfar leo nó a leasófar iad, agus cuirfidh sé tuairimí na saineolaithe san áireamh ina n-iomláine.<br>2. Toisc go bhfuil ceist na slándála náisiúnta ábhartha go háirithe agus na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 14(2) á n-ullmhú, á dtarraingt suas agus á leasú agus, nuair is iomchuí sin, éifeacht phraiticiúil á tabhairt dóibh, is díol sásaimh don Choimisiún go bhfuil sé beartaithe ag na Ballstáit na hionadaithe ar a gcuid údarás náisiúnta faoi seach sa Bhord Slándála um Chórais Eorpacha GNSS, a bunaíodh le Cinneadh 2009/334/CE ón gCoimisiún, a ainmniú mar shaineolaithe sa phróiseas seo, agus is díol sásaimh dó freisin seasamh na mBallstát gur cheart do na saineolaithe seo, agus iad ag obair i gcomhar leis an gCoimisiún, a mhéid is féidir, comhairle a thabhairt don Choimisiún ar bhonn comhthola. |
|---|
| **Ráiteas ón bhFrainc, ón nGearmáin agus ón Ríocht Aontaithe**<br>Meabhraíonn an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Ríocht Aontaithe nach bhfuil bonn cirt le leas a bhaint as gníomhartha tarmligthe ach má tá sé cruthaithe go bhfuil gá le gnéithe neamhriachtanacha an ghnímh reachtaigh a fhorlíonadh nó a leasú, agus, ag an am céanna, go ndéantar na gnéithe bunriachtanacha de réimse a fhágáil don ghníomh reachtach féin. Ní fhéadfar breathnú ar an gcumhacht tarmligthe, mar sin, mar athróg um choigeartú sa chaibidlíocht.<br>Sa chás seo, measann an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Ríocht Aontaithe gur cheart gur faoin mbunghníomh a thiocfadh na ceisteanna slándála sin a bhforáiltear sa chás seo do leas a bhaint as gníomhartha tarmligthe ina leith. Fairis sin, is cúis aiféala dóibh go mbaintear leas as gníomhartha tarmligthe agus as bearta cur chun feidhme i dteannta a chéile nach ndéanfar leo, ar dóigh ar bith, an dlí a shimpliú agus nach gcuideofaí leo le hinléiteacht ná le hinrochtaineacht an dlí. Dá bhrí sin, tabharfaidh siad aird ar leith ar ábhar na ngníomhartha tarmligthe a d'fhéadfaí a ghlacadh amach anseo sa chomhthéacs sin. |

**Ráiteas ó Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine**

Agus aird á tabhairt ar an tábhacht atá ag ceisteanna a bhaineann le slándáil, ba mhian le Poblacht Chónaidhme na Gearmáine a chur i bhfáth gur ghlac Coiste Slándála na Comhairle a thuairim an 25.11.2013 d'aonghuth ar an gCinneadh Tarmligthe ón gCoimisiún maidir le Comhchaighdeáin Íosta don tSeirbhís Phoiblí Rialaithe de Chlár Eorpach GNSS (16439/13).

Sa tuairim sin, mheas an Coiste Slándála nach raibh gníomhartha tarmligthe "oiriúnach mar ionstraim chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna atá íogair ó thaobh na slándála de", toisc nach mbeadh an Chomhairle in ann ach cur chuige a ghlacadh le linn phróiseas an ghlactha deiridh ina mbeadh sí á nglacadh ina n-iomláine nó á ndiúltú amach is amach. Dúirt an Coiste Slándála "gur cheart don reachtóir [an pointe sin] a mheabhrú agus gníomhartha reachtacha á nglacadh aige a bhaineann le cúrsaí slándála as seo amach."

Níor cuireadh an tuairim sin ar fáil tráth ar caibidlíodh Rialachán GNSS níos luaithe sa bhliain agus ní rabhthas in ann í a thabhairt san áireamh dá bharr.

Ba cheart í a thabhairt san áireamh áfach agus leasuithe ar Rialachán GNSS á ndéanamh as seo amach.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE<br>IO L 348, 20/12/2013, lch. 1-128 | PE-CONS 42/13 | Tromlach cáilithe | Na ballstáit uile i bhfabhar |
| **Comhráiteas ón tSlóivéin agus ón gCróit**<br>I bhfianaise an chéad athbhreithnithe eile a dhéanfar ar an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt (an Rialachán). Comhaontaíonn an tSlóivéin agus an Chróit machnamh a dhéanamh ar staidéar comhpháirteach. Agus an t-ailíniú is iomchuí maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) idir na príomhnóid/nóid lárnacha ábhartha (.i. Liúibleána, Ságrab, München, Wien) á chur san áireamh, dhíreofaí leis an staidéar ar an ailíniú is iomchuí maidir leis an nasc iarnróid idir Ságrab agus Maribor a fhiosrú.<br>Na sochair agus na costais shóisialta, eacnamaíocha, airgeadais, aeráide agus chomhshaoil ábhartha ar fad, riachtanais agus sruthanna iompair amach anseo mar aon leis an modheolaíocht agus leis na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán, chuirfí san áireamh sa staidéar iad. Iarrfar ar an gCoimisiún Eorpach an staidéar sin a chómhaoiniú. | | | |

| |
|---|
| **Ráiteas ón Iodáil**<br>Cáineann an Iodáil go láidir an mhainneachtain calafort Civitavecchia a áireamh in Iarscríbhinn II den Rialachán maidir le treoirlínte chun an Gréasán Tras-Eorpach Iompair a fhorbairt.<br>Iarradh arís agus arís eile go n-áireofaí an calafort i liosta chalafoirt an chroíghréasáin ar leibhéal teicniúil agus ar leibhéal polaitiúil araon. Rinneadh an t-iarratas céanna arís agus arís eile sa Pharlaimint freisin.<br>Freastalaíonn calafort Civitavecchia ar phríomhnód uirbeach na Róimhe, ní hamháin gur príomhchathair í an Róimh, ach tá sí bunaithe ar an modheolaíocht Eorpach, i.e is nód ollmhór í agus is Mórcheantar Uirbeach (LUZ) í freisin ina bhfuil níos mó ná milliún áitritheoir.<br>Ceadaítear le hAirteagal 47(1) den Rialachán maidir le treoirlínte agus freisin leis an modheolaíocht a ghlac an Coimisiún araon (Iarscríbhinn 2, pointe 2 de SEC(2001) 101 final an 19 Eanáir 2011)[1] calafort Civitavecchia a áireamh sa chroíghréasán.<br>Tá calafort Civitavecchia ag barr an rangaithe Eorpaigh ó thaobh líon na bordála, na díbhordála agus na n-idirthuras.<br>Tá an fad tíreolaíoch idir calafort Civitavecchia agus nód uirbeach na Róimhe cuí-réasúnaithe mar gheall ar dhoimhneacht na gcuislí inseolta.<br>Ní fhéadfar a chonspóid, ar chúiseanna stairiúla agus tíreolaíocha, gurb é calafort Civitavecchia an príomhchalafort a fhreastalaíonn ar chathair na Róimhe.<br>Is ionann Civitavecchia agus Calafort na Róimhe.<br>Forchoimeádann an Iodáil an ceart tabhairt faoi aon tionscnamh a d'fhéadfadh an mhainneachtain gan údar a rinneadh calafort Civitavecchia a áireamh sa chroíghréasán a réiteach. |
| **Ráiteas ón gCoimisiún**<br>Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfuil sé contrártha le teachtaireacht agus le spiorad Rialachán 182/2011 (OJ L 55 an 28.2.2011, lch. 13), pointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 5(4) a agairt ar mhodh córasach. Níor cheart dul i muinín na forála sin ach amháin má tá gá sonrach ann imeacht ón riail láimhe, is é sin go bhféadfaidh an Coimisiún dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh mura dtabharfar aon tuairim. Toisc gurb eisceacht é ón riail ghinearálta a bunaíodh le hAirteagal 5 (4), ní féidir glacadh le dul i muinín phointe (b) den dara fomhír mar "cumhacht lánroghnach" an reachtóra, agus ní mór ciall a bhaint as ar bhealach sriantach agus, mar sin, údar a bheith leis. |

1 Sonraítear i dtéacs an Rialacháin maidir le treoirlínte (Airteagal 47(1), an chéad fhleasc) gur nóid den chroíghréasán iad "**na nóid uirbeacha, *lena n-áirítear na calafoirt agus na haerfoirt atá acu***"**.** Faoi mhodheolaíocht an Choimisiúin (Iarscríbhinn 2, pointe 2.2, leathanach 25 den leagan Béarla), is príomhnód é: "príomhchathair Bhallstát AE", "Mórcheantar Fáis" (MEGA) nó "comhchathair (...) a bhfuil níos mó ná milliún áitritheoir inti".

| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
|---|---|
| GNÍOMH | DOICIMÉAD / RÁITIS |
| Treoir 2013/59/Euratom an 5 Nollaig 2013 ón gComhairle lena leagtar síos caighdeáin bhunúsacha sabháilteachta don chosaint i gcoinne na contúirte a eascraíonn as nochtadh don radaíocht ianúcháin, agus lena n-aisghairtear Treoracha 89/618/Euratom, 90/641/Euratom, 90/641 Euratom, 96/29/Euratom, 97/43/Euratom agus 2003/122/Euratom<br><br>IO L 13, 17/01/2014, lch. 1-73 | 13675/13 |
| **An 3279ú cruinniú de chuid Chomhairle an Aontais Eorpaigh (CEARTAS AGUS GNÓTHAÍ BAILE) a tionóladh sa Bhruiséil an 5 agus an 6 Nollaig 2013** | |
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD / RÁITIS |
| Cinneadh ón gComhairle maidir leis an síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, ar an gChomhaontúidir Ceanada agus an tAontas Eorpach maidir le Taifid Ainmneacha Paisinéirí a aistriú agus a phróiseáil | 12653/13 |
| **Ráiteas ón Danmhairg**<br>I gcomhréir le hAirteagal 29 den Chomhaontú, féadfaidh an Coimisiún Eorpach cur in iúl do Cheanada gur roghnaigh an Danmhairg a bheith faoi cheangal an Chomhaontaithe.<br>Ní féidir fógra an Choimisiúin Eorpaigh do Cheanada i dtaca leis an Danmhairg a thabhairt ach amháin má tá na céimeanna glactha ag an Danmhairg, i gcomhréir lena ceanglais bhunreachtúla, atá riachtanach chun go mbeidh sí faoi cheangal an Aontais Eorpaigh sa limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais. Go dtí sin, níl an Danmhairg faoi cheangal an Chomhaontaithe nó faoi réir a chur chun feidhme i gcomhréir le Prótacal (Uimh. 22) maidir le seasamh na Danmhairge atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. | |

| | |
|---|---|
| Conclúidí ón gComhairle maidir le foláirimh de bhun Airteagal 26 de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 maidir le SIS II a bhunú, a oibriú agus a úsáid | 17112/13 |
| **Ráiteas ón gCoimisiún**<br>Aithníonn an Coimisiún a thábhachtaí atá sé éifeachtúlacht bearta srianta i gcoinne náisiúnaithe tríú tíortha a mhéadú trí thoirmeasc a chur go héifeachtach ar a ndul isteach nó a n-idirthuras sa limistéar Schengen. Chuige sin, tacaíonn sé go hiomlán le tionscnamh na hUachtaránachta.<br>Ní mór a chur i dtreis, áfach, go dtiteann an fhreagracht maidir le cur chun feidhme bearta sriantacha den sórt sin ar na Ballstáit go príomha ós rud é (i) go bhforáiltear dóibh i gcinntí CBES agus (ii) tá rochtain eisiach ag Ballstáit ar SIS II. Dá bhrí sin, ní féidir dea-thoradh ar shásra athbhreithnithe comhordaithe a bhaint amach ach amháin má dhéanann Ballstáit a ndícheall maidir le cáilíocht sonraí agus nósanna imeachta náisiúnta a fheabhsú. | |
| Conclúidí ón gComhairle maidir le hOll-aslonnú i gcás Tubaistí san Aontas Eorpach | 16155/13 |
| Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le heisiúint víosaí gearrfhanachta a éascú | 16084/13 |
| Conclúidí ón gComhairle lena nglactar clár oibre AE 2014-2016 maidir le rioscaí don tsábháilteacht, don tslándáil agus don ord poiblí a íoslaghdú i ndáil le himeachtaí spóirt, go háirithe cluichí sacair idirnáisiúnta | 16373/13 |
| Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach, thar ceann an Aontais, Prótacail atá i gceangal leis an gComhaontú Chomhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, maidir le Comhaontú Réime idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia, i ndáil leis na prionsabail ghinearálta i gcomhair rannpháirtíocht na Seoirsia i gcláir de chuid an Aontais | 16611/13 |

| | |
|---|---|
| Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích Prótacail atá i gceangal leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, maidir le Comhaontú Réime idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia i ndáil le prionsabail ghinearálta i gcomhair rannpháirtíocht na Seoirsia i gcláir de chuid an Aontais | 16612/13 + COR 1 |
| Prótacal don Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, maidir le Comhaontú Réime idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia i ndáil le prionsabail ghinearálta i gcomhair rannpháirtíocht na Seoirsia i gcláir de chuid an Aontais | 16613/13 + COR 1 |
| Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh a bheidh ag an Aontas Eorpach ag 9ú Comhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le slándáil bia, riarachán maidir le Cuóta Rátaí Taraife agus an Sásra Faireacháin | 15637/13 |
| Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcoireacht fuatha a chomhrac san Aontas Eorpach | 17057/13 |
| Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil ar Shaoránacht AE 2013 | 16783/13 |
| Conclúidí ón gComhairle maidir leis an meastóireacht ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha | 16622/13 |

| **An 3280ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (FOSTAÍOCHT, BEARTAS SÓISIALTA, SLÁINTE AGUS GNÓTHAÍ TOMHALTÓIRÍ) a tionóladh sa Bhruiséil an 9 agus an 10 Nollaig 2013** | |
|---|---|
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD / RÁITIS |
| 2013/744/AE: Cinneadh ón gComhairle ar an 9 Nollaig 2013 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Phrótacail chun Deireadh a Chur le Trádáil Aindleathach i dTáirgí Tobac atá i gceangal le Coinbhinsiún Réime na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac, maidir lena fhorálacha i ndáil le hoibleagáidí a bhaineann le comhar breithiúnais in ábhair choiriúla, cionta coiriúla a shainiú agus comhar póilíneachta<br>IO L 333, 12/12/2013, lch. 73-74 | 14929/13 |
| 2013/745/AE: Cinneadh ón gComhairle ar an 9 Nollaig 2013 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Phrótacail le Deireadh a Chur le Trádáil Aindleathach i dTáirgí Tobac le Creat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac, seachas a fhorálacha i ndáil le hoibleagáidí a bhaineann le comhar breithiúnais in ábhair choiriúla, cionta coiriúla a shainiú agus comhar póilíneachta<br>IO L 333, 12/12/2013, lch. 75-76 | 14711/13 + COR 1<br>+ COR 2<br>+ ADD 1 |

| |
|---|
| **Ráiteas ó na toscaireachtaí BE, BG, CZ, DK, DE, EE, EL, ES, HR, IT, CY, LV, LT, LU, HU, MT, NL, AT, PL, PT, RO, SI, SK, FI agus UK**<br>Ba mhaith leis na toscaireachtaí réamhluaite aird a dhíriú ar chur chun feidhme an Phrótacail FCTC ón ESD chun deireadh a chur le trádáil aindleathach i dtáirgí tobac agus iarrann siad ar an gCoimisiún go ndéanfar gach iarracht is féidir chun ualach rialacháin atá díréireach ar riaracháin nó tionscal a theorannú. |
| **Ráiteas ó na toscaireachtaí BE, BG, CZ, DK, DE, EE, IE, EL, ES, FR, HR, IT, CY, LV, LT, LU, HU, MT, NL, AT, PL, PT, RO, SI, SK, FI agus UK**<br>De bhun Airteagal 44, an tríú mír den Phrótacal FCTC chun Deireadh a chur le Trádáil Aindleathach i dTáirgí Tobac, dearbhóidh an tAontas an inniúlacht atá aige i ndáil le hábhair arna rialú ag an bPrótacal. Deimhníonn na toscaireachtaí réamhluaite leis seo go reachtófar mionphlé i gcomhlachtaí ábhartha na Comhairle agus go gcomhaontófar liosta iomlán agus mionsonraithe de na hinniúlachtaí mar chuid den chinneadh maidir le Tabhairt Chun Críche an Phrótacail, i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta. |
| **Ráiteas ó na toscaireachtaí BE, BG, CZ, DK, DE, EE, IE, EL, HR, IT, CY, LV, LT, LU, HU, NL, AT, PT, RO, SI agus FI**<br>I bhfianaise a thábhachtaí atá sé comhaontú a bhaint amach laistigh de spriocam réasúnta ar an gCinneadh maidir le síniú an Phrótacail chun Deireadh a chur le Trádáil Aindleathach i dTáirgí Tobac atá i gceangal le Coinbhinsiún Réime na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac, chinn an Chomhairle gan na forálacha sa Phrótacal sin ina bhfuil oibleagáidí ar chomhpháirtithe conarthacha a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, cionta coiriúla a shainiú agus comhar póilíneachta, a shainiú go mion. Ar an gcéad amharc, tá Airteagal 14, Airteagal 16, Airteagal 19, Airteagal 23, Airteagal 26, Airteagal 27, Airteagal 29 agus Airteagal 30 den Phrótacal i gceist, ach tá sé beartaithe ag an gComhairle breathnú níos mó ar an tsaincheist seo le go mbeidh liosta réidh tráth a ndéanfaidh sí cinneadh ar thabhairt chun críche an Phrótacail. |

| |
|---|
| **Ráiteas ó na toscaireachtaí AT agus RO**<br>Tá na toscaireachtaí réamhluaite den tuairim go mbaineann cinntí ón gComhairle atá i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE le comhaontú go huile agus go hiomlán. Níl sé inmharthana go dlíthiúil cinneadh a roinnt ina chinntí éagsúla ina ndéantar tagairt d'airteagail ar leith den chomhaontú. |
| **Ráiteas ó na toscaireachtaí IT, PL, PT, SK agus RO**<br>Is díol mór sásaimh do na toscaireachtaí réamhluaite na forálacha maidir le rianú dá bhforáiltear in Airteagal 8 den "Prótacal chun deireadh a chur le trádáil aindleathach i dtáirgí tobac". Iarrann na toscaireachtaí sin dá bhrí sin go n-áiritheoidh an Coimisiún, má fhoráiltear bearta maidir le rianú sa Togra chun "Treoir 2001/37/CE maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le táirgí tobac a mhonarú, a chur i láthair agus a dhíol" a athbhreithniú, beidh na bearta sin comhsheasmhach leo siúd sa Phrótacal. |
| **Ráiteas ó na toscaireachtaí BG, CZ, DK, DE, EL, ES, FR, HR, IT, CY, LV, LU, HU, MT, NL, AT, PL, PT, RO, SK, SE, FI agus UK**<br>Caithfidh nach córas bunachair sonraí dhomhanda a bheidh sa phointe comhtheagmhála do chomhroinnt dhomhanda faisnéise atá in Airteagal 8, mír 1 agus míreanna 8-9 den Phrótacal. Tuigeann na toscaireachtaí réamhluaite go measfar an fhoráil ar rochtain ar bhunachar sonraí monaróra, ag an údarás inniúil i ndlínse an mhonaróra tobac, riachtanais an phointe comhtheagmhála do chomhroinnt dhomhanda faisnéise a chomhlíonadh. |

| |
|---|
| **Ráiteas ó thoscaireacht UK**<br>Faoi Airteagal 4 CFAE, limistéar ina roinntear inniúlacht is ea é limistéar saoirse, slándála agus ceartais. Ós rud é nach bhfuil tionchar nó nach ndéantar athrú ar raon feidhme rialacha an Aontais atá sa réimse seo cheana, ní bhfuair an AE inniúlacht sheachtrach eisiach de bhua Airteagal 3(2) CFAE agus dá bhrí sin is limistéar inniúlachta comhroinnte fós an limistéar seo. Dá bhrí sin, tá UK den tuairim, sna dálaí áirithe sin, nach bhfuil gá ann le Cinneadh ar leith ón gComhairle lena n-údarófar do AE an Prótacal maidir leis an limistéar saoire, slándála agus ceartais a shíniú. |
| **Ráiteas ón gComhairle**<br>Laistigh de AE, cuirfear Airteagal 6 den Phrótacal chun feidhme tríd an gcóras atá leagtha síos i dTreoir 2008/118/CE, a mhéid is a bhaineann sé le tobac monaraithe de réir bhrí Threoir 2011/64/AE (toitíní, todóga, todóigíní agus tobac a chaitear). |
| **Ráitis ón gCoimisiún**<br>1. Measann an Coimisiún nach bhfuil bonn cirt ann sa chás seo le cinneadh ón gComhairle maidir le síniú a theorannú d'ábhair a bhfuil inniúlachtaí eisiacha ag an Aontas ina leith. Tá réimsí ina dtugtar inniúlacht eisiach sa Phrótacal bunriachtanach, agus ní féidir iad a scaradh ó pháirteanna inniúlachta comhroinnte. Is é an tuairim atá ag an gCoimisiún gur cheart go dtuigtear síniú an Aontais mar léiriú go bhfuil sé ar intinn aige tabhairt chun críche iomlán an Phrótacail a mheas, go leithleach leis na Ballstáit ag gníomhú go cómhalartach i dtaca le hAirteagal 4(3) CAE.<br>2. Braitheann an Coimisiún nach bhfuil sé tráthúil nó riachtanach, i bprionsabal, ráiteas a chur san áireamh a bhaineann le cur chun feidhme an Phrótacail nuair a shíneofar é. Go háirithe, tá Ballstát amháin ag tagairt de réir cosúlachta d'ábhair nach bhfuil bunaithe fós, agus nach fios fós a fheidhmiú agus a chur chun feidhme. Mar thoradh air sin, ní féidir seasamh críochnaitheach AE a bhaint amach ar ábhar den sórt sin, mar shampla cur chun feidhme an Phrótacail maidir le bainistíocht sonraí leis an bpointe comhtheagmhála do chomhroinnt dhomhanda faisnéise faoi Airteagal 8(8) den Phrótacal, ach amháin nuair a bheidh AE agus na Ballstáit ar an eolas maidir leis na roghanna teicniúla agus riaracháin uile a bheidh ar fáil. |

| | |
|---|---|
| Rialachán (AE) Uimh. 1325/2013 ón gComhairle an 9 Nollaig 2013 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim<br>IO L 334, 13/12/2013, lch. 2-3 | 16241/13 |
| Rialachán (AE) Uimh. 1326/2013 ón gComhairle an 9 Nollaig 2013 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim<br>IO L 334, 13/12/2013, lch. 4-5 | 16243/13 |
| Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE ag leasú Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE | 15552/13 |
| Cinneadh 2013/726/CBES ón gComhairle an 9 Nollaig 2013 lena dtacaítear le Rún 2188 (2013) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus EC-M-33/Dec 1 ó Chomhairle Feidhmiúcháin na hEagraíochta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW), i gcreat chur chun feidhme straitéis AE i gcoinne iomadú na n-arm ollscriosta<br><br>IO L 329, 10/12/2013, lch. 41-43 | 16799/13 |
| Cinneadh 2013/729/CBES ón gComhairle an 9 Nollaig 2013 lena leasaítear Cinneadh 2013/34/CBES maidir le misean míleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le fórsaí armtha Mhailí (EUTM Mhailí) a thraenáil<br><br>IO L 332, 11/12/2013, lch. 18-18 | 15843/13 |

| | |
|---|---|
| Cinneadh 2013/730/CBES ón gComhairle an 9 Nollaig 2013 a thacaíonn le gníomhaíochtaí díarmála agus rialaithe airm SEESAC in Oirdheisceart na hEorpa i gcreat Straitéis AE chun Carnadh agus Gáinneáil Aindleathach Mionarmán agus Armán Éadrom (SALW) agus a n-Armlón a Chomhrac<br>IO L 332, 11/12/2013, lch. 19-30 | 16234/13 |
| Cinneadh 2013/725/CBES ón gComhairle an 9 Nollaig 2013 lena leasaítear agus lena leathnaítear Cinneadh 2012/173/CBES maidir le gníomhachtú Lárionad Oibríochta AE le haghaidh mhisin agus oibríocht an Chomhbheartais Shlándála agus Chosanta i gCorn na hAfraice<br>IO L 329, 10/12/2013, lch. 39-40 | 15865/13 |
| Conclúidí ón gComhairle maidir le "héifeachtacht na sásraí institiúideacha le haghaidh mná agus comhionannas inscne a chur chun cinn" | 17605/13 |
| Moladh ón gComhairle maidir le bearta chun Romaigh a chomhtháthú ar bhealach éifeachtach sna Ballstáit | 16790/13 |
| Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le "próiseas machnaimh i ndáil le córais sláinte atá nua-aimseartha, sofhreagrach agus inbhuanaithe" | 16570/13 |

| Glacadh an ghnímh reachtaigh tar éis dara léamh Pharlaimint na hEorpa (Strasbourg, an 9 go dtí an 12 Nollaig 2013) | | | |
|---|---|---|---|
| GNÍOMHARTHA REACHTACHA | | | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD | RIAIL VÓTÁLA | VÓTAÍ |
| Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle<br>IO L 354, 28/12/2013, lch. 22-61 | 17446/13<br>PE-CONS 119/13 | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach |
| Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle<br>IO L 354, 28/12/2013, lch. 1-21 | 17447/13<br>PE-CONS 118/13 | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach |
| Rialachán (AE) Uimh. 37/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2014 lena leasaítear rialacháin áirithe a bhaineann leis an gcomhbheartas tráchtála maidir leis na nósanna imeachta chun bearta áirithe a ghlacadh<br>IO L 18, 21/01/2014, lch. 1-51 | 17697/13<br>PE-CONS 145/13 | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach |
| Togra le haghaidh Rialacháin (AE) Uimh. 38/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear rialacháin áirithe a bhaineann leis an gcomhbheartas tráchtála maidir le cumhachtaí tarmligthe a dheonú chun bearta áirithe a ghlacadh<br>IO L 18, 21/01/2014, lch. 52-69 | 17698/13<br>PE-CONS 146/13 | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach |

| **An 3281ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA agus AIRGEADAIS) a tionóladh sa Bhruiséil an 10 agus an 18 Nollaig 2013** | |
|---|---|
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD / RÁITIS |
| Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear nach bhfuil an Pholainn tar éis gníomhú go héifeachtach mar fhreagra ar an Moladh ón gComhairle an 21 Meitheamh 2013 | 16853/13 |
| Moladh ón gComhairle chun deireadh a chur leis an easnamh iomarcach rialtais sa Pholainn | 16852/13 |
| Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 23/2012 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: "Ar Éirigh le Bearta Struchtúracha AE Tacú le Láithreáin Athfhorbraíochta Thionsclaíocha agus Mhíleata a Athghiniúint?" | 16734/13 |
| 2013/746/AE: Cinneadh ón gComhairle an 10 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialacha Nós Imeachta na Comhairle<br>IO L 333, 12/12/2013, lch 77-78 | 16003/13 |
| Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le dlús a chur leis an gcomhrac in aghaidh smuigléireachta toitíní agus cineálacha eile trádála aindleathaí i dtáirgí tobac san Aontas Eorpach | 16644/13 |
| Rialachán (AE) Uimh 1331/2013 ón gComhairle an 10 Nollaig 2013, lena gcoigeartaítear, ón 1 Iúil 2012, an ráta ranníocaíochta leis an scéim pinsin d'oifigigh agus do sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh<br>IO L 335, 14/12/2013, lch 1-2 | 16208/13 |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1361/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine<br>IO L 343, 19/12/2013, lch 7-8 | 17805/13 |

| **An 3282ú cruinniú de chuid Chomhairle an Aontais Eorpaigh (IOMPAR, TEILEACHUMARSÁID AGUS FUINNEAMH) a tionóladh sa Bhruiséil an 12 Nollaig 2013** | |
|---|---|
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD / RÁITIS |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh 1342/2013 ón gComhairle an 12 Nollaig 2013<br>lena n-aisghairtear na bearta frithdhumpála maidir le rópaí agus cáblaí iarnaí nó cruacha áirithe de thionscnamh Chónaidhm na Rúise a allmhairiú i ndiaidh athbhreithnithe i ndáil le dul in éag de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh 1225/2009<br>IO L 338, 17/12/2013, lch 1-10 | 16733/13 |
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh 1343/2013 ón gComhairle an 12 Nollaig 2013<br>lena bhforchuirtear dleacht fhrithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sárocsasulfáití (sárshulfáití) de thionscnamh Dhaonphoblacht na Síne i ndiaidh athbhreithnithe i ndáil le dul in éag de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh 1225/2009<br>IO L 338, 17/12/2013, lch 11-22 | 16740/13 |

| An 3283ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (GNÓTHAÍ GINEARÁLTA) a tionóladh sa Bhruiséil an 12 Nollaig 2013 | |
|---|---|
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD / RÁITIS |
| 2013/759/AE: Cinneadh ón gComhairle an 12 Nollaig 2013 maidir le bearta idirthréimhseacha bainistíochta maidir le CEF ón 1 Eanáir 2013 go dtí go dtagann an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta i bhfeidhm<br>IO L 335, 14/12/2013, lch 48-49 | 15946/13 |
| Conclúidí ón gComhairle maidir le tuarascáil ón gCoimisiún maidir le Tacaíocht AE don Rialachas Daonlathach, ina ndírítear go háirithe ar an Tionscnamh Rialachais | 16186/13 |
| Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe ó Rialtais na mBallstát maidir le Díothú na bochtaineachta agus an fhorbairt inbhuanaithe a mhaoiniú ó 2015 ar aghaidh | 16718/13 |
| Conclúidí ón gComhairle i leith tuarascáil bhliantúil 2013 maidir le Beartais an Aontais Eorpaigh um Fhorbairt agus um Chúnamh Seachtrach agus a gCur Chun Feidhme in 2012 | 17166/13 |
| Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt | 17555/13 |

| An 3284ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (COMHSHAOL) a tionóladh sa Bhruiséil an 13 Nollaig 2013 | |
|---|---|
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD / RÁITIS |
| 2013/790/AE: Cinneadh ón gComhairle an 13 Nollaig 2013 maidir leis an Leasú thar ceann an Aontais Eorpaigh ar Airteagal 25 agus Airteagal 26 den Choinbhinsiún maidir le Cosaint agus Úsáid Sruthchúrsaí Trasteorann agus Lochanna Idirnáisiúnta<br>IO L 349, 21/12/2013, lch 98-99 | 12713/13 + COR 1 |
| 2013/791/Euratom: Cinneadh ón gComhairle an 13 Nollaig lena leasaítear Cinneadh 2007/198/Euratom lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus buntáistí a thabhairt dó<br>IO L 349, 21/12/2013, lch 100-102 | 16372/13 |
| Rialachán (Euratom) Uimh 237/2014 ón gComhairle an 13 Nollaig 2013 lena mbunaítear Ionstraim um Chomhar maidir le Sábháilteacht Núicléach<br>IO L 77, 15/03/2014, lch 109-116 | 16737/13 |
| Rialachán (Euratom) Uimh 1369/2013 ón gComhairle an 13 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht an Aontais don chlár cúnaimh um dhíchoimisiúnú núicléach sa Liotuáin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh 1990/2006<br>IO L 346, 20/12/2013, lch 7-11 | 16635/13 + COR 1 |

| | |
|---|---|
| Rialachán (Euratom) Uimh 1368/2013 ón gComhairle an 13 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht an Aontais don chlár cúnaimh um dhíchoimisiúnú núicléach sa Bhulgáir agus sa tSlóvaic, agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) Uimh 549/2007 agus Rialachán (Euratom) Uimh 647/2010<br>IO L 346, 20/12/2013, lch 1-6 | 16633/13 + COR 1 |
| Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear caibidlíocht a chur ar bun maidir le comhaontú déthaobhach idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise i ndail le rannpháirteachas Chónaidhm na hEilvéise i gclár Erasmus+ um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt | 15682/13 |
| Cinneadh 2013/760/CBES ón gComhairle an 13 Nollaig 2013 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siria<br>IO L 335, 14/12/2013, lch 50-51 | 16767/13 |
| Rialachán (AE) Uimh. 1332/2013 ón gComhairle an 13 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria<br>IO L 335, 14/12/2013, lch 3-7 | 17083/13 + COR 1 |

**An 3285ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (TALMHAÍOCHT AGUS IASCACH) a tionóladh sa Bhruiséil an 16 agus an 17 Nollaig 2013**

GNÍOMHARTHA REACHTACHA

| GNÍOMH | DOICIMÉAD | RIAIL VÓTÁLA | VÓTAÍ |
|---|---|---|---|
| Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le forálacha sonracha i dtaca le tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa do sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 259-280 | PE-CONS 81/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar |

<table>
<tr><td colspan="4">Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 6 de Rialachán CFRE, Airteagal 15 de Rialachán CCE agus Airteagal 4 de Rialachán an Chiste Chomhtháthaithe<br>Tugann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle dá n-aire an dearbhú a thug an Coimisiún do reachtas AE maidir leis na comhtháscairí aschuir do Rialachán CFRE, Rialachán CCE agus Rialachán an Chiste Chomhtháthaithe atá le háireamh ar iarscríbhinn a ghabhann le gach rialachán faoi seach, gurb é atá iontu toradh próisis fhada ullmhúcháin a bhfuil baint ag saineolaithe meastóireachta an Choimisiúin agus na mBallstát araon leis, agus táthar ag súil freisin go bhfanfaidh siad cobhsaí, i bprionsabal.</td></tr>
<tr><td>Rialachán (AE) Uimh 1300/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1084/2006 ón gComhairle<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 281-288</td><td>PE-CONS 82/13</td><td>Tromlach cáilithe</td><td>Na Ballstáit uile i bhfabhar</td></tr>
<tr><td colspan="4">Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 6 de Rialachán CFRE, Airteagal 15 de Rialachán CCE agus Airteagal 4 de Rialachán an Chiste Chomhtháthaithe<br>Tugann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle dá n-aire an dearbhú a thug an Coimisiún do reachtas AE maidir leis na comhtháscairí aschuir do Rialachán CFRE, Rialachán CCE agus Rialachán an Chiste Chomhtháthaithe atá le háireamh ar iarscríbhinn a ghabhann le gach rialachán faoi seach, gurb é atá iontu toradh próisis fhada ullmhúcháin a bhfuil baint ag saineolaithe meastóireachta an Choimisiúin agus na mBallstát araon leis, agus táthar ag súil freisin go bhfanfaidh siad cobhsaí, i bprionsabal.</td></tr>
</table>

<table>
<tr><td>Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir le forálacha sonracha a bhaineann le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 289-302</td><td>PE-CONS 83/13</td><td>Tromlach cáilithe</td><td>Na Ballstáit uile i bhfabhar</td></tr>
<tr><td colspan="4">Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 6 de Rialachán CFRE, Airteagal 15 de Rialachán CCE agus Airteagal 4 de Rialachán an Chiste Chomhtháthaithe<br>Tugann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle dá n-aire an dearbhú a thug an Coimisiún do reachtas AE maidir leis na comhtháscairí aschuir do Rialachán CFRE, Rialachán CCE agus Rialachán an Chiste Chomhtháthaithe atá le háireamh ar iarscríbhinn a ghabhann le gach rialachán faoi seach, gurb é atá iontu toradh próisis fhada ullmhúcháin a bhfuil baint ag saineolaithe meastóireachta an Choimisiúin agus na mBallstát araon leis, agus táthar ag súil freisin go bhfanfaidh siad cobhsaí, i bprionsabal.</td></tr>
<tr><td colspan="4">Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 11(2)<br>Tá an Coimisiún ag teacht leis an gcuspóir a chuir Parlaimint na hEorpa in iúl maidir le nósanna imeachta státchabhrach a shimpliú i ndáil le cabhair oibriúcháin a dheonaítear do ghnóthais arna mbunú sna réigiúin is forimeallaí atá ceangailte le fritháireamh na gcostas breise a thabhaítear sna réigiúin sin mar thoradh ar a gcás eacnamaíoch agus sóisialta ar leith.<br>De réir an togra le haghaidh Rialachán na Blocdhíolúine Ginearálta (GBER) a d'fhoilsigh seirbhísí an Choimisiúin le déanaí, mheasfaí maidir le cabhair oibriúcháin atá beartaithe chun cúiteamh na gcostas breise sonrach a thabhaíonn tairbhithe atá bunaithe sna réigiúin sin, gur comhoiriúnach a bheadh sí leis an margadh inmheánach, faoi na coinníollacha a fhoráiltear ann, agus dá bhrí sin, bheidís díolmhaithe ó fhógra a fháil faoi Airteagal 108(3) CFAE. Measann an Coimisiún go soláthrófaí, leis sin, bunús fónta chun an simpliú atáthar ag lorg a bhaint amach, agus cuirfidh sé san áireamh na barúlacha uile a fuarthas ó na Ballstáit sa phróiseas comhairliúcháin atá fós ar siúl chun an Rialachán a ghlacadh in 2014.</td></tr>
</table>

| | | | |
|---|---|---|---|
| Rialachán (AE) Uimh 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 ón gComhairle<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 470-486 | PE-CONS 87/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar |
| Rialachán (AE) Uimh 1302/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 maidir le grúpáil Eorpach um chomhar críochach (EGTC) a mhéid a bhaineann le bunú agus feidhmiú grúpálacha den sórt sin a shoiléiriú, a shimpliú agus a fheabhsú<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 303-319 | PE-CONS 84/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar |
| **Ráitis chomhpháirteacha ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le feasacht a fheabhsú agus Airteagal 4 agus 4a de Rialachán EGTC**<br>Comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún iarracht a dhéanamh bheith níos comhordaithe i measc na n-institiúidí agus na mBallstát agus laistigh de na hinstitiúidí agus de na Ballstáit d'fhonn feabhas a chur ar infheictheacht na bhféidearthachtaí atá ann EGTCanna a úsáid mar uirlis roghnach atá ar fáil don chomhar críochach i ngach réimse beartais AE.<br>Sa chomhthéacs seo, iarrann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar na Ballstáit go speisialta aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíochtaí iomchuí comhair agus cumarsáide i measc na n-údarás náisiúnta agus idir údaráis na mBallstát éagsúla d'fhonn nósanna imeachta soiléire, éifeachtúla agus trédhearcacha a áirithiú maidir le EGTCanna nua a údarú laistigh de na teorainneacha ama atá socraithe. | | | |

| |
|---|
| **Ráitis chomhpháirteacha ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 1(9) de Rialachán EGTC**<br>Comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, nuair atá Airteagal 9(2)(i) de Rialachán (AE) Uimh 1082/2006 á chur i bhfeidhm mar a leasaítear é, go bhféachfaidh na Ballstáit chuige, agus na rialacha is infheidhme á measúnú acu maidir le baill foirne EGTC mar a bheartaítear iad sa dréachtchoinbhinsiún, go mbreathnófar ar na roghanna éagsúla maidir le réimeas fostaíochta atá ar fáil a bheidh le roghnú ag EGTC, cibé faoin dlí príobháideach nó poiblí sin.<br>I gcás ina mbeidh conarthaí fostaíochta do bhaill foirne EGTC á rialú ag an dlí príobháideach, cuirfidh na Ballstáit dlí ábhartha AE san áireamh freisin, amhail Rialachán (CE) Uimh 593/2008 ó PE agus ón gComhairle an 17 Meitheamh i ndáil leis an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha (An Róimh I), mar aon leis an gcleachtas dlí a bhaineann leis sin sna Ballstáit eile a mbeidh ionadaithe ag feidhmiú thar a cheann in EGTC.<br>Tuigeann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún anuas air sin, i gcás ina mbeidh conarthaí fostaíochta do bhaill foirne EGTC á rialú ag an dlí poiblí, go mbeidh na rialacha náisiúnta maidir leis an dlí poiblí ón mBallstát ina bhfuil orgán EGTC faoi seach lonnaithe. Mar sin féin, féadfaidh na rialacha náisiúnta maidir leis an dlí poiblí áit a bhfuil EGTC cláraithe bheith i bhfeidhm maidir le baill foirne EGTC atá faoi réir na rialacha sin roimh bheith ina bhall foirne EGTC. |
| **Ráitis chomhpháirteacha ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir leis an ról atá ag Coiste na Réigiún faoi chuimsiú ardán EGTC**<br>Tugann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún dá n-aire an obair thábhachtach atá á déanamh ag Coiste na Réigiún faoi chuimsiú ardán EGTC atá faoina stiúir agus spreagann siad Coiste na Réigiún gníomhaíochtaí EGTCanna atá ann faoi láthair a rianú mar aon le hiadsan atá á mbunú, malartú dea-chleachtas a eagrú agus saincheisteanna coiteanna a aithint. |

<table>
<tr><td>Rialachán (AE) Uimh 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Forbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh arna gcumhdach ag an gComhchreat Straitéiseach agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle<br><br>IO L 347, 20/12/2013, lch 320-469</td><td>PE-CONS 85/13</td><td>Tromlach cáilithe</td><td>Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas:<br><br>Ag staonadh: UK</td></tr>
<tr><td colspan="4">Ráitis Chomhpháirteacha ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 67<br>Comhaontaíonn an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le hAirteagal 67 (4) lena n-eisiatar feidhmiú na gcostas simplithe a leagtar amach in Airteagal 67 (1) (b)-(d) i gcásanna ina gcuirtear oibríocht nó tionscadal ar cuid í nó é d'oibríocht chun feidhme go heisiach trí nósanna imeachta um sholáthar poiblí, nach gcoiscfear leis an Airteagal sin cur chun feidhme oibríochta trí nósanna imeachta um sholáthar poiblí a ndéanann an tairbhí íocaíochtaí chuig an gconraitheoir mar thoradh orthu ar íocaíochtaí iad atá bunaithe ar chostais aonad atá réamhshainithe. Comhaontaíonn an Chomhairle agus an Coimisiún gur fíorchostais a tabhaíodh iarbhír agus a d'íoc an tairbhí faoi Airteagal 67 (1)(a) iad na costais a chinnfear agus a íocfaidh an tairbhí, ar costais iad a bheidh bunaithe ar na costais aonad sin a leagtar síos trí na nósanna imeachta um sholáthar poiblí.</td></tr>
<tr><td colspan="4">Ráitis chomhpháirteacha ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 145(7)<br>Dearbhaíonn an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an tagairt don téarma "dlí is infheidhme" i ndáil le measúnú a dhéanamh ar easnaimh thromchúiseacha i bhfeidhmiú éifeachtach na gcóras sin don bhainistiú agus don rialú, go ndéantar, chun críocha Airteagal 145(7) RFC, léirmhínithe ar an dlí sin arna ndéanamh ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ag Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh nó ag an gCoimisiún a áireamh sa tagairt sin, ar léirmhínithe iad atá infheidhme ar an dáta a ndearnadh na dearbhuithe ábhartha bainistíochta, na tuarascálacha bliantúla maidir le rialú agus na tuairimí iniúchta a thíolacadh don Choimisiún.</td></tr>
</table>

| |
|---|
| **Ráitis chomhpháirteacha ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hathbhreithniú ar Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle atá nasctha le hathbhunú leithreasuithe**<br>Comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go n-áireofar san athbhreithniú ar an Rialachán Airgeadais, lena gcuirfear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar comhréim leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-20, forálacha is gá chun na socruithe le haghaidh leithdháileadh an chúlchiste feidhmíochta a chur i bhfeidhm agus maidir le hionstraimí airgeadais faoi Airteagal 39 (tionscnamh FBM) a chur chun feidhme faoin Rialachán lena leagtar síos forálacha comhchoiteanna i gcomhair Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa maidir leis na nithe a leanas a athbhunú:<br>i) leithreasaí a bhí geallta le haghaidh clár i ndáil leis an gcúlchiste feidhmíochta agus nárbh fholáir iad a shaoradh mar thoradh ar thosaíochtaí faoi na cláir sin nár baineadh a ngarspriocanna amach agus;<br>ii) leithreasaí a bhí geallta i ndáil le cláir thiomnaithe dá dtagraítear faoi Airteagal 39(4)b agus nárbh fholáir iad a shaoradh de bhrí go raibh gá ann le deireadh a chur le rannpháirtíocht Ballstáit san ionstraim airgeadais. |
| **Ráitis Chomhpháirteacha ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 1**<br>Má bhíonn gá le tuilleadh maoluithe a mbeidh bonn cirt leo ar na rialacha comhchoiteanna d'fhonn sonraíochtaí i CEMI agus i CETFT a chur san áireamh, geallann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach na maoluithe sin a cheadú trí dhul ar aghaidh le dúthracht iomchuí chuig na modhnuithe riachtanacha ar an Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna le haghaidh Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa. |

**Ráiteas Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haon chúlghabhálacht i ndáil le cur i bhfeidhm Airteagal 5(3) a eisiamh**

Comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an méid a leanas:

– maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 14(2), Airteagal 15(1)(c), agus Airteagal 26 (2) den Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna le haghaidh Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, leis na gníomhaíochtaí a ghlacfaidh na Ballstáit chun go mbeidh na comhpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 5(1) rannpháirteach in ullmhúchán an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus na gclár dá dtagraítear in Airteagal 5 (2) áirítear na gníomhaíochtaí go léir a ghlacfaidh na Ballstáit ar leibhéal praiticiúil beag beann ar a dtráthúlacht mar aon leis na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh siad roimh don Rialachán sin  teacht i bhfeidhm agus roimh lá theacht i bhfeidhm an ghníomhartha tharmligthe le haghaidh cód iompair Eorpaigh a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 5(3) den Rialachán céanna, le linn na gcéimeanna ullmhúcháin de nós imeachta clársceidealaithe de chuid Ballstáit, ar an gcoinníoll go mbainfear amach cuspóirí prionsabal na comhpháirtíochta a leagtar síos sa Rialachán sin. Faoi chuimsiú an méid sin, cinnfidh na Ballstáit, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí náisiúnta agus réigiúnacha, inneachar an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus na ndréachtchlár a mholtar araon, i gcomhréir le forálacha ábhartha an Rialacháin sin agus leis na rialacha sonracha maidir le cistí;

– ní bheidh éifeacht chúlghabhálach ar chor ar bith, go díreach nó go hindíreach ag an ngníomh tarmligthe lena leagtar síos cód iompair Eorpach, a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 5(3), go háirithe maidir leis an nós imeachta i ndáil leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus na cláir a fhormheas, ós rud é nach bhfuil sé ceaptha le reachtas AE cumhachtaí ar bith a thabhairt don Choimisiún lena bhféadfadh sé diúltú d'fhormheas an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus na gclár bunaithe amháin ar aon chineál neamh-chomhlíonadh an chóid iompair Eorpaigh, a ghlactar i gcomhréir le hAirteagal 5(3);

– iarrann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún an dréacht-téacs den ghníomh tarmligthe atá le glacadh faoi Airteagal 5(3) a chur ar fáil dóibh a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná an dáta ar a nglacfaidh an Chomhairle an comhaontú polaitiúil maidir leis an Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna le haghaidh Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa ná an dáta ar a vótálfar an dréacht-thuarascáil maidir leis an Rialachán sin ag seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa, cibé dáta acu siúd is túisce.

| |
|---|
| **Ráitis ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 123(5)**<br>Is é is cuspóir don fhoráil seo a áirithiú go mbeidh fíor-ráthaíochtaí maidir le neamhspleáchas na n-údarás iniúchóireachta i gcás inar mó an riosca de bharr mhéid an chláir oibríochtúil, agus nach dtarraingeofar ceist anuas maidir leis na socruithe eagraíochtúla a dhéanfaidh na húdaráis iniúchóireachta sin, ar léiríodh a neamhspleáchas agus a n-iontaofacht lena dtaithí le tréimhse chlársceidealaithe 2007-2013.<br>Féachfaidh an Coimisiún le forálacha Airteagal 73(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle agus Airteagal 73(3) de Rialachán Uimh. 1198/2006 ón gComhairle a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh sé in ann an Ballstát a chur ar an eolas a luaithe is féidir i gcásanna ina mbeidh sé ar a chumas a mheas go gcomhlíontar na critéir, agus go mbeidh sé in ann, roimh dheireadh 2013, brath go príomha ar thuairim an údaráis iniúchóireachta. |
| **Ráitis ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 22**<br>1. Measann an Coimisiún gurb é is príomhchuspóir don chreat feidhmíochta cur i gcrích éifeachtach na gclár a spreagadh chun na torthaí a bheartaítear a bhaint amach agus gur cheart na bearta i mír 6 agus i mír 7 a chur i bhfeidhm agus an chríoch sin á cur san áireamh go cuí.<br>2. I gcás ina mbeidh na híocaíochtaí eatramhacha uile, nó cuid acu, curtha ar fionraí ag an gCoimisiún ar son tosaíochta faoi mhír 6, féadfaidh an Ballstát leanúint d'iarratais ar íocaíocht a thíolacadh i ndáil leis an tosaíocht sin d'fhonn nach mbeadh saoradh ann don chlár faoi Airteagal 86.<br>3. Dearbhaíonn an Coimisiún go gcuirfidh sé forálacha Airteagal 22(7) i bhfeidhm ionas nach gcaillfear cistí faoi dhó i ndáil le spriocanna iomlána gan a bheith bainte amach mar thoradh, i bpáirt de, ar chistí faoi thosaíocht gan a bheith súite a ndóthain. Má shaortar cuid de cheangaltais a ghabhann le clár mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 86 agus Airteagal 88 agus go mbeidh laghdú ar an tacaíocht don tosaíocht dá bharr, nó go mbeidh gannchaiteachas ann ag deireadh an tréimhse chlársceidealaithe i leith an méid sin a leithdháiltear don tosaíocht, déanfar na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa chreat feidhmíochta a choigeartú pro-rata chun críocha Airteagal 22 (7) a chur i bhfeidhm. |

| |
|---|
| **Ráitis ón gCoimisiún maidir le téacs comhréitigh faoi tháscairí**<br>Dearbhaíonn an Coimisiún go ndéanfaidh sé a chuid doiciméad treorach maidir le táscairí comhchoiteanna do CFRE, do CSE, don Chiste Comhtháthaithe agus do Chomhar Críochach Eorpach a thabhairt chun críche, i gcomhairle leis na líonraí meastóireachta faoi seach ina gcuimsítear saineolaithe náisiúnta meastóireachta, laistigh de 3 mhí ón dáta a nglacfar na Rialacháin. Sna doiciméid treorach sin, áireofar sainmhínithe ar gach táscaire comhchoiteann agus ar na modheolaíochtaí chun sonraí faoi na táscairí comhchoiteanna a bhailiú agus a thuairisciú. |
| **Ráitis ón gCoimisiún maidir le céimniú na n-oibríochtaí faoi chláir oibríochtúla de chuid an Bheartais Comhtháthaithe de thréimhse chlársceidealaithe 2007-2013 sa tréimhse chlársceidealaithe 2014-2020**<br>Mar phrionsabal ginearálta, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na hoibríochtaí go léir ag feidhmiú, rud a chiallaíonn go mbeidh siad críochnaithe agus in úsáid, faoin am a thíolacfar na doiciméid um dhúnadh d'fhonn a dhearbhú go bhfuil an caiteachas lena mbaineann incháilithe. Meabhraítear gur chóir gach oibríocht a roghnú agus a chur chun feidhme d'fhonn rannchuidiú le cuspóirí cláir agus aise tosaíochta ar leith a bhaint amach.<br>Is iad na Ballstáit atá freagrach as gach oibríocht a shainiú, lena n-áirítear a raon feidhme, a cuspóirí agus a haschuir. Tugann sé sin an tsolúbthacht is gá do na Ballstáit le hoibríochtaí tacaíochta a roghnú a bheidh ag feidhmiú faoi dheireadh tréimhse chlársceidealaithe.<br>Go heisceachtúil agus i gcásanna a mbíonn bonn cirt cuí leo, b'fhéidir go mba ghá do na Ballstáit oibríocht roghnaithe a choigeartú toisc nach féidir í a chríochnú faoi dheireadh na tréimhse, lena cur chun feidhme a chéimniú ar feadh dhá thréimhse chlársceidealaithe. Deimhníonn an Coimisiún go bhfuil an tsolúbthacht sin faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos chun críocha dhúnadh na gclár (treoirlínte maidir le dúnadh na gclár oibríochtúil a glacadh maidir le cúnamh ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe (2007-2013)). I gcás den sórt sin, oibríochtaí ar leith is ea an dá chéim agus cuirfear gach ceann acu chun feidhme faoi na rialacha is infheidhme maidir leis na tréimhsí chlársceidealaithe faoi seach, ach ba cheart an cuspóir foriomlán atá le baint amach tar éis an dá chéim a chur chun feidhme d'fhonn feidhmiú na hoibríochta a áirithiú a leagan amach do gach céim.<br>Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún céimniú tionscadal mór a fhormheas i gcás ina measfar gur sia a bheidh an tréimhse chur chun feidhme ná an tréimhse chlársceidealaithe, bíodh sin sa chinneadh lena bhformheastar tionscadal mór nó i leasú air ina dhiaidh sin. |

| |
|---|
| **Ráitis ón gCoimisiún i ndáil le hAirteagal 127 maidir le sampláil neamh-staidrimh**<br>Tugann an Coimisiún dá aire, i ndáil le saincheist na samplála neamh-staidrimh, go bhforáiltear in Airteagal 127(1) nach mór go gcumhdófaí lena leithéid de shampla, 5% ar a laghad de na hoibríochtaí ar dearbhaíodh caiteachas don Choimisiún ina leith i rith na bliana cuntasaíochta agus 10% den chaiteachas a dearbhaíodh don Choimisiún le linn na bliana cuntasaíochta. Tugann sé freisin dá aire go léirítear sa treoir a d'eisigh an Coimisiún ar mhodhanna samplála le haghaidh na n-údarás iniúchóireachta don tréimhse chlársceidealaithe 2007-2013 nár chóir méid an tsampla i gcás samplála neamh-staidrimh a bheith níos lú ná 10% de líon na n-oibríochtaí de ghnáth. Measann an Coimisiún go bhfuil baol ann nach mbeidh an sampla sách ionadaíoch ós rud é go bhféadfaí méid shampla na n-oibríochtaí a laghdú go dtí 5% agus, dá bhrí sin, go mbainfeadh sé d'iontaofacht an iniúchta. |
| **Ráitis ón gCoimisiún maidir le rátaí comhréidhe**<br>Tugann an Coimisiún dá aire gur mian leis na mBallstát go mbunófaí céatadáin ioncaim ar ráta comhréidh do na hearnálacha nó na fo-earnálacha laistigh de réimse TFC, an taighde, na forbartha agus nuála, agus na héifeachtachta fuinnimh a luaithe is féidir de bhun Airteagal 61 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna. Le bunú rátaí comhréidh, éilítear sonraí stairiúla iontaofa agus ionadaíocha d'fhonn bonn láidir a áirithiú don ráta comhréidh agus chun rioscaí an ró-mhaoinithe a íoslaghdú. Dá thoradh sin, ullmhóidh an Coimisiún an próiseas tairisceana do sheoladh staidéir chun na sonraí is gá ar fud AE a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu gan fanacht go nglacfar an pacáiste reachtaíochta, agus déanfaidh sé an staidéar a phleanáil agus a bhainistiú, agus tiocfaidh sé ar chonclúidí bunaithe ar thorthaí an staidéir ionas go mbeidh sé in ann gníomh tarmligthe a ghlacadh ina leagfar amach na rátaí comhréidh do na hearnálacha nó na fo-earnálacha sin a luaithe is féidir agus faoin 30 Meitheamh 2015 ar a dhéanaí. |
| **Ráitis ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 23**<br>Dearbhaíonn an Coimisiún go n-eiseoidh sé, tráth nach déanaí ná 6 mhí i ndiaidh theacht i bhfeidhm Rialachán na bhForálacha Coiteanna, treoirlínte i dTeachtaireacht ón gCoimisiún ina míneofar conas a bheartaíonn sé a chuirfear i bhfeidhm na forálacha maidir le bearta a nascann éifeachtacht Chistí ESI le rialachas fónta eacnamaíoch in Airteagal 23 RFC. Cumhdóidh na treoirlínte na gnéithe seo a leanas go háirithe:<br>• i ndáil le mír 1, an coincheap 'athbhreithniú' agus na cineálacha 'leasuithe' le Comhaontuithe Comhpháirtíochta agus cláir a d'fhéadfadh an Coimisiún a iarraidh mar aon le soiléiriú ar a bhféadfadh a bheith i gceist le 'gníomhaíocht éifeachtach' de réir bhrí mhír 6;<br>• i ndáil le mír 6, léiriú ar na cúinsí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le híocaíochtaí a chur ar fionraí, lena n-áirítear critéir a d'fhéadfadh a bheith ábhartha lena chinneadh cé na cláir a d'fhéadfaí a chur ar fionraí nó le leibhéal fhionraí na n-íocaíochtaí a chinneadh. |

| |
|---|
| **Ráitis ón gCoimisiún maidir le leasú a dhéanamh ar chomhaontuithe Comhpháirtíochta agus ar chláir i gcomhthéacs Airteagal 23**<br>Measann an Coimisiún go bhféadfaidh sé, d'ainneoin fhorálacha Airteagal 23(4) agus (5), barúlacha a thabhairt nuair is gá sin maidir le tograí chun Comhaontuithe Comhpháirtíochta agus cláir arna dtíolacadh ag na Ballstáit de bhun Airteagal 23 (4) a leasú, go háirithe i gcás nach bhfuil siad ag teacht leis an bhfreagra roimh ré ó na Ballstáit sin de bhun Airteagal 23 (3), agus ar aon nós ar bhonn Airteagal 16 agus Airteagal 30. Measann sé go dtéann an spriocdháta trí mhí maidir le glacadh an chinnidh lena bhformheastar na leasuithe ar an gComhaontú Comhpháirtíochta agus na cláir ábhartha a leagtar amach in Airteagal 23 (5) ón dáta ar cuireadh isteach na tograí do leasuithe de bhun mhír 4 ar choinníoll go gcuirfear san áireamh go leordhóthanach leo aon bharúlacha a thug an Coimisiún. |
| **Ráitis ón gCoimisiún maidir le tionchar an chomhaontaithe ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an gcúlchiste feidhmíochta agus maidir le leibhéil réamh-mhaoiniúcháin i leith na n-uasteorainneacha íocaíochta**<br>Measann an Coimisiún gur teoranta i gcónaí atá na leithreasuithe breise íocaíochta, a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil in 2014-2020, mar thoradh ar na hathruithe a tugadh isteach don chúlchiste feidhmíochta agus don réamh-mhaoiniúchán.<br>Ba cheart go mbeifí in ann déileáil leis na hiarmhairtí agus dréacht-Rialachán CAI á urramú.<br>Na luaineachtaí bliantúla ar leibhéal domhanda na n-íocaíochtaí, lena n-áirítear na luaineachtaí sin a tharlóidh mar thoradh ar na hathruithe sin dá dtagraítear, déanfar iad a bhainistiú trí leas a bhaint as an gcorrlach domhanda d'íocaíochtaí agus as na hionstraimí speisialta a chomhaontaítear i ndréacht-Rialachán CAI.<br>Déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar an staid agus tíolacfaidh sé a mheastóireacht mar chuid den athbhreithniú lár-théarma. |
| **Ráitis ó Pharlaimint na hEorpa maidir le hAirteagal 5 a chur i bhfeidhm**<br>Tugann Parlaimint na hEorpa dá haire an fhaisnéis a tharchuir an Uachtaránacht an 19 Nollaig 2012 tar éis díospóireachtaí COREPER inar dhearbhaigh na Ballstáit go raibh sé ar intinn acu aird a thabhairt, a mhéid is féidir, i gcéim ullmhúcháin an chlársceidealaithe, ar phrionsabail an dréacht-Rialachán lena leagtar síos forálacha comhchoiteanna do Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa arb é an dréacht-Rialachán mar a bhí sé tráth ar tarchuireadh an fhaisnéis sin maidir le bloc an chlársceidealaithe straitéisigh lena n-áirítear spiorad agus ábhar phrionsabal na comhpháirtíochta mar a leagtar síos in Airteagal 5 é. |

<table>
<tr><td colspan="4">Ráiteas ón Danmhairg, ón Ostair, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón Ísiltír, ón tSualainn, ón bhFionlainn agus ón Ríocht Aontaithe<br>Comhaontaíonn an Danmhairg, an Ostair, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír, an tSualainn, an Fhionlainn agus an Ríocht Aontaithe go bhfuil sé ríthábhachtach go bhféadfar an méadú ar íocaíochtaí a thig de bharr na leasuithe ar chur chuige ginearálta na Comhairle sa chomhréiteach críochnaitheach maidir le pacáiste reachtach an bheartais chomhtháthaithe, i ndáil leis an gcúlchiste feidhmíochta agus airleacain, a bhainistiú laistigh de na huasteorainneacha íocaíochta, mar a dúirt an Coimisiún go minic le linn na caibidlíochta.</td></tr>
<tr><td>Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le hIonstraim Aontais um Chosaint Shibhialta<br>Téacs atá ábhartha maidir le LEE<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 924-947</td><td>PE-CONS 97/13</td><td>Tromlach cáilithe</td><td>Na Ballstáit uile<br>i bhfabhar seachas:<br>Ag staonadh: UK<br>I gcoinne: AT, DE</td></tr>
<tr><td colspan="4">Ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún<br>Tugann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún dá n-aire an cur chuige a glacadh in Airteagal 19(4), (5) agus (6) agus in Iarscríbhinn I, lena bhfreagraítear do shonraíochtaí an Chinnidh seo agus atá gan aon luach fasaigh d'aon ionstraim airgeadais eile.</td></tr>
<tr><td colspan="4">Ráiteas ón gCoimisiún<br>Gan dochar do na nósanna imeachta buiséadacha bliantúla, tá intinn ag an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme an Chinnidh a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, lena n-áirítear mhiondealú an bhuiséid a leagtar amach in Iarscríbhinn I, ag tosnú ó mhí Eanáir 2015. Tá an cur chuige seo bunaithe ar chineál sonrach an bheartais um chosaint shibhialta agus tá sé gan aon luach fasaigh d'aon ionstraim airgeadais eile.</td></tr>
</table>

| | | | |
|---|---|---|---|
| Rialachán (AE) Uimh. 1384/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 55/2008 ón gComhairle lena dtugtar isteach fabhair uathrialacha trádála do Phoblacht na Moldóive<br>IO L 354, 28/12/2013, lch 85-85 | PE-CONS 111/13 | Tromlach Cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar |
| Rialachán (AE) Uimh. 1382/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear Clár um Cheartas don tréimhse 2014 go 2020<br>IO L 354, 28/12/2013, lch 73-83 | PE-CONS 90/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas:<br>Níor ghlac páirt: DK, UK |
| Rialachán (AE) Uimh 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear Clár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht don tréimhse 2014-2020<br>IO L 354, 28/12/2013, lch 62-72 | PE-CONS 89/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar |
| Rialachán (AE) Uimh. 1383/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 maidir leis an gClár Staidrimh Eorpach 2013-17<br>IO L 354, 28/12/2013, lch 84-84 | PE-CONS 108/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Rialachán (AE) Uimh 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 855-864 | PE-CONS 99/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas:<br>I gcoinne: DE, UK |
| Cinneadh 1359/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena soiléirítear forálacha maidir le tráthúlacht cheantanna lamháltais ghás ceaptha teasa<br>IO L 343, 19/12/2013, lch 1-1 | PE-CONS 114/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas:<br>I gCoinne: PL |
| **Ráiteas ón mBeilg, ón Danmhairg, ón Eastóin, ón Iodáil, ó Lucsamburg, ón Ísiltír, ón tSualainn, ón tSlóivéin agus ón Ríocht Aontaithe**<br>1. Táimid an-tiomanta do Scéim AE maidir le Trádáil Astaíochtaí (ETS) mar chroílár bheartais AE maidir le hathrú aeráide agus infheistiú ísealcharbóin go 2020 agus i bhfad ina dhiaidh.<br>2. Is ábhar mór imní dúinn, áfach, nach bhféadfaidh ETS mar atá leagtha amach faoi láthair comharthaí praghais a sholáthar atá riachtanach chun an t-infheistiú ísealcharbóin is gá a spreagadh anois mar gheall ar míchothromaíocht shuntasach idir éileamh agus soláthar in ETS le blianta beaga anuas a bhfuil praghas an-íseal ar charbón mar thoradh air. Bagraíonn na saincheisteanna sin ar chreidiúnacht na margaí carbóin mar bhealach solúbtha, éifeachtach ó thaobh costais de chun laghduithe astaíochtaí a bhaint amach.<br>3. Is í an chúl-lódáil an chéad chéim chun réiteach gearrthéarmach a chur ar fáil ar feitheamh athchóiriú struchtúrach ETS AE. Tá géarghá, áfach, le díriú as an nua ar bhearta níos substaintí chun an córas a neartú. Gríosaímid an Coimisiún tograí a thabhairt chun cinn anois, faoi dheireadh na bliana ar a dhéanaí, chun athchóiriú struchtúrach a dhéanamh ar ETS AE, d'fhonn comhartha soiléir a thabhairt d'infheisteoirí maidir le huaillmhian ísealcharbóin na hEorpa i ndiaidh 2020 agus chun infheistíocht ísealcharbóin agus na laghduithe astaíochtaí is éifeachtaí ó thaobh costais de a spreagadh. | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ráiteas ón bPolainn**<br>Táimid den tuairim nach gá gur isteach ar ETS AE, mar glactar leis gur sásra margaidh atá in ETS AE, agus nach gá go mbeadh laghdú astaíochtaí ar an mbealach is éifeachtaí ó thaobh costais de mar thoradh air.<br>Le bearta polaitiúla agus dlíthiúla a dhíríonn ar líon na lamháltas sa chóras a laghdú go sealadach, féadfar phraghasanna a mhéadú go sealadach, ach is cinnte go mbeidh tionchar diúltach acu ar iontaofacht agus ar intuarthacht an chórais, agus laghdófar muinín na rannpháirtithe sa chóras dá réir.<br>Maidir le moltaí chun idirghabháil pholaitiúil a dhéanamh sa mhargadh ETS AE féadfar comhartha soiléir a léamh orthu sin ar éagobhsaíocht an mhargaidh, lena mbeidh éifeacht dhiúlach ar chinntí infheistíochta sa tionscal. Baineann díobháil do chreidiúnacht an mhargaidh le réitigh ad hoc a thabhairt isteach lena n-athraítear rialacha an chluiche agus é faoi lán seoil agus d'fhéadfadh fiú méadú ar astaíochtaí de bharr sceitheadh carbóin a bheith mar thoradh air sin.<br>Maille leis sin, beidh fadhb ann nuair a chuirfear na lamháltais sin a aistarraigníodh as an margadh isteach ann an athuair ar dháta níos déanaí. Ní athrófar staid an mhargaidh le gníomhaíochtaí den chineál sin, cé is moite de luaineacht a mhéadú sa ghearrthéarma.<br>Tabharfaidh an togra reatha cearta don Choimisiún idirghabháil a dhéanamh sa mhargadh nuair nár cheart ach ról rialóra a bheith aige. Fasach contúirteach atá anseo a d'fhéadfadh nádúr margaidh ETS a athrú agus a d'fhéadfadh bagairt ar chuspóirí an mhargaidh a bhaint amach ar bhealach éifeachtach ó thaobh costais de.<br>Agus an méid sin á chur san áireamh, ní féidir leis an bPolainn tacú leis an togra agus vótálann sí in aghaidh a ghlactha. | | | |
| Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 608-670 | PE-CONS 95/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile<br>i bhfabhar |
| **Ráitis ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 9(2) de na hÍocaíochtaí Díreacha**<br>Le hAirteagal 9(2) den dréacht-Rialachán maidir le hÍocaíochtaí Díreacha, ní chuirtear cosc ar fheirmeoir foirgneamh, nó foirgnimh, nó codanna díobh, a ligean ar léas do thríú páirtithe, nó stáblaí a bheith aige, ar an gcoinníoll nach príomhghairm bheatha an fheirmeora iad na gníomhaíochtaí sin. | | | |

| |
|---|
| **Ráitis ón gCoimisiún maidir le tacaíocht chúpláilte**<br>I gcás táirgí talmhaíochta, go suntasach na cinn nach bhfuil incháilithe le haghaidh tacaíochta cúpáilte de réir Airteagal 38(1) den Rialachán maidir le hÍocaíochtaí Díreacha, coinneoidh an Coimisiún súil ghéar ar an mbealach a fhorbróidh na táirgí sin sa mhargadh, agus i gcás mór-ghéarchéime margaidh féadfaidh sé leas a bhaint as aon bhearta iomchuí atá ar fáil dó chun feabhas a chur ar chás an mhargaidh. |
| **Ráitis ón gCoimisiún maidir le clásal na neamh-thuairime**<br>Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfuil sé contrártha le teachtaireacht agus le spiorad Rialachán 182/2011 (OJ L 55 an 28.2.2011, lch. 13), pointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 5(4) a agairt ar mhodh córasach. Níor cheart dul i muinín na forála sin ach amháin má tá gá sonrach ann imeacht ón riail láimhe, is é sin go bhféadfaidh an Coimisiún dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh mura dtabharfar aon tuairim. Toisc gurb eisceacht é ón riail ghinearálta a bunaíodh le hAirteagal 5 (4), ní féidir glacadh le dul i muinín phointe (b) den dara fomhír mar "cumhacht lánroghnach" an reachtóra, agus ní mór ciall a bhaint as ar bhealach sriantach agus, mar sin, bonn cirt a bheith leis. |
| **Ráiteas ón gComhairle maidir le fo-mhír 2 de phointe b) d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 maidir le Nós Imeachta Coiste**<br>Dearbhaíonn an Chomhairle an athuair, ag féachaint don ráiteas ón gCoimisiún maidir le clásal na neamhthuairime, nach eisceacht don riail ghinearálta é pointe b) d'fhomhír 2 d'Airteagal 5(4) de Rialachán 182/2011 maidir le Nós Imeachta Coiste agus nach raibh sé le bheith ina eisceacht di. Is faoin reachtas atá sé, sa bhunghníomh agus i bhfianaise gnéithe sonracha gach cáis, cinneadh a dhéanamh an mbainfear leas as an rogha a chuirtear ar fáil le pointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 5(4), rud a fhágann go bhfuil cosc ar an gCoimisiún dréachtghníomh reachtach a ghlacadh in éagmais tuairim ón gcoiste. Ní chuirfear teorann ar úsáid na rogha seo le haon bhreithnithe dlíthiúla. Murab ionann agus forálacha eile den Rialachán maidir le Nós Imeachta Coiste, ní theastaíonn aon bhonn cirt ar leith don rogha sin. |

| |
|---|
| **Ráiteas ón bPolainn maidir le raon feidhme na tacaíochta cúpláilte**<br>Faoi chuimsiú an idirphlé sa Chomhairle maidir le gnóthaí talmhaíochta agus iascaigh, tá sé ráite go leanúnach ag an bPolainn gur gá raon feidhme fhorálacha Airteagal 38 den dréacht-Rialachán maidir le tacaíocht dhíreach a leathnú. Measann an Pholainn gur cheart na hearnálacha dá dtugtar tacaíocht faoi Airteagal 68 de Rialachán 73/2009 ón gComhairle a chur le liosta na n-earnálacha. Ba cheart go n-áireofaí sa liosta sin earnálacha a bhfuil an-tábhacht ag roinnt leo i réigiúin atá leochaileach ó thaobh na heacnamaíochta agus an chomhshaoil de, lena n-áirítear táirgeadh de chineál dlúthshaothair, amhail tobac, atá tábhachtach do mhargadh saothair na tuaithe agus do chur chun feidhme cheann de chuspóirí na straitéise Eoraip 2020. |
| **Ráiteas Comhpháirteach agus Iarraidh ón Rómáin agus ón Laitvia**<br>Ba é ceann de phríomhchuspóirí an Athchóirithe seo ar an gComhbheartas Talmhaíochta go mbeadh córas ann lena ndáilfí íocaíochtaí díreacha ar bhealach ní ba chothroime, agus lena bhféadfadh gach Ballstát a fhaigheann íocaíochtaí díreacha in aghaidh an heicteáir ar lú iad ná 90% den mheán Eorpach an bhearna idir leibhéal a n-íocaíochtaí díreacha féin agus an meán Eorpach a laghdú d'aon trian amháin i gcaitheamh na chéad tréimhse eile agus go mbainfeadh gach Ballstát amach an leibhéal EUR 196 in aghaidh an heicteáir faoi 2020, mar a socraíodh sa Chomhairle Eorpach an 8 Feabhra 2013.<br>Ar bhonn an phrionsabail ghinearálta seo, .i. gur cheart na híocaíochtaí díreacha a dháileadh ar bhealach níos cothroime, prionsabal a bhfuil glacadh forleathan leis, tá an Rómáin agus an Laitvia ag tacú leis an athchóiriú agus glacann siad leis an gcomhréiteach ar thángthas air. Leis an gcomhréiteach sin, ba cheart a ráthú go mbeidh clúdaigh náisiúnta na Rómáine agus na Laitvia do 2019 agus 2020 sách comhleanúnach le go gceadófar íocaíocht dhíreach de EUR 196 in aghaidh an heicteáir ar a laghad. Ní chloítear go hiomlán áfach, leis an dréacht-Rialachán mar atá faoi láthair, leis an bprionsabal a socraíodh sa Chomhairle Eorpach an 8 Feabhra 2013. Dá bharr sin, socraíodh na huasteorainneacha d'íocaíochtaí díreacha don Rómáin agus don Laitvia sa bhliain féilire 2019 agus don bhliain ina dhiaidh sin ar leibhéal níos ísle agus dá réir sin bheadh laghdú de bhreis agus EUR 4 mhilliún ann don Rómáin agus beagnach EUR 700 míle don Laitvia sna híocaíochtaí díreacha.<br>Tá an Rómáin agus an Laitvia tar éis aird an Choimisiún a tharraingt air seo agus tá muid tar éis freagra dearfach a fháil i ndáil lenár n-iarraidh go n-ardófaí na leithdháilte do na blianta airgeadais 2019-2020 d'fhonn go ndéanfaí na conclúidí ón gComhairle Eorpach den 8 Feabhra 2013 a thrasuí go huile agus go hiomlán. Ba cheart Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III faoi seach den Rialachán nua maidir le hÍocaíochtaí Díreacha a leasú. Chuige sin, teastaíonn cinneadh gasta ag an gcéad chruinniú eile de Chomhairle na nAirí.<br>Tá súil againn go gcuirfear an coigeartú teicniúil sin san áireamh le go dtrasuífear agus go gcuirfear chun feidhme go hiomlán cinntí na Comhairle Eorpach maidir le huasteorainneacha chlúdaigh na n-íocaíochtaí díreacha don Rómáin agus don Laitvia. Mura ndéanfar sin, bheadh idirdhealú á dhéanamh ar fheirmeoirí sa Rómáin agus sa Laitvia faoi dhó, i dtús ós rud é gurb é an ceann is ísle san Aontas Eorpach é leibhéal a n-íocaíochtaí díreacha, agus sa dara háit, trí neamhaird a thabhairt ar na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil. |

<table>
<tr><td>Rialachán (AE) Uimh 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh, 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 671-854</td><td>PE-CONS 96/13</td><td>Tromlach cáilithe</td><td>Na Ballstáit uile i bhfabhar seachas:<br>I gcoinne: DE<br>Ag staonadh: UK</td></tr>
<tr><td colspan="4">Ráiteas Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)<br>Tá an toradh ar an gcaibidlíocht a bhaineann le hAirteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a agairt mar chuid den chomhréiteach iomlán maidir le hathchóiriú CBT atá ann faoi láthair agus tá sé gan dochar don seasamh atá ag gach institiúid faoi raon feidhme na forála seo agus d'aon fhorbairt bhreise faoin gceist seo, go háirithe aon chás-dlí nua a thagann as Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.</td></tr>
<tr><td colspan="4">Ráiteas ón gComhairle ar Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)<br>Maidir le toradh na caibidlíochta ó CBT ag an gcruinniú trípháirteach i mí a Mheithimh 2013, deimhníonn an Chomhairle nach raibh i gceist lena chinneadh go mbeadh ábhair ag teacht faoi chuimsiú Airteagal 43(3) CFAE a chlúdaítear faoi Rialachán maidir le CEM Aonair, i gcúinsí eisceachtúla don chruinniú trípháirteach sin, ach a cheadú go mbeadh comhréiteach ann. Dá réir sin, ní bheidh éifeacht aige sin ar an seasamh a bheidh ag an gComhairle i gcónaí amach anseo chun na sainphribhléidí a tugadh dó le Conradh Liospóin a chosaint.</td></tr>
<tr><td colspan="4">Ráitis ón gCoimisiún maidir le caighdeáin mhargaíochta (nasctha le hAirteagal 75(1))<br>Is ríléir don Choimisiún an leochaileacht a bhaineann caighdeáin mhargaíochta a shíneadh le hearnálacha nó le táirgí nach bhfuil faoi réir na rialacha sin faoi láthair faoi Rialachán CEM.<br>Níor cheart go mbeadh feidhm ag caighdeáin mhargaíochta ach amháin i gcás inar léir go mbeadh tomhaltóirí ag súil leo agus i gcás inar ghá feabhas a chur ar na dálaí eacnamaíocha chun táirgí sonracha a tháirgeadh agus a mhargú agus chun feabhas a chur ar a gcáilíocht, nó d'fhonn an dul chun cinn teicniúil nó an riachtanas le haghaidh nuálaíochta táirge a chur san áireamh. Ba cheart go seachnófaí leo freisin ualach riaracháin, ba cheart dóibh a bheith intuigthe go simplí do thomhaltóirí agus ba cheart dóibh cabhrú leo táirgeoirí saintréithe agus airíonna a dtáirgí a chur in iúl go héasca.<br>Cuirfidh an Coimisiún san áireamh aon iarraidh cuí-réasúnaithe ó Institiúidí nó ó eagraíocht ionadaíochta, chomh maith le haon mholadh ó Chomhlachtaí Idirnáisiúnta, ach sula n-úsáidfidh sé an chumacht atá aige táirgí nó earnálacha nua a chur san áireamh i mír 2 d'Airteagal 75 beidh sé de cheangal air measúnú cúramach a dhéanamh ar shonracht na hearnála sin agus tuarascáil a chur i láthair Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena ndéanfar meastóireacht go háirithe ar riachtanas an tomhaltóra, ar na costais agus ar an ualach riaracháin d'oibreoirí lena n-áirítear an tionchar ar an margadh inmheánach agus ar thrádáil idirnáisiúnta, chomh maith leis an leas atá ann do tháirgeoirí agus do na tomhaltóirí deireanacha.</td></tr>
</table>

| |
|---|
| **Ráitis ón gCoimisiún maidir le siúcra**<br>D'fhonn díriú ar mhargadh cothrom agus ar sholáthar réidh siúcra do mhargadh an Aontais le linn na tréimhse atá fágtha de chuótaí siúcra, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leasanna saothraithe biatais siúcra agus scagairí siúcra cána an Aontais araon, agus an sásra maidir le bainistiú sealadach ar an margadh a leagtar síos in Airteagal 131 de Rialachán CEM á chur i bhfeidhm. |
| **Ráitis ón gCoimisiún maidir leis an Uirlis Eorpach um Fhaireachán Praghsanna**<br>Aithníonn an Coimisiún an tábhacht a bhaineann leis na sonraí atá ar fáil maidir le forbairtí ar phraghais ag céimeanna éagsúla den slabhra bia a bhailiú agus a scaipeadh. Chun na críche sin, tá Uirlis Eorpach chun Faireachán a dhéanamh ar Phraghas an Bhia forbartha ag an gCoimisiún do Tháirgí Bia, atá bunaithe ar na comhshonraí maidir le hinnéacs praghais a bhaineann le bia ó na hOifigí Náisiúnta Staidrimh. Dírítear leis an uirlis seo ar fhorbairtí praghais a thabhairt le chéile agus a chur ar fáil ar fud shlabhra an bhia agus ceadaítear léi comparáid a dhéanamh ar fhorbairtí praghais i gcás táirgí ábhartha talmhaíochta, i gcás tionscal bia agus i gcás táirgí ábhartha tomhaltóra. Táthar ag cur feabhais ar an uirlis seo de shíor agus díreofar ar an réimse táirgí ó shlabhra an bhia a chuimsítear leis a fhairsingiú agus go ginearálta ar riachtanas na bhfeirmeoirí agus na dtomaltóirí maidir le tuilleadh trédhearcachta agus tógáil phraghas an bhia a chomhlíonadh. Tuairisceoidh an Coimisiún go rialta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le gníomhaíochtaí na hUirlise Eorpaí um Fhaireachán Praghsanna agus maidir le torthaí na staidéar a bhaineann léi. |
| **Ráiteas ón gCoimisiún maidir le clásal na neamh-thuairime**<br>Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfuil sé contrártha le teachtaireacht agus le spiorad Rialachán 182/2011 (OJ L 55 an 28.2.2011, lch. 13), pointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 5(4) a agairt ar mhodh córasach. Níor cheart dul i muinín na forála sin ach amháin má tá gá sonrach ann imeacht ón riail láimhe, is é sin go bhféadfaidh an Coimisiún dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh mura dtabharfar aon tuairim. Toisc gurb eisceacht é ón riail ghinearálta a bunaíodh le hAirteagal 5 (4), ní féidir glacadh le dul i muinín phointe (b) den dara fomhír mar "cumhacht lánroghnach" an reachtóra, agus ní mór ciall a bhaint as ar bhealach sriantach agus, mar sin, bonn cirt a bheith leis. |
| **Ráiteas ón gComhairle maidir le fo-mhír 2 de phointe b) d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 maidir le Nós Imeachta Coiste**<br>Dearbhaíonn an Chomhairle an athuair, ag féachaint don ráiteas ón gCoimisiún maidir le clásal na neamhthuairime, nach eisceacht don riail ghinearálta é pointe b) d'fhomhír 2 d'Airteagal 5(4) de Rialachán 182/2011 maidir le Nós Imeachta Coiste agus nach raibh sé le bheith ina eisceacht di. Is faoin reachtas atá sé, sa bhunghníomh agus i bhfianaise gnéithe sonracha gach cáis, cinneadh a dhéanamh an mbainfear leas as an rogha a chuirtear ar fáil le pointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 5(4), rud a fhágann go bhfuil cosc ar an gCoimisiún dréachtghníomh reachtach a ghlacadh in éagmais tuairime ón gcoiste. Ní chuirfear teorann ar úsáid na rogha seo le haon bhreithnithe dlíthiúla. Murab ionann agus forálacha eile den Rialachán maidir le Nós Imeachta Coiste, ní theastaíonn aon bhonn cirt ar leith don rogha sin. |

| |
|---|
| **Ráitis ón Iodáil**<br>Measann an Iodáil go gceadaítear leis an téacs a luaitear i mír 2 d'Airteagal 113 (e) de Rialachán CEM go bhféadfaí an comhairliúchán don chomhaontú idir an dá pháirtí a thabhairt i gcrích le hionadaithe do tháirgeoirí muc chomh maith.'<br>'Measann an Iodáil nach gcuirfear táirgeoirí fíona as an áireamh leis na forálacha a leagtar amach in Airteagal 45(1)(a) den Rialachán maidir le CEM Aonair ó na forálacha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh 3/2008. |
| **Ráiteas ón nGréig maidir le cearta um plandú**<br>Tar éis an phlé a bhí ann sa chomhairle maidir le scéim AE um phlandú fíonghort, measann an Ghréig gur féidir leis na Ballstáit, fíonghoirt atá plandaithe cheana le héagsúlachtaí finiúna faoi dhó nó faoi thrí nach bhfuil san áireamh, go dtí seo, in acmhainneacht táirgiúlachta na hearnála fíonghort, a chur san áireamh sna húdaruithe bliantúla um phlandú de réir Airteagal 62, Airteagal 63 agus Airteagal 64, ar an leibhéal réigiúnach. |
| **Ráiteas ón bPolainn maidir le comhdheiseanna i ndáil le tacaíocht d'earnáil na leannlusanna faoi chomheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta**<br>Faoin bplé a bhí ann sa Chomhairle um Thalmhaíocht agus um Iascach, tá an Pholainn tar éis é a chur in iúl go bhfuil gá le coinníollacha cothroma chun tacú le hearnáil na leanlusanna faoi bhearta dá bhforáiltear sa dréachtrialachán maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta. Ní ghlacann an Pholainn leis na forálacha sin ar féidir iad a chur i bhfeidhm i mBallstát amháin, agus sin amháin, lena gcruthófar ar an gcaoi seo dálaí iomaíochais nach bhfuil cothrom. Measann an Pholainn gur cheart go mbeadh tacaíocht ann do tháirgeoirí leanlusanna na Polainne freisin leis an réiteach sin. |
| **Ráiteas ón nGearmáin**<br>Is díol sásaimh don Ghearmáin ar bhealaí áirithe na torthaí a fuarthas faoin treo a bheidh ag an gComhbheartas Talmhaíochta tar éis 2013. Tá an tAontas Eorpach ag freagairt ar na dúshláin dá bhrí sin atá i ndán don earnáil talmhaíochta san Eoraip sna blianta atá amach romhainn.<br>Ar na cúiseanna a leanas, <u>ní féidir</u> leis an nGearmáin <u>tacú</u> le roinnt de na rialacháin atá beartaithe maidir le Comheagrú an Mhargaidh amach anseo:<br>=Faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Airt. 43 (3) CFAE), glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún Eorpach, bearta maidir le socrú praghsanna, tobhaigh, cabhair agus srianta cainníochtaithe. Tá sé de chúram ar an gComhairle, agus uirthi amháin, na rialacha sin a leagan síos.<br>=Measann an Ghearmáin nach bhfuil sé inghlactha go n-imeofaí ó shannadh soiléir conarthach na gcúraimí idir institiúidí AE.<br>=Ar chúiseanna ginearálta a bhaineann le dlí an Chomhphobail freisin, ní féidir linn sárú den sórt sin ar an dlí príomha ós rud é go leagfaí síos fasach leis sin imeacht ó chumhacht a roinnt i réimsí eile beartais.<br>Dá bhrí sin diúltaíonn an Ghearmáin an Rialachán atá tíolactha maidir le Comheagrú an Mhargaidh. |

<table>
<tr><td>Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 487-548</td><td>PE-CONS 93/13</td><td>Tromlach cáilithe</td><td>Na Ballstáit uile<br>i bhfabhar seachas:<br>Ag staonadh: CZ</td></tr>
<tr><td colspan="4">Ráiteas ón Iodáil<br>Tugann an Iodáil dá haire nár tugadh aon aird ar an gcomhaontú a bunaíodh i Mí an Mheithimh seo caite sa Chomhairle, le linn phróiseas na caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa maidir le hathbhreithniú CBT, i ndáil leis an uasráta tacaíochta le haghaidh caiteachais árachais a mhéadú ó 65% go 75% i gcomhréir le hAirteagal 37 mír 5 den Rialachán maidir le Forbairt Tuaithe, agus is oth leis an Iodáil é sin.<br>Ba é an aidhm a bhí leis an togra céatadáin éagsúla de leibhéil chabhrach nach bhfuil aonfhoirmeach faoi láthair a chomhchuibhiú, ag brath ar na hionstraimí airgeadais a d'fhéadfaí a ghníomhachtú.<br>Táthar ag súil leis, dá bhrí sin, go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin go luath le linn na gcéad tionscnamh dlí eile a bhaineann le hathchóiriú ar an gComhbheartas Talmhaíochta.</td></tr>
<tr><td colspan="4">Ráiteas ón Ostair maidir le hAirteagal 32(4)<br>Cuireann an Ostair in iúl go saineoidh na Ballstáit na srianta sonracha a chuirfear i bhfeidhm maidir le teorannú áiteanna i gcomhréir le hAirteagal 32(4) de Rialachán CETFT.</td></tr>
<tr><td>Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh 352/78, Rialachán (CEE) Uimh 165/94, (EC) Rialachán (CEE) Uimh 2799/98, Rialachán (CEE) Uimh 814/2000, (Rialachán (CEE) Uimh EC) No 1290/2005 agus Rialachán (CEE) Uimh 485/2008<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 549-607</td><td>PE-CONS 94/13</td><td>Tromlach cáilithe</td><td>Na Ballstáit uile<br>i bhfabhar</td></tr>
</table>

| |
|---|
| **Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cros-chomhlíonadh**<br>Iarrann an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar thrasuí agus ar chur chun feidhme ag na Ballstáit Threoir 2000/60/CE an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce agus Threoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach agus, i gcás inarb iomchuí, nuair a chuirfear na Treoracha sin chun feidhme sna Ballstáit uile agus nuair a shainaithneofar na hoibleagáidí sin is infheidhme go díreach maidir le feirmeoirí, iarann siad air togra reachtach a thíolacadh chun codanna ábhartha na dTreoracha sin a áireamh i gcóras an tras-chomhlíonta. |
| **Ráiteas ón gComhairle maidir le fo-mhír 2 de phointe b) d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 maidir le Nós Imeachta Coiste**<br>Dearbhaíonn an Chomhairle an athuair, ag féachaint don ráiteas ón gCoimisiún maidir le clásal na neamhthuairime, nach eisceacht don riail ghinearálta é pointe b) d'fhomhír 2 d'Airteagal 5(4) de Rialachán 182/2011 maidir le Nós Imeachta Coiste agus nach raibh sé le bheith ina eisceacht di. Is faoin reachtas atá sé, sa bhunghníomh agus i bhfianaise gnéithe sonracha gach cáis, cinneadh a dhéanamh an mbainfear leas as an rogha a chuirtear ar fáil le pointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 5(4), rud a fhágann go bhfuil cosc ar an gCoimisiún dréachtghníomh reachtach a ghlacadh in éagmais tuairime ón gcoiste. Ní chuirfear teorann ar úsáid na rogha seo le haon bhreithnithe dlíthiúla. Murab ionann agus forálacha eile den Rialachán maidir le Nós Imeachta Coiste, ní theastaíonn aon bhonn cirt ar leith don rogha sin. |
| **Ráitis ón gCoimisiún maidir le clásal na neamh-thuairime**<br>Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfuil sé contrártha le teachtaireacht agus le spiorad Rialachán 182/2011 (OJ L 55 an 28.2.2011, lch. 13), pointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 5(4) a agairt ar mhodh córasach. Níor cheart dul i muinín na forála sin ach amháin má tá gá sonrach ann imeacht ón riail láimhe, is é sin go bhféadfaidh an Coimisiún dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh mura dtabharfar aon tuairim. Toisc gurb eisceacht é ón riail ghinearálta a bunaíodh le hAirteagal 5 (4), ní féidir glacadh le dul i muinín phointe (b) den dara fomhír mar "cumhacht lánroghnach" an reachtóra, agus ní mór ciall a bhaint as ar bhealach sriantach agus, mar sin, bonn cirt a bheith leis. |

<table>
<tr><td colspan="4">Ráitis ón gCoimisiún maidir le híocaíochtaí déanacha a dhéanann gníomhaireachtaí íocaíochta do thairbhithe (Airteagal 40)<br>Dearbhaíonn an Coimisiún Eorpach go gcoimeádfar, nuair a ghlacfaidh sé rialacha maidir le haisíocaíocht do ghníomhaíochtaí íocaíochta a laghdú i gcás íocaíochta a dhéantar do na tairbhithe tar éis an dáta is déanaí is féidir a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais, raon feidhme na bhforálacha reatha a bhaineann le híocaíochtaí déanacha le haghaidh CERT.</td></tr>
<tr><td colspan="4">Ráitis ón gCoimisiún maidir leis an leibhéal cur chun feidhme (Airteagal 118)<br>Dearbhaíonn an Coimisiún Eorpach go ndéanann an tAontas, i gcomhréir le hAirteagal 4(2) CAE, struchtúir bhunreachtúla na mBallstát a urramú agus, dá bhrí sin, go bhfuil na Ballstáit freagrach as cinneadh a dhéanamh faoin leibhéal críochach sin ina bhfuil siad ag iarraidh an comhbheartas talmhaíochta a chur chun feidhme, faoi réir dlí an Aontais a urramú agus a éifeachtacht a áirithiú. Tá an prionsabal sin infheidhme maidir leis na ceithre Rialachán den athchóiriú ar CBT.</td></tr>
<tr><td>Rialachán (AE) Uimh 1310/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hacmhainní agus a ndáileadh i dtaca leis an mbliain 2014 agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir lena gcur i bhfeidhm sa bhliain 2014<br><br>IO L 347, 20/12/2013, lch 865-883</td><td>PE-CONS 103/13</td><td>Tromlach cáilithe</td><td>Na Ballstáit uile<br>i bhfabhar</td></tr>
<tr><td colspan="4">Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis an bhforbairt tuaithe<br>Dearbhaíonn an Coimisiún go gcomhoibreoidh sé go héifeachach leis na Ballstáit agus na cláir nua forbartha tuaithe á n-ullmhú agus á bhformheas chun a áirithiú go mbeidh aistriú rianúil ann chuig tréimhse nua an chlársceidealaithe i leith na mbeart sin freisin nach gcumhdaítear in Airteagal 1 den Rialachán Idirthréimhseach.<br>Molann an Coimisiún do na Ballstáit sin a bhainfidh leas as an deis faoi Airteagal 1 den Rialachán Idirthréimhseach chun ceangaltais nua dlíthiúla a ghabháil de láimh d'oibríochtaí uisciúcháin, na ceangaltais sin a ghabháil de láimh agus na coinníollacha á gcomhlíonadh acu a leagtar amach do na hoibríochtaí sin in Airteagal 46(3) de Rialachán nua na Forbartha Tuaithe don tréimhse chlársceidealaithe 2014-2020.</td></tr>
</table>

| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
|---|---|
| GNÍOMH | DOICIMÉAD / RÁITIS |
| Rialachán ón gComhairle (AE) Uimh. 1370/2013 an 16 Nollaig 2013 lena gcinntear bearta maidir le cabhair agus aisíocaíochtaí áirithe a shocrú a bhaineann le comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta<br>IO L 346, 20/12/2013, lch 12-19 | 15173/13 + COR 1 |
| **Ráitis ón gCoimisiún**<br>Measann an Coimisiún, ós rud é gur faoi Airteagal 138 den Rialachán maidir le CEM Aonair a thagann ath-chionroinnt na gcuótaí siúcra, gur cheart go dtiocfadh leasú na gcuótaí sin faoi chomh maith.<br>Deimhníonn an Coimisiún go bhfuil intinn aige, i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar scéimeanna torthaí scoile agus bhainne scoile, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcúnamh a thugtar i leith na gcostas a bhaineann le dáileadh an bhainne agus ar chomhchistiú na gcostas torthaí scoile, lena n-áirítear sna hoileáin Aeigéacha is lú. | |
| 2014/5/AE: Cinneadh ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh atá i bhfeidhm idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal<br>IO L 4, 09/01/2014, lch 1-2 | 16647/13 |
| Rialachán (AE) Uimh. 11/2014 ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta faoin bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh atá i bhfeidhm idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal<br>IO L 4, 09/01/2014, lch 38-39 | 16650/13 |

| | |
|---|---|
| Cinneadh ón gComhairle maidir leis an bPrótacal a comhaontaíodh idir an tAontas Eorpach agus Aontas Oileáin Chomóra a shíniú ar son an Aontais Eorpaigh agus maidir leis an bPrótacal sin a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, ar cinneadh é lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpáirtíochta Iascaigh atá i bhfeidhm idir an dá pháirtí faoi láthair | 16126/13 |
| Rialachán ón gComhairle maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta faoin bPrótacal a comhaontaíodh idir an tAontas Eorpach agus Aontas Oileáin Chomóra lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh atá i bhfeidhm idir an dá pháirtí faoi láthair | 16129/13 |
| Moladh le haghaidh Cinnidh ón gComhairle chun údarú a thabhairt maidir le caibidlíocht a thionscnamh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seineagáile do Chomhaontú agus do Phrótacal Comhpháirtíochta Iascaigh | 17045/13 |
| Rialachán (AE) Uimh. 1389/2013 ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1258/2012 ón gComhairle maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta faoin bPrótacal a comhaontaíodh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Madagascar ar Rialachán é lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh atá i bhfeidhm idir an dá pháirtí faoi láthair<br>IO L 349, 21/12/2013, lch 24-25 | 15853/13 |
| 2013/785/AE: Cinneadh ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail a comhaontaíodh idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh atá i bhfeidhm idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó<br>IO L 349, 21/12/2013, lch 1-3 | 14165/13 |

**Ráiteas ón Danmhairg**

Leagann an Danmhairg béim ar a thábhachtaí atá ranníocaíocht AE maidir le caomhnú acmhainní agus inbhuanaitheacht an chomhshaoil trí acmhainní farasbairr agus iad sin amháin a iascach agus trí ró-iascach stoc a chosc faoi chuimsiú na gcomhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh. Meabhraíonn an Danmhairg na treoracha caibidlíochta a leagtar amach sa chinneadh ón gComhairle an 14 Feabhra 2012 sainordú a thabhairt don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht ar phrótacal nua a ghabhfaidh leis an gComhaontú comhpháirtíochta iascaigh le Maracó.

Meastar don Danmhairg nach luaitear go soiléir i dtéacs an phrótacail go n-áiritheofaí go ndéanfar acmhainní iascaigh a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, agus go háirithe nach ndéanfar ach an farasbarr a iascach. Dá bhrí sin, tá an chuma air go bhfuil an bainistiú inbhuanaithe ag brath go huile agus go hiomlán ar bhainistiú iascach i Maracó, ar bhearta bainistithe réigiúnacha agus ar an gcomhar idir AE agus Maracó.

Cuireann an Danmhairg i dtreis freisin go gcaithfidh an tAontas urraim do chearta an duine agus urraim do phrionsabail an daonlathais a chur chun cinn tráth a mbeidh comhaontuithe déthaobhacha á gcaibidil aige. Mar sin féin, ní luaitear na gnéithe sin chomh soiléir céanna i bprótacal Mharacó agus a dhéantar i bprótacail eile iascaigh faoi chuimsiú na gcomhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh.

Tá sé ríthábhachtach go n-urramófaí an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear go rachadh acmhainní iascaigh chun tairbhe don phobal áitiúil, an Sahára Thiar san áireamh. Dar leis an Danmhairg, is ag brath ar údaráis Mharacó a bheifí an dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh agus cearta an duine a urramú tríd an bprótacal a chur chun feidhme ar bhealach nithiúil.

Ar na cúiseanna sin, tá an Danmhairg i gcoinne na dtograí maidir leis an bPrótacal nua a shíniú agus a thabhairt chun críche agus tá sí i gcoinne leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta.

**Ráiteas ón nGearmáin, ón Ostair agus ó Éirinn**

Meastar don Ghearmáin, don Ostair agus d'Éirinn gur ann do ghnéithe sna tograí maidir leis an bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh le Ríocht Mharacó a athnuachan, ar gnéithe iad a thugann aghaidh ar na hábhair imní a luadh roimhe seo.

Leagann an Ghearmáin, an Ostair agus Éire an-bhéim ar a thábhachtaí atá sé cearta an duine agus prionsabail an daonlathais a urramú de bhun Airt. 2 den Phrótacal.

I bprionsabal, is díol sásaimh don Ghearmáin, don Ostair agus d'Éirinn na forálacha a cuireadh isteach sa Phrótacal i dtaca leis na dualgais a bheidh ar Mharacó ó thaobh pleanála agus tuairiscithe de a mhéid a bhaineann sé le dáileadh na gcistí ar bhonn réigiúnach, go háirithe i dtaca leis na sochair eacnamaíochta agus sóisialta a bhfuil súil leo agus le dáileadh geografach na sochar sin.

Iarrann an Ghearmáin, an Ostair agus Éire ar an gCoimisiún eolas cuimsitheach a thabhairt go rialta don Chomhairle maidir leis na sochair a fhaigheann muintir an tSahára Thiar a bhuíochas don chomhaontú. Ní mór a áirithiú go dtabharfar bun iomchuí do mhuintir an tSahára Thiar sna hacmhainní airgeadais a eascróidh ón gcomhaontú, ar bun é a rachadh chun tairbhe dóibh.

Is é an chloch is mó ar a bpaidrín é ag an nGearmáin, ag an Ostair agus ag Éirinn gur ar bhealach inbhuanaithe a bhainfí leas as stoic éisc. Iarrann an Ghearmáin, an Ostair agus Éirinn ar an gCoimisiún a áirithiú, i dtaca le bainistiú inbhuanaithe, go ndéanfar seiceáil rialta ar stoic agus ar dheiseanna iascaireachta agus go gcuirfear torthaí na seiceálacha sin in iúl don Chomhairle dá réir.

Beidh síniú an Phrótacail gan dochar don seasamh atá ag AE le fada an lá maidir le stádas an tSahára Thiar. I bhfianaise air sin, agus ag féachaint do na deiseanna a dheonaítear faoi Airt. 8 den Phrótacal, meastar don Ghearmáin, don Ostair agus d'Éirinn go bhfuil sé inghlactha an Prótacal a shíniú.

**Ráiteas ón bhFionlainn**

Ag féachaint don Togra le haghaidh Cinntí ón gComhairle maidir leis an Prótacal idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó a shíniú agus a thabhairt chun críche, thar ceann an Aontais Eorpaigh, ar prótacal é lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh atá i bhfeidhm idir an dá Pháirtí agus maidir leis an Rialachán ón gComhairle maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta, ní féidir leis an bhFionlainn tacú leis na Cinntí ón gComhairle ná leis an Rialachán, agus dá bhrí sin staonann sí.

I gcomhréir le prionsabail an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an ceart féinchinntiúcháin, buancheannasacht ar acmhainní nádúrtha agus cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint, cuireann an Fhionlainn i bhfios go láidir go bhfuil gá le leas agus tuairimí mhuintir an tSahára Thiar a chur san áireamh. Ba cheart go rachadh na sochair eacnamaíochta a eascróidh as cur chun feidhme an Phrótacail chun tairbhe do mhuintir an tSahára Thiar.

Meastar don Fhionlainn go bhfuil sé ríthábhachtach go gcuirfidh an Coimisiún Eorpach tuarascálacha cuimsitheacha ar fáil go rialta do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh maidir le cur chun feidhme an Phrótacail. Chuige sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thionscadail a roghnaíonn an Coiste Comhpháirteach agus ar na sochair a eascraíonn as na tionscadail sin sa Sahára Thiar.

**Ráiteas ón Ísiltír**
Tá measúnú déanta ag an Ísiltír ar an bprótacal nua iascaigh idir AE agus Ríocht Mharacó bunaithe ar thrí chritéar: an dlí idirnáisiúnta a chomlíonadh maidir le deiseanna iascaireachta faoin prótacal in uiscí chríoch neamh-fhéinrialaithe an tSahára Thiar, inbhuanaitheacht agus brabúsacht eacnamaíoch.
**Dlí Idirnáisiúnta**
Ní thagraíonn an prótacal go neamhbhalbh don Sahára Thiar, ach ceadaítear go gcuirfí i bhfeidhm é i gceantair mhuirí in aice leis an Sahára Thiar nach dtagann faoi cheannas ná faoi dhlínse Mharacó. Ní fhéadfaidh Maracó, ós é cumhacht riaracháin an tSahára Thiar é, neamhaird a dhéanamh ar leasanna agus ar mhianta mhuintir an tSahára Thiar, agus an prótacal á chur i bhfeidhm aige sna ceantair mhuirí sin. Tugann an Ísiltír dá haire nach bhfuil aon fhoráil sa phrotacal lena n-áirítear go n-úsáidfidh údaráis Mharacó an tsuim a íocadh le haghaidh rochtana ar an acmhainn i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta mar atá dlite do mhuintir an tSahára Thiar. Measann an Ísiltír gur cheart, faoin dlí idirnáisiúnta, gur cheart go ngabhfadh cion comhréireach den tsuim sin chun leas mhuintir an tSahára Thiar. Beidh comhlíonadh an dlí idirnáisiúnta ag brath, mar sin, ar chur chun feidhme an phrótacail ag údaráis Mharacó.
**Inbhuanaitheacht**
Is díol sásaimh don Ísiltír an tsolúbthacht maidir leis na deiseanna iascaireacht agus an cúiteamh airgeadais a leasú. Bunaítear le hAirteagal 3 den doiciméad ról na Comhairle sa nós imeachta sin go soiléir. Ceistíonn an Ísiltír, áfach, méadú reatha sna deiseanna iascaireachta don earnáil pheiligeach i bhfianaise na comhairle eolaíche atá ar fáil.
**Brabúsacht Eacnamaíocht**
Measann an Ísiltír gurb ionann an catagóir peiligeach agus ochtó faoin gcéad de luach an phrótacail. Maidir leis sin tá imní ar an Ísiltír nach dtapófar na deiseanna iascaireachta a mhéid is féidir de bharr na leasuithe ar choinníollacha teicniúla don earnáil pheiligeach AE.
Tá an Ísiltír den tuairim go ginearálta go bhféadfadh iascach faoi chuimsiú comhaontú comhpháirtíochta ráthúnas níos fearr a sholáthar don inbhuanaitheacht ná mar a dhéanfadh comhaontuithe príomháideacha. Thairis sin, agus an méid sin thuas á chur san áireamh, staonfaidh an Ísiltír ón vótáil maidir leis an gcinneadh ón gComhairle agus maidir leis an bprótacal a shíniú agus a thabhairt chun críche.

**Ráiteas ón tSualainn**
**Mínithe ar vótáil**

Tá comhréireacht chomhaontú chomhpháirtíochta iascaigh AE le Maracó leis an dlí idirnáisiúnta á ceistiú ag an tSualainn le fada an lá. Os rud é nach críoch de chuid Mharacó an Sahára Thiar, ceanglaíonn an dlí idirnáisiúnta gur cheart go n-úsáidfí a acmhainní iascaigh chun leas mhuintir Sahrawi sa Sahára Thiar agus i gcomhréir lena leasanna agus lena mianta siúd.

Tugann an tSualainn dá haire iarrachtaí an Choimisiúin agus Mharacó leithdháileadh níos fearr ar ioncam ar fhaightear ón gcomhaontú laistigh den réigiún a ráthú. In ainneoin roinnt dul chun cinn sa treo ceart, is é tuairim na Sualainne nach leor na hathruithe a rinneadh chun a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta maidir le muintir Sahrawi sa Sahára Thiar.

Is é an measúnú foriomlán seo an chúis nach bhféadfaidh an tSualainn tacú leis an bprótacal don chomhaontú comhpháirtíochta iascaigh agus vótáilfidh sí i gcoinne gach ceann de na trí thograí a bhaineann leis an bprótacal nua, i. na tograí maidir leis an prótacal nua a shíniú agus a thabhairt chun críche agus maidir le deiseanna iascaireachta a leithdháileadh.

**Ráiteas ón Ríocht Aontaithe**

Sainaithníonn an Ríocht Aontaithe an dul chinn cinn atá déanta maidir leis na réimsí imní ó bhí sainordú caibidlíochta 2011 ann chun an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh a shíneadh le Maracó. Cuimsítear ansin comhaontú idir an tAontas Eorpach agus údaráis Mharacó maidir le ceanglas nua tuarascáil a chur ar fáil i dtaca le tionchar geografach an phrótacail. Ag aithint di gur céimeanna iad sin sa treo ceart, is ábhar imní é don Ríocht Aontaithe an prótacal seo fós a mhéid a bhaineann le luach airgid agus inbhuanaitheacht na stoc a bheirfear.

Ina theannta sin, creideann an Ríocht Aontaithe gur cheart go soiléireofaí sa phrotacal oibleagáidí Mharacó, lena n-áirítear go mbainfeadh muintir an tSahára Thiar an leas is iomchuí as an bprótacal seo. Staonfaidh an Ríocht Aontaithe, mar sin, ón vótáil ar na cinntí an Prótacal seo a shíniú agus a thabhairt chun críche os rud é nár ceansaíodh a himní go hiomlán.

<table>
<tr><td colspan="2">Ráiteas ón gCoimisiún<br>Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir go mbeidh toil Pharlaimint na hEorpa ina ceangal i gcás ar bith chun an Prótacal nua Iascaireachta le Maracó a thabhairt chun críche agus, ar an mbonn sin, ba iomchuí an bunús cruinn ábhartha dlí d'Airteagal 43(2) CFAE mar a bhí molta aige i gcomhar le bunús nós imeachta dlí Airteagal 218(6)(a) agus (7) CFAE.<br>Fairis sin, d'fhonn tabhairt chun críche an Phrótacal nua atá ar intinn a éascú i gcás seo na práinne, ní chuirfeadh an Coimisiún i gcoinne comhréitigh ón Uachtaránacht tríd an mbunús dlí a athrú ó "Athrú 43 CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) agus (7) CFAE" leis an nós imeachta céanna um thoiliú le cur i bhfeidhm. Ní bheidh sin ina fhasach i gcás ar bith.</td></tr>
<tr><td>Rialacháin Uimh 1314/2013 ón gComhairle (Euratom) 16 Nollaig 2013 maidir le Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (2014-2018) lena gcomhlánaítear Horizon 2020 - An Chreatchlár um Thaighde agus Nuálaíocht<br>IO L 347, 20/12/2013, lch 948-964</td><td>16463/13 + COR 1</td></tr>
<tr><td colspan="2">Ráiteas ó Lucsamburg<br>Aithníonn Lucsamburg an tábhacht a bhaineann le Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (2014-2018) lena gcomhlánaítear Creatchlár Horizon 2020 um Thaighde agus Nuálaíocht, chomh maith leis an ngá atá ann tuilleadh béime a leagan ar shábháilteacht núicléach, lena gcuirfear le haistriú sa tsábháilteacht núicléach. Is díol sásaimh do Lucsamburg, mar sin, an téacs comhréitigh, cé go gcoimeádann sé a mheoin cháinteach i leith taighde núicleach go ginearálta.<br>Cuireann Lucasamburg i bfios go láidir, áfach, gur cheart amach anseo go gcuirfí maoiniú Eorpach don taighde agus don oiliúint i dtreo an fhuinnimh in-athnuaite.<br>Os rud é nach nglactar an chéad chéim i dtreo an fhuinnimh in-athnuaite le Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (2014-2018), ní fhéadfaidh Lucsamburg glacadh leis ar an iomlán, agus dá bharr sin staonfaidh sé ón vótáil.</td></tr>
</table>

<table>
<tr><td colspan="2">Ráiteas ón nGearmáin<br>Aontaíonn an Ghearmáin leis an togra d'fhonn an cás a sheachaint go mblocálfaí cinneadh maidir leis an togra ón Uachtaránacht. Déantar na riachtanais bhreise sa bhuiséid a mheas sa togra ón Uachtaránacht, ach creideann an Ghearmáin gur cheart tosaíochtaí a ualú ar bhealach éagsúil i bhfianaise na mbeart a glacadh in 2011 i ndiaidh Fukushima. Sa dréacht-Rialachán reatha ní leagtar tosaíocht leordhóthanach ar thaighde ar shábháilteacht núicléach agus ar chosaint radaíochta, rud atá riachtanach d'fhonn sábháilteacht agus cosaint radaíochta a fheabhsú i gcónaí.</td></tr>
<tr><td colspan="2">Ráiteas ón gCoimisiún<br>Is oth leis an gCoimisiún nár choimeád an Chomhairle an dáileadh buiséid idir trí ghné chlár Euratom, mar a tugadh le fios i dtogra ón gCoimisiún an 30 Samhain 2011.<br>Is oth leis an gCoimisiún go háirithe gur cionnroinnt níos ísle den dáileadh a shainítear sa téacs ón gComhairle do ghníomhaíochtaí díreacha le hais mar a bhí sa togra ón gCoimisiún a raibh a rún reachtach a ghlac PE an 19/11/2013 mar thaca leis.<br>Is tosaíochtaí tábhachtacha de bheartas fuinnimh an Aontais Eorpaigh iad sábháilteacht agus slándáil núicléach. Cuireann an taighde díreach le réitigh sábháilteachta agus slándála a bheidh comhaontaithe go comhpháirteach a shainmhíniú. Tá an costas a bhaineann leis an mbonneagar Euratom a chothabháil a éascaíonn an taighde seo ag dul i méid de bharr ceanglas teicniúil níos déine a shainíonn na húdaráis náisiúnta faireacháin. Tá sé tábhachtach mar sin creat leordhóthanach airgeadais don taighde díreach a choinneáil.</td></tr>
<tr><td>2013/792/AE: Cinneadh ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 maidir le malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí dachtalascópacha san Fhionlainn<br>IO L 349, 21/12/2013, lch 103-103</td><td>17056/13</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh 1371/2013 ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 lena síntear an dleacht cinntitheach frithdhumpála a forchuireadh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh 791/2011 maidir le hallmhairí fabraic áirithe oscailte snáithíníghloine mogalra de thionscnamh na Síne go hallmhairí fabraic áirithe oscailte snáithíníghloine mogalra a fhaightear ón India agus ón Indinéis, bíodh nó ná bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise iad<br>IO L 346, 20/12/2013, lch 20-26 | 17074/13 |
| Cinneadh ón gComhairle maidir le Comhaontuithe a shíniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Comhlathas na hAstráile, Poblacht Cónaidhmeach na Brasaíle, Ceanada, Sainréigiún Riaracháin Hong Cong de Dhaonphoblacht na Síne, Poblacht na hIndia agus an tSeapáin de bhun Airteagal XXI den Chomhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS) 1994 maidir le modhnuithe gealltanas i sceidil Phoblacht na Bulgáire agus na Romáine le linn a n-aontachais leis an Aontas Eorpach | 14720/13 |
| Conclúidí ón gComhairle maidir le caidreamh AE le Prionsacht Andóra, le Prionsacht Mhonacó agus le Poblacht San Mairíne | 16075/13 |

| **An 3286ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (GNÓTHAÍ GINEARÁLTA) a tionóladh sa Bhruiséil an 16 Nollaig 2013** | |
|---|---|
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD / RÁITIS |
| Seasamh ón Aontas Eorpach maidir leis an aonú cruinniú déag den Chomhairle Comhlachais (An Bhruiséil, an 16 Nollaig 2013) | 17567/13 |
| | |
| Cinneadh 2013/768/CFSP ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 maidir le gníomhaíochtaí AE lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm<br>IO L 341, 18/12/2013, lch 56-67 | 16917/13 |
| Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh chun an Comhaontú idir an Astráil agus an tAontas Eorpach a leasú maidir le slándáil faisnéise rangaithe | 16920/13 |
| Conclúidí ón gComhairle maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC) agus Réigiún Mór-Lochanna na hAfraice | 17251/13 |
| Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Liobáin | 17804/13 |
| Conclúidí ón gComhairle maidir le Poblacht na hAfraice Láir | 17835/13 |
| Conclúidí ón gComhairle maidir le Próiseas Síochána an Mheánoirthir | 17817/13 |
| Conclúidí ón gComhairle maidir le Maenmar/Burma | 17295/13 |

| **An 3287ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (GNÓTHAÍ GINEARÁLTA) a tionóladh sa Bhruiséil an 17 Nollaig 2013** | | | |
|---|---|---|---|
| GNÍOMHARTHA REACHTACHA | | | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD | RIAIL VÓTÁLA | VÓTAÍ |
| Treoir 2013/61/AE ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leasaítear Treoracha 2006/112/CE agus 2008/118/CE maidir leis na réigiúin Fhrancacha is forimeallaí agus Mayotte go háirithe<br>IO L 353, 28/12/2013, lch 5-6 | 16766/13 | Aontoilíocht | Na Ballstáit uile i bhfabhar |
| Treoir 2010/18/AE ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leasaítear Treoir 2010/18/AE lena ndéantar an Comhaontú Réime athbhreithnithe um shaoire do thuismitheoirí a thug BUSINESSEUROPE, UEAPME, CEEP agus CEC chun críche a chur chun feidhme, i ndiaidh leasaithe ar stádas Mayotte maidir leis an Aontas Eorpach<br>IO L 353, 28/12/2013, lch 7-7 | 16663/13 | Aontoilíocht | Na Ballstáit uile i bhfabhar |
| Rialachán (AE) Uimh. 1385/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 850/98 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, i ndiaidh leasaithe ar stádas Mayotte maidir leis an Aontas Eorpach<br>IO L 354, 28/12/2013, lch 86-89 | 16664/13 | Aontoilíocht | Na Ballstáit uile i bhfabhar |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Treoir 2013/64/AE ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leasaítear Treoir 91/271/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/74/CE ón gComhairle, agus Treoir 2000/60/CE agus Treoir 2006/7/CE agus Treoir 2006/25/CE agus Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, i ndiaidh leasaithe ar stádas Mayotte maidir leis an Aontas Eorpach<br>IO L 353, 28/12/2013, lch 8-12 | 16665/13 | Aontoilíocht | Na Ballstáit uile i bhfabhar |
| Cinneadh Uimh 1413/2013/AE ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leasaítear Cinneadh 2002/546/CE maidir lena thréimhse cur i bhfeidhm<br>IO L 353, 28/12/2013, lch 13-14 | 16835/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar |
| Rialachán (AE) Uimh 1412/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena n-osclófar riarachán taraifchuótaí áirithe féinrialaithe Aontais agus lena bhforálfar dó i gcás táirgí áirithe iascaigh isteach sna hOileáin Chanáracha ó 2014 go 2020<br>IO L 353, 28/12/2013, lch 1-4 | 16672/13 | Tromlach cáilithe | Na Ballstáit uile i bhfabhar |

GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA

| GNÍOMH | DOICIMÉAD / RÁITIS |
|---|---|
| 2013/805/AE: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena n-údaraítear do Phoblacht na Polainne bearta a thabhairt de mhaolú ar phointe (a) d'Airteagal 26(1) agus Airteagal 168 de Threoir 2206/112/CE maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha<br>IO L 353, 28/12/2013, lch 51-52 | 17041/13 |
| Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 5/2013: Cistí AE an Bheartais Chomhtháthaithe a caitheadh ar bhóithre - ar caiteachas stuama é? | 17691/13 |

| | |
|---|---|
| 2013/811/AE: Cinneadh ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 lena gcinntear i dtaca le hArdrúnaíocht na Comhairle an t-údarás ceapacháin agus an t-údarás a bhfuil an chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt chun críche agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/444/AE<br>IO L 355, 31/12/2013, lch 91-91/ | 17690/13 |
| Rialachán (AE) Uimh 1417/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos foirm an laissez-passer a eisíonn an tAontas Eorpach<br>IO L 353, 28/12/2013, lch 26-39 | 16225/13 + COR 1 |
| Rialachán (AE) Uimh 1415/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013, lena gcoigeartaítear, ón 1 Iúil 2013, an ráta ranníocaíochta leis an scéim pinsin d'oifigigh agus do sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh<br>IO L 353, 28/12/2013, lch 23-23 | 16217/13 |
| **Ráiteas ón gCoimisiún**<br>I bhfianaise na mbreitheanna a tugadh le déanaí agus a bheidh ann amach anseo sna cásanna maidir le coigeartuithe ar thuarastail agus ar phinsin fhoireann AE agus an cás maidir le coigeartú 2011 ar an ráta ranníocaíochta i scéim pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá tuilleadh beart a ghlacadh de bhun Airteagal 266 CFAE chun na breitheanna sin a chur chun feidhme. Maidir le tuarastail a choigeartú nó, do 2011, ráta ranníocaíochta a choigeartú, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá an ráta ráta ranníocaíochta i scéim pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais do 2012 agus do 2013 a ríomh athuair. I gcásanna den chineál sin, déanfaidh an Coimisiún a dhícheall chun a áirithiú go gcoimeádfar an scéim pinsin ar chomhardú achtúireach leis an ráta ranníocaíochta pinsin a chuirtear i bhfeidhm. Go háirithe chun na críche sin tíolacfaidh an Coimisiún don Chomhairle na bearta riachtanacha uile chun cur ar a cumas na rátaí ranníocaíochta a choigeartú do na blianta 2012 agus 2013 go dtí an leibhéal is gá chun go n-urramófar an comhardú achtúireach. | |

| | |
|---|---|
| Rialachán (AE) Uimh 1416/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013, lena gcoigeartaítear, ón 1 Iúil 2012, an ráta ranníocaíochta leis an scéim pinsin d'oifigigh agus do sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh<br>IO L 353, 28/12/2013, lch 24-25 | 16221/13 |
| **Ráiteas ón Danmhairg**<br>Vótálann an Danmhairg i gcoinne an togra. Thabharfadh an Danmhairg dá haire go bhfuil sí i gcoinne an mhodha chun luach saothair agus pinsin oifigigh AE a leasú i bprionsabal, i bhfianaise leibhéal ard na dtuarastal in institiúidí AE. | |
| Rialachán (AE) Uimh. 1414/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos na hualuithe is infheidhme ón 1 Iúil 2013 ar luach saothair oifigigh, fhoireann shealadach agus fhoireann chonarthach an Aontais Eorpaigh atá ag fónamh i dtríú tíortha<br>IO L 353, 28/12/2013, lch 15-22 | 16031/13 |
| Ghlac an Chomhairle cinneadh lena n-údaraítear caibidlíocht a thosú leis an Íoslainn i ndáil le comhaontú idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus an Íoslainn maidir le rannpháirtíocht na hÍoslainne i gcomhlíonadh comhpháirteach ghealltanais AE, a Bhallstát agus na hÍoslainne sa dara tréimhse ghealltanais de Phrótacal Kyoto do Coinbhinsiún Réime na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide | 17181/13 + ADD 1 |

| | |
|---|---|
| Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena n-osclaítear cuótaí taraife uathrialaigh de chuid an Aontais do tháirgí áirithe talmhaíochta agus tionsclaíocha agus lena bhforáiltear do bhainistiú na gcuótaí sin, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 7/2010<br>IO L 354, 28/12/2013, lch 319-325 | 16244/13<br>Na Ballstáit uile i bhfabhar |
| Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena n-osclaítear cuótaí taraife uathrialaigh de chuid an Aontais do tháirgí áirithe talmhaíochta agus tionsclaíocha agus lena bhforáiltear do bhainistiú na gcuótaí sin agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1344/2011<br>IO L 354, 28/12/2013, lch 201-318 | 16245/13<br>Na Ballstáit uile i bhfabhar |
| **Ráiteas ón bhFrainc**<br>Tacaíonn an Fhrainc le glacadh an Rialacháin ón gComhairle lena gcuirtear ar fionraí dleachtanna uathrialacha na Comhtharaife Custaim, is infheidhme ón 1 Eanáir 2014.<br>Is é cuspóir ghinearálta an chineál sin birt cabhrú le feabhas a chur ar acmhainn iomaíoch thionscal an Aontais agus poist a chosaintí nó a chruthú. D'earnálacha áirithe nach bhfuil cosanta ó éifeachtaí na géarchéime eacnamaíche, tá an beart sin ríthábhachtach ó thráth go chéile chun oibríochtaí a chothabháil.<br>Is mar sin atá sé d'earnáil an tsraithadhmaid sa Fhrainc, a bhain tairbhe as Córas na bhFabhar Ginearálaithe (GSP) a bhí infheidhme maidir leis an nGabúin, ar easpórtálaí adhmaid ghabúnaigh í, go dtí deireadh na bliana 2013.<br>Is dóchúil go gcuirfear cothromaíocht eacnamaíoch na gcuideachtaí lena mbaineann, atá freagrach as na mílte post, i gcontúirt, mar thoradh ar an méadú 6% i ndleachtanna custaim.<br>Chun go mbeidh na cuideachtaí sin in ann leanúint leis an táirgeadh, tíolacfaidh an Fhrainc iarraidh ar fionraí sa chéad Rialachán eile ón gComhairle is infheidhme ón 1 Iúil 2014, le héifeacht chúlghabhálach ón 1 Eanáir 2014.<br>Sa chomhairliúchán a rinne an Fhrainc maidir leis an tsaincheist sin, deimhnítear go bhfuil fionraí mar sin comhsheasmhach le leas an Aontais agus le ceanglais an tionscail, agus nach mbeidh droch-tionchar ar na Ballstáit eile dá gcuirfí san áireamh é sa dréacht-Rialachán. | |
| Conclúidí ón gComhairle maidir le hAthbhreithniú SEGS | 17973/13 |
| Conclúidí ón gComhairle maidir le méadú agus maidir leis an bpróiseas cobhsaíochta agus comhalchais | 17952/13 |

| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 26 Samhain 2013** | |
|---|---|
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD / RÁITIS |
| Cinneadh 2013/760/CBES ón gComhairle an 13 Nollaig 2013 maidir le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na hAfraice Láir<br>IO L 352, 24/12/2013, lch 51-52 | 17830/13 |